

# Treoiríníte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna



# Treoiríníte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna



## Cuid 1

# Cuid 1

# Brollach

Tá foilsíú na dTreoirínte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna mar thoradh ar chomhthionscadal a bhí ar bun ag an *Údarás Sláinte agus Sábháilteachta* agus ag *Ionad Oideachais Chill Chainnigh*.

Tá na *Treoirínte* bunaithe ar *Threoirínte ar Bhainistiocht Sábháilteachta agus Sláinte i Meánscoileanna*, foilseachán roimhe seo de chuid an *Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta*, i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát agus an Tionscnamh Pleanála le haghaidh Forbairt Scoile.


Forbraíodh na *Treoirínte* seo mar fhreagra ar éileamh ón earnáil oideachais ar threoir agus deimhniú maidir leis na hoibleagáidí agus freagrachtaí dlí atá leagtha ar na scoileanna. Ba é an t-éileamh seo, chomh maith leis an tuiscint go raibh gá le sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a bhainistiú, agus gur féidir leis an dá ní seo a bheith mar chuid dhílis de na próisis phleanála atá ann cheana ar leibhéal na scoile, ba iad seo a bhí mar bhunús leis an gcomhoibriú a tharla idir na páirtnéirí bainteacha.

Is uirlis bhainistíochta iad na *Treoirínte* chun treoir agus comhairle phraiticiúil a thabhairt do scoileanna, agus chun cabhrú leo timpeallacht shábháilte agus shláintiúil scoile don fhoireann, do na daltaí agus do chuiditheoirí a phleanáil, a eagrú agus a bhainistiú. Chomh maith leis sin, cabhróidh siad le scoileanna beartais agus cleachtais reatha a thagarmharcáil in aghaidh riachtanais reachtúla reatha. Ní chuireann siad aon fhreagracht bhreise ar scoileanna nach bhfuil ann cheana sa reachtaíocht.

Is cur chuige céim ar chéim í Cuid 1 de na *Treoirínte* chun córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa do bhunscoileanna a bhunú. Tá uirlisí agus teimpléid i gCuid 2 le tacú leis an scoil na córais seo a chur i bhfeidhm. Mar chuid lárnach den fhoireann uirlisí, tá sraith teimpléid mheasúnaithe riosca a chabhróidh go mór le riosca a laghdú i do scoilse ar bhealach praiticiúil.

Tá tairbhí móra ag baint le sábháilteacht, sláinte agus leas i scoileanna a bhainistiú go héifeachtach. Nuair a chuirtear córais mhaith i bhfeidhm chun timpistí, gortú agus drochshláinte foirne, daltaí agus cuairteoirí na scoile a chosc, feabhsaítear timpeallacht na scoile iomláine mar áit oibre agus foghlama.

Gabhaimid buíochas leis na daoine ar fad a ghlac páirt in ullmhú na *dTreoirínte*. Ba mhaith linn buíochas ar leith a ghabháil le hionadaithe na bpáirtnéirí oideachais as an obair ar fad a rinne siad, rud a chuir go mór le rath an phróisis chomhoibríthe i rith fhorbairt na *dTreoirínte* seo. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis na scoileanna a chabhraigh leis na *Treoirínte* a thriail agus a thug aiseolas fíorluachmhar dúinn le linn a bhforbartha. (Féach “Buíochas” ar leathanach 65, le do thoil.)



Martin O'Halloran  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin  
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta



Paul Fields  
Stiúrthóir  
Ionad Oideachais Chill  
Chainnigh



# Clár na nÁbhar

<b>Réamhrá</b>	<b>6</b>
Cé dóibh na Treoirí seo?	<b>8</b>
Buntéarmaí	<b>8</b>
Cén fáth a ndéantar sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú?	<b>10</b>
Cé atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas sna scoileanna?	<b>11</b>
Dualgais fostaithe/foirne ag an obair	<b>12</b>
<b>Sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú sna scoileanna</b>	<b>15</b>
Céard is córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ann?	<b>16</b>
<b>Céim 1: Beartas agus tiomantas</b>	<b>17</b>
<b>Céim 2: Pleanáil</b>	<b>18</b>
2.1 Struchtúr éifeachtach bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhunú	<b>19</b>
2.2 Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar chórais atá ann cheana	<b>21</b>
<b>Céim 3: Cur i bhfeidhm</b>	<b>22</b>
An ráiteas sábháilteachta a ullmhú	<b>23</b>
3.1 Beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa	<b>24</b>
3.2 Próifíl na scoile	<b>24</b>
3.3 Acmhainní le haghaidh na sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil	<b>24</b>
3.4 Róil agus freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas	<b>24</b>
3.5 Measúnú riosca	<b>28</b>
3.6 Nósanna imeachta éigeandála, sábháilteacht dóiteáin, garchabhair, timpistí agus tarluithe contúirteacha	<b>30</b>
3.7 Teagasc, oiliúint agus maoirseacht	<b>33</b>
3.8 Cumarsáid agus Comhairliúchán	<b>33</b>
<b>Céim 4: Ag tomhas feidhmíochta</b>	<b>35</b>
<b>Céim 5: Iniúchóireacht agus athbhreithniú</b>	<b>37</b>
<b>Ceisteanna Coitianta (CCanna)</b>	<b>39</b>
Reachtaíocht	<b>40</b>
Córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa	<b>42</b>
Pleanáil	<b>43</b>
Róil agus freagrachtaí	<b>44</b>
Ráiteas sábháilteachta agus measúnú riosca	<b>46</b>
Imscrúdú agus tuairisciú timpistí	<b>51</b>
Tuilleadh eolais agus tacaíocht	<b>53</b>
<b>Gluais</b>	<b>55</b>
<b>Foinsí Tagartha agus Ábhar Treorach</b>	<b>61</b>
<b>Buíochas</b>	<b>65</b>



Cé dóibh na Treoirlínte seo?

Buntéarmaí

Cén fáth a ndéantar sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú?

Cé atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas sna bunscoileanna?

Dualgais fostaithe/foirne agus iad ag obair



# Réamhrá

Tá na **Treoirlínte ar Bhainistiú Sábháilteacht, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna** (na *Treoirlínte*) ina ndoiciméad treorach agus ina bhfoireann uirlisí araon le cabhrú le scoileanna sábháilteacht, sláinte agus leasa a bhainistiú.

Is treoir í an acmhainn seo le cabhrú le scoileanna timpeallacht shábháilte scoile a phleanáil, a eagrú agus a bhainistiú don fhoireann, do dhaltaí agus do chuartheoirí.

Tá freagrachtaí ar dhaoine uile phobal na scoile as a sábháilteacht, sláinte agus leasa féin agus sábháilteacht, sláinte agus leasa daoine eile. Tá dualgas ar an scoil an fhoireann, daltaí agus cuairteoirí a chur ar an eolas faoi na freagrachtaí seo. Is é ceann de na bealaí is éifeachtaí chun a leithéid a dhéanamh ná an fhoireann agus na daltaí a chur san áireamh chun dúshláin sábháilteachta, sláinte agus leasa a shainaithint agus chun bealaí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm le díriú ar na dúshláin sin. Cuireann na *Treoirlínte* comhairle phraiticiúil ar fáil do scoileanna ar an gcaoi leis an bpróiseas seo a bhainistiú.

Is aonaid bheaga iad cuid mhaith bunscoileanna, agus iad faoi cheannas príomhoide a bhíonn ag múineadh. Seans nach mbeidh struchtúir agus próisis ilchasta phleanála cuí i scoil bheag. Faoi gach scoil atá sé an chomhairle sna Treoirlínte seo a oiriúnú leis an bhfreastal is fearr a dhéanamh ar a cás féin. D'fhéadfadh scoil na Treoirlínte a úsáid chun athbhreithniú agus feabhsú a dhéanamh ar a córais agus nósanna imeachta reatha seachas cinn nua a chur ina n-áit.

Ní leagann na Treoirlínte seo freagrachtaí breise ar bith ar scoileanna nach bhfuil sa reachtaíocht cheana, nó mar chuid de dhualgas cúraim dlí choitinn na scoile.

Is treoirlínte iad seo. Meicníochtaí lánroghnacha atá sonraithe iontu, seachas meicníochtaí forordaitheacha; is comhairle iad don bhord bainistíochta agus do shealbhóirí dualgais eile i scoil ar bhealaí lena n-oibleagáid dlí sábháilteacht, sláinte agus leasa a bhainistiú a chomhlíonadh. Caithfidh gach scoil an chomhairle a oiriúnú dá dálaí féin, agus cuimhneamh ar an mbunphrionsabal gur gá don fhostóir an méid atá "réasúnta praiticiúil" a dhéanamh chun sábháilteacht, sláinte agus leasa san ionad oibre a bhainistiú.

Ba chóir na Treoirlínte seo a léamh agus a úsáid ar bhealach atá i gcomhréir leis an reachtaíocht agus foilseacháin bhainteacha eile ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus ó ranna agus gníomhaireachtaí rialtais eile, amhail ciorcláin, cóid chleachtas agus doiciméid treorach. Caithfidh pleanáil agus nósanna imeachta chun sábháilteacht, sláinte agus leasa a bhainistiú i scoil cloí leis an reachtaíocht atá ann faoi láthair agus leis an treoir atá á tabhairt ag an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi láthair ar cheisteanna amhail cosaint leanaí, bulaíocht, strus, ionsaithe agus ceisteanna eile a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leasa de réir mar a thagann siad aníos. Cuirtear tagairtí agus naisc le foilseacháin bhainteacha atá ann faoi láthair ar fáil ar fud na dTreoirlínte seo.

Tá teimpléid mheasúnaithe riosca i gCuid 2 de na Treoirlínte atá ceaptha le tacú le scoil guaiseacha a aithint agus díriú orthu. Ach d'fhéadfadh guaiseacha a bheith sa scoil nach bhfuil tagairt dóibh sna teimpléid seo. Tá scoil freagrach as gach guais sábháilteachta, sláinte agus leasa ina hionad oibre a aithint agus a bhainistiú.

Tá dlúthdhiosca i bpóca ar chlúdach inmheánach an fhilleáin seo ina bhfuil na leaganacha Béarla agus Gaeilge den téacs seo. Tá físeán gearr ann chomh maith ina léirítear cén chaoi a bhféadfadh scoil na Treoirlínte a úsáid.

Tá eolas ag na scoileanna ar phróiseas an fhéinmheasúnaithe scoile agus na pleanála forbartha scoile. Cuireann na Treoirlínte seo chuig pleanáil ar an mbealach céanna, trí fhéinmheasúnú ar na riachtanais reatha sábháilteachta, sláinte agus leasa, rud a chruthaíonn aithint tosaíochtaí feabhsaithe agus taifeadadh na n-athruithe a chuirtear i bhfeidhm. Déanann an doiciméad atá ag Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna faoi láthair darb ainm *Treoirlínte Féinmheasúnaithe Scoile do Bhunscoileanna* tagairt do pleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa i roinnt cásanna, lena n-áirítear na cinn seo a leanas:

Liostaíonn an Creat Cáilíochta Múinteoireachta agus Foghlama, fothéama 2.1 Timpeallacht Foghlama ag leathanach 32 na ceithre chritéar seo a leanas le haghaidh féinmheasúnú sábháilteachta sa seomra ranga:

- Déantar seomraí ranga a théamh agus a aeráil go cuí, agus tá siad glan agus dea-chothabháilte
- Tugtar an aird chuí ar shábháilteacht daltaí san eagraíocht, leagan amach agus fearastú na seomraí ranga agus suíomhanna foghlama eile
- Tugtar an aird chuí ar shábháilteacht na ndaltaí i rith na gceachtanna
- Déantar an mhaoirseacht chuí ar dhaltaí an t-am go léir

**Is é is aidhm do na Treoirlínte ar *Bhainistíocht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna* ná cabhrú le scoileanna a n-oibleagáidí dlí agus faoi mheasúnú scoile a chomhlíonadh trí:**

- eolas a sholáthar ar oibleagáidí dlí scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas (Cuid 1, Leathanaigh 10-13 agus Leathanaigh 40-41)
- Beartas samplach scoile ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas (Cuid 2, Leathanach 9), forbheathnú soiléir ar an méid is cóir a bheith san áireamh i Ráiteas Sábháilteachta (Cuid 1, Leathanach 46), agus teimpléad mionsonraithe chun Ráiteas Sábháilteachta scoile a cheapadh (Cuid 1, Leathanaigh 22-34) a chur ar fáil
- Tacaíocht phraiticiúil a chur ar fáil chun guaiseacha a shainaithint agus rioscaí a bhainistiú i bhfoirm Teimpléid shamplacha Mheasúnaithe Riosca (Cuid 2, Leathanaigh 20-111)
- Seicliostaí, uirlisí iniúchóireachta, foirmeacha tuairisce agus teimpléid eile a sholáthar, le tacú leis an scoil in athbhreithniú, pleanáil agus bainistiú éifeachtach sábháilteachta, sláinte agus leasa. (Cuid 2)

# Cé dóibh na Treoirlínte seo?

Ba chóir do bhoird bhainistíochta, príomhoidí, leas-phríomhoidí, sealbhóirí poist bainteacha, agus an fhoireann teagaisc/neamh-theagaisc na Treoirlínte a léamh. Ba chóir go mbeadh teacht cuí ag gach duine de phobal na scoile ar na Treoirlínte.

## Buntéarmaí

Tá gluais iomlán ar fáil ar leathanach 55 de na Treoirlínte. Ba chóir go mbeadh gach ball de phobal na scoile eolach ar na téarmaí riachtanacha seo a leanas, ó thús:

### **Fostaithe/foireann:**

Ar mhaithe le soláiteacht úsáidtear an focal ‘foireann’ in ionad an téarma ‘fostaithe’ i go leor cásanna. Áit a luaitear ‘fostaí/fostaithe’, is féidir leis an léitheoir glacadh leis gur ‘foireann’ atá i gceist. Seo a leanas an sainmhíniú ar fhostaí atá tugtha in Alt 2(1) den *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 2005*:

is ionann “fostaí” agus duine atá tar éis glacadh le, nó atá ag obair faoi (nó má tá deireadh leis an bhfostaíocht, a ghlac le, nó a d'oibrigh faoi) chonradh fostaíochta, agus cuimsíonn sé seo fostaí téarma sheasta agus fostaí sealadach, agus glactar le tagairtí d'fhostaí, maidir le fostóir, mar thagairtí d'fhostaí atá fostaithe ag an bhfostóir sin.

### **Guais:**

Is ionann guais agus rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, sealúchas nó an timpeallacht. Is féidir le hábhar oibre, píosa trealaimh nó modh nó cleachtas oibre a bheith i gceist.

### **Riosca:**

Ciallaíonn riosca an chosúlacht atá ann go ndéanfar díobháil do dhuine chomh maith le déine na díobhála a fhulaingítear. Braitheann an riosca freisin ar líon na ndaoine atá faoi lé na guaise.

### **Rialúcháin/bearta rialúcháin:**

Is iad rialúcháin/bearta rialúcháin na bearta cosantacha a ghlactar mar réamhchúram chun a áirithiú go ndíchurfar agus go laghdófar an riosca.

### **Measúnú riosca**

Baineann measúnú riosca le guais a shainaithint, agus ina dhiaidh sin le meastachán a dhéanamh ar déine agus ar chosúlacht na díobhála a d'fhéadfadh eascairt as. Mar sin, is féidir leis an bhfostóir bearta rialúcháin a chur i bhfeidhm chun an riosca a íoslaghdú, nó chun leorgacht na réamhchúraimí a rinne sé nó sí chun díobháil a chosc a mheas.

### **Beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa:**

Tosaíonn gach ráiteas sábháilteachta le dearbhú, sínithe ar leibhéal na hardbhainistíochta thar ceann an fhostóra. An beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a thugtar air seo. Déantar gealltanas sa dearbhú chun a áirithiú go mbeidh an áit oibre chomh sábháilte agus chomh sláintiúil a mhéid is indéanta agus go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla ar fad. Ba chóir go ndéanfadh an dearbhú seo cur síos ar an mbeartas maidir le feidhmíocht fhoriomlán sábháilteachta, sláinte agus leasa, creat a sholáthar chun sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú, agus cuspóirí bainteacha a liostú. Is féidir cóip den bheartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur ar taispeáint in áit phoiblí sa scoil, áit a bhfeicfidh gach duine é.

# Téarmaí Riachtanacha ar leanúint

## **Córas bainistíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa:**

Is tagairt é seo don chuid sin de chóras bainistíochta foriomlán na scoile ina gcuirtear san áireamh an struchtúr eagraíochtúil, gníomhaíochtaí pleanála, freagrachtaí, cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní chun beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a chothabháil.

## **Ráiteas sábháilteachta:**

Is clár scríofa é an ráiteas sábháilteachta a leagan amach gealltanais na scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne (múinteoirí agus oibríthe nach múinteoirí iad) a chosaint ag an obair, chomh maith le sábháilteacht agus sláinte daoine eile a d'fhéadfadh a bheith faoi thionchar gníomhaíochtaí oibre sa scoil a chosaint freisin, lena n-áirítear cuairteoirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus daltaí. Go bunúsach, sonraíonn an ráiteas sábháilteachta modh bainistíochta na scoile i leith sábháilteacht, sláinte agus leas foirne, daltaí, cuairteoirí agus conraitheoirí. Ní mór measúnú riosca cuimsitheach a bheith san áireamh sa ráiteas sábháilteachta, rud a aithníonn guaiseacha san ionad oibre, a dhéanann measúnú ar na rioscaí a bhaineann leis na guaiseacha sin, agus a shonraíonn cé na bearta rialúcháin ba chóir a dhéanamh chun an riosca a dhíchur/laghdú.

# Cén fáth a ndéantar sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú?

Tá cúiseanna morálta, dlíthiúla agus eiticiúla ann chun sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú ag an obair. Bíonn guaiseacha agus rioscaí i scoileanna, amhail aon áit oibre eile. Ach is timpeallacht uathúil í scoil, ós rud é go roinntear an t-ionad oibre le daltaí, dream a bhfuil ard-dualgas cúraim dlite dóibh toisc a shonghonta is atá siad.

Is údar fulaingthe agus péine don duine agus dá mhuintir iad timpistí agus teagmhais a tharlaíonn san áit oibre. Bíonn tionchar acu ar chumas an duine a chuid oibre a dhéanamh agus sult a bhaint as an saol lasmuigh den obair. Tarlaíonn cuid mhaith timpistí agus cásanna de dhrochshláinte cheirde ag an obair mar gheall ar theip bainistíochta cuí sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Is féidir le timpistí gairme a bheith an-chostasach agus is minic a bhíonn costais ghaolmhara le n-íoc ag fostóirí dá bharr:

- pá breoiteachta, lucht saothair a chur ina (h)ionad go sealadach, luathscor, lucht saothair nua a earcú agus athoiliúint.
- damáiste do ghléasra, trealamh, ábhair agus táirgí a dheisiú;
- an t-am bainistíochta a chaitear ag plé le timpistí;
- méadú ar mhéid na dtáillí árachais agus na gcostas dlí;
- éilimh ar chúiteamh.

Cuireann córas bainistíochta forghníomhach sábháilteachta, sláinte agus leasa timpeallacht oibre níos sábháilte chun cinn agus bíonn seachaint timpistí agus teagmhas mar thoradh air. Chomh maith le costais a laghdú, cinntíonn córas bainistíochta éifeachtach sábháilteachta, sláinte agus leasa:

- go bhfuil socruithe maithe sábháilteachta, sláinte agus leasa i bhfeidhm don fhoireann, do dhaltaí agus do dhuine ar bith a dtéann gníomhaíochtaí oibre na scoile i bhfeidhm orthu;
- go bhfuil na múinteoirí agus an fhoireann eile muiníneach go bhfuil córais sábháilteachta, sláinte agus leasa atá pleanáilte go maith i bhfeidhm nuair a chuireann siad a bhfreagrachtaí i gcrích;
- nach gcuirtear acmhainní amú; go bhfuil baint ag tosaíochtaí airgeadais le measúnaithe riosca cúramacha;
- go laghdaítear neamhláithreacht foirne de bharr gortuithe nó drochshláinte gairme;
- go laghdaítear líon na dtimpistí agus méid na gcostas gaolmhar;
- go bhfeabhsaítear meanma daltaí, foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí na scoile;
- go laghdaítear líon agus costas na n-éileamh ar chúiteamh.

# Cé atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas sna scoileanna?

In Éirinn, is é an bord bainistíochta mar fhostóir atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas a oibríthe a chinntiú ag an obair chomh fada is atá praiticiúil go réasúnta, agus as sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine siúd a dtéann gníomhaíochtaí oibre na scoile i bhfeidhm orthu ar bhealach ar bith.

Tá cead ag an mbord bainistíochta dualgais a tharmligean d'fhostaithe le go bhfeidhmeoidh siad ar a shon. Is féidir le príomhoidí, leas-phríomhoidí, múinteoirí agus daoine eile feidhmeanna ginearálta agus sainiúla a ghlacadh chun sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil a bhainistiú ó lá go lá sa scoil, de réir mar is rogha leis an mbord bainistíochta. Ach is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht dheiridh as sábháilteacht, sláinte agus leas.

Tá páirt le glacadh ag gach duine sa scoil chun dea-chleachtas sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur chun cinn san ionad scoile; cuimsíonn sé seo múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, daltaí, cuairteoirí agus conraitheoirí. Leagtar síos riachtanais shainiúla d'fhostóirí agus d'fhostaithe sa reachtaíocht bhunaithe sábháilteachta, sláinte agus leasa, agus i ndualgais cúraim faoin dlí coiteann chomh maith.

## Dualgais na mBord Bainistíochta mar fhostóir faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

Leagan an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas 2005 (Acht 2005) amach na príomhfhorálacha a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair a dhaingniú agus a fheabhsú, lena n-áirítear:

- na riachtanais rialaithe sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair;
- an bhainistíocht, eagrú agus na córais oibre is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach;
- freagrachtaí agus róil na bhfostóirí, na ndaoine féinfhostaithe, na bhfostaithe agus aon duine eile;
- na nósanna imeachta a bhfuil gá leo le cinntiú go gcomhlíonfar na riachtanais reachtaíochta.

# Dualgais fostaithe/foirme ag an obair

## Dualgais foirme fán Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir Acht 2005, is gá do gach fostaí (lena n-áirítear fostaithe lánaimseartha nó páirtaimseartha, buana nó sealadacha, beag beann ar aon socruithe fostaíochta nó conartha atá acu) comhoibriú go huile agus go hiomlán leis an bhfostóir, le go gcuirfí i bhfeidhm, go mbunófaí, agus go gcloífí le beartais chuí sábháilteachta, sláinte agus leasa.

### Cuimsíonn dualgais fostaithe ag an obair:

- aire réasúnta a thabhairt chun a s(h)ábháilteacht, sláinte agus leas féin a chosaint, agus sábháilteacht, sláinte agus leas aon duine eile a d'fhéadfadh a c(h)uid gníomhaíochtaí agus easnaimh ag an obair dul i gcion orthu a chosaint freisin.
- comhoibriú lena f(h)ostóir nó le duine ar bith eile chomh fada agus is gá le cur ar chumas a fhostóra nó an duine eile cloí leis na forálacha bainteacha reachtúla;
- freastal ar chúrsaí oiliúna agus teagasc a fháil ar úsáid cheart earraí nó trealamh;
- trealamh cosanta pearsanta (TCP) nó éadach cosantach a chuirtear ar fáil dá s(h)ábháilteacht a úsáid;
- tuairisc a thabhairt dá f(h)ostóir a luaithe agus is féidir maidir le:
  - aon obair atá á cur i gcrích a d'fhéadfadh é/í féin nó daoine eile a chur i mbaol;
  - aon lochtanna san áit oibre, sa chóras oibre, nó aon earra nó substaint a d'fhéadfadh é/í féin nó daoine eile a chur i mbaol;
  - aon rud a sháraíonn na forálacha reachtúla bainteacha go bhfios dó/di;
- scor den iompar míchuí nó den iompraíocht chontúirteach.

## Dualgas cúraim na mBord Bainistíochta mar fhostóir de réir an dlí

Tá bunphrionsabal faoin dlí coiteann á fhorbairt ag na cúirteanna thar na blianta go mbeidh dualgas dlíthiúil ar gach fhostóir sa Stát, bíodh sé san earnáil phoiblí nó san earnáil phríobháideach, timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil d'fhostaithe. Is é atá sa dualgas sábháilteacht fostaithe ag an obair a áirithiú, a mhéid is indéanta. Ní dualgas iomlán é timpistí a chosc agus más féidir a chruthú gur glacadh gach cúram réasúnta iad a chosc, seachnófar an dliteanas. Tugtar dualgas cúraim an fhostóra nó dliteanas an fhostóra ar seo.

Miondealaítear dualgas cúraim an fhostóra i gceithre chuid de ghnáth:

- áit oibre réasúnta sábháilte a áirithiú;
- gléasra agus trealamh réasúnta sábháilte a áirithiú;
- córais oibre réasúnta sábháilte a áirithiú;
- foireann atá réasúnta meabhrach ar shábháilteacht (inniúil) a chinntiú.

De bhreis ar chúram réasúnta d'fhostaithe a éileamh ar fhostóirí, d'fhorbair na cúirteanna prionsabal comhchosúil chun daoine nach fostaithe iad a chosaint freisin, cibé an cuairteoirí ón bpobal, conraitheoirí, daltaí nó tuismitheoirí/caomhnóirí iad. Tugtar dliteanas poiblí ar an réimse seo den dlí. Agus an dualgas cúraim seo á chur i gcrích ag an bhfostóir, ní mór dó/di aird a thabhairt ar Alt 12 d'Acht 2005.

## Tort faillí

Is é an tort (éagóir sibhialta) faillí an tort is coitinne a bhíonn tionchar aige ar scoileanna. An sainmhíniú ginearálta a thugtar ar fhaillí ná gníomh, a dhéanadh duine réasúnta, a fhágáil gan déanamh, nó gníomh nach ndéanadh duine stuama nó réasúnta a dhéanamh. Tá ceithre ghné ag faillí.

Is iad sin:

- dualgas cúraim;
- sárú an dualgais seo: nuair is faoi bhun 'chaighdeán chúraim' áirithe na gníomhartha/ neamhghníomhartha
- damáiste: caithfidh gur fhulaing an duine atá ag déanamh agartha cailteanas nó gortú;
- cúisíocht: ní mór ceangal a bheith idir an sárú dualgais (an bealach a ghníomhaigh an duine) agus an damáiste a tharla don duine atá ag déanamh agartha.

## Dliteanas ionadach

Sa chás seo, bíonn an bord bainistíochta freagrach as gníomhartha nó neamhghníomhartha fostaí (múinteoir nó fostaí nach múinteoir é/i) le linn dó nó di a bheith ag obair, cibé an bhfuil an fostaí sin ina (h)áit oibre nó in áit eile, mar shampla, ar turas scoile. Má tharla an gníomh nó an neamhghníomh fad is a bhí an fostaí ag obair de réir scóip a f(h)ostaíochta faoi rialú an bhoird bhainistíochta, seans go mbeidh an bord faoi dhliteanas ionadach ansin as an díobháil a tharla mar gheall ar a fhostaí.

## Dualgais na mBord Bainistíochta faoin Acht um Dhliteanas Áiritheoirí, 1995

Leagan an tAcht um Dhliteanas Áiritheoirí 1995 amach freagrachtaí áititheoir na n-áitreabh. Tá cuid mhaith de chásanna dlíthíochta sibhialta bunaithe ar an reachtaíocht seo. Sainmhínítear áititheoir mar dhuine/mar chomhlacht atá i gceannas ar an áitreabh agus i gcás scoileanna, is é an bord bainistíochta atá freagrach as timpistí nó drochshláinte a tharlaíonn mar gheall ar staid nó riocht áitreabh na scoile. Leagann an tAcht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995, dualgais ar áititheoirí maidir le trí chatagóir iontrálaithe: Cúairteoirí (lena n-áirítear tuismitheoirí/caomhnóirí, daltaí, srl.), Úsáideoirí Caithimh Aimsire agus Foghlaithe. Má tá tuilleadh sonraí uait, féach ar na CCanna, Uimh. 4, (Cuid 1, Leathanach 41).

I dtéarmaí praiticiúla, tá coinbhéirseacht dlí reachtúil agus dlí coiteann ann. Leagtar an phríomh-bhéim san fhorbairt seo ar an dearcadh gurb é dualgas an fhostóra gach cúram réasúnta a dhéanamh, ag féachaint do gach riosca intuartha, ar mhaithe le sábháilteacht agus dea-bhaill fostaithe nó aon duine eile atá faoina stiúir nó faoina rialú. Má chloíonn scoileanna leis an dlí reachtúil atá níos inrochtana (an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005), seachnófar, don chuid is mó, éilimh ar chúiteamh faoin dlí coiteann.



## Cineálacha timpistí agus teagmhas i scoileanna

Tugann an fhianaise le fios gurb iad na príomhchúiseanna le díobháil choirp i scoileanna ná timpistí amhail sleamhnú, tuislí agus titim, láimhsiú agus teagmháil le trealamh. Cé nach dtuairiscítear gortuithe go minic, is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil tionchar níos suntasaí ag na timpistí seo ar an earnáil oideachais ná ar aon earnáil eile, mar a léiríonn an t-am a ghlactar saor ón obair dá bharr. (Féach ar na CCanna Uimh. 34-38, Cuid 1, Leathanach 51-53).

Le roinnt blianta anuas, tá méadú tagtha ar thuairisciú faoi dhíobháil shíceolaíoch a dhéantar do bhaill foirne agus daltaí mar thoradh ar bhulaíocht, strus, ciapáil agus ionsaí. Tá Teimpléid Mheasúnaithe Riosca sna *Treoirlínte* seo a chuimsíonn na cúiseanna is coitianta le gortú síceolaíoch agus coirp. (Cuid 2, Leathanach 20-111) Tá naisc iontu chomh maith le doiciméid treorach ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar dhéileáil le bulaíocht agus tinneas a bhaineann le strus.

# **Sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú sna scoileanna**

Cúig chéim an chórais bhainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa

Céim 1: Beartas agus tiomantas

Céim 2: Pleanáil

Céim 3: Cur i bhfeidhm

Céim 4: Ag tomhas feidhmíochta

Céim 5: Iniúchóireacht agus athbhreithniú

# Sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú sna scoileanna

## Céard is córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ann?

Is éard atá i gceist le Córas Bainistíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa (CBS) i dtimpeallacht scoile ná próiseas leantach a bhfuil sé mar aidhm leis feabhas leanúnach ar bhainistiú sábháilteachta na scoile a chur chun cinn. Tagann sé le bainistiú foriomlán na scoile agus cuimsíonn sé struchtúr na scoile, gníomhaíochtaí pleanála, cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní chun sábháilteacht, sláinte agus leas a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a chothabháil. Leagan an CBS amach na saincheisteanna a ndíreofar orthu agus is uirlis é chun cláir feabhasúcháin agus féininiúcháireachtaí nó féinmheasúnachtaí a fhorbairt.

Tá cúig chéim ann chun CBS rathúil a bhunú. Leagan na Treoirlínte seo amach na cúig chéim is gá chun CBS a chur i bhfeidhm. Is féidir an treoir seo a leanúint céim ar chéim chun CBS a chur i bhfeidhm nó is féidir í a úsáid chun feabhas a chur ar chórais atá ann cheana.




Fig.1 Príomhghnéithe de chóras bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa

# Céim 1: Beartas agus tiomantas




Fig.2 Céim 1: Beartas agus Tiomantas

Ba chóir don bhord bainistíochta (nó duine a oibríonn faoina threoir) beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a ullmhú mar pháirt d'ullmhú an ráitis sábháilteachta a cheanglaíonn Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, ar an bhfostóir. Is doiciméad scríofa é an beartas seo ina bhfuil dearbhú a mhaíonn gealltanais an bhoird bhainistíochta do shábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil a chinntiú. Leagann beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa éifeachtach amach treo soiléir is féidir leis an scoil a leanúint.

Is é an beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa an chéad chuid den ráiteas sábháilteachta. Ba chóir dó achoimre a thabhairt ar ghealltanais an bhoird bhainistíochta go mbeidh an scoil chomh sábháilte agus sláintiúil agus is féidir léi a bheith, agus go gcomhlíonfar na riachtanais reachtúla bhainteacha ar fad. Ba chóir dó an beartas a mhíniú i ndáil le feidhmíocht fhoriomlán sábháilteachta agus sláinte, creat a chur ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú, agus liosta de bheartais scoile bhainteacha a chur le chéile.

Is féidir na gealltanais seo a leanas ón mbord bainistíochta a chur leis:

- gníomhaíochtaí scoile a bhainistiú agus a láimhseáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne a chinntiú;
- iompar nó láimhseáil mhíchú a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne agus daoine eile a chur i mbaol a chosc;
- bealaí isteach agus amach sábháilte a chur ar fáil;
- gléasra agus trealamh sábháilte a chur ar fáil;
- córais oibre sábháilte a chur ar fáil;
- riosca ó aon earra nó substaint don tsábháilteacht, sláinte agus leas a chosc;
- eolas agus treoir chuí a sholáthar, oiliúint agus maoirseacht;
- trealamh cosanta pearsanta (TCP) agus éadach cosantach cuí a chur ar fáil áit nach féidir guaiseacha a dhíchur;
- pleananna éigeandála a ullmhú, a athbhreithniú agus a athmheas;
- foireann a ainmniú le haghaidh dualgais éigeandála;
- áiseanna leasa a chur ar fáil agus a chothabháil;
- duine inniúil a cheapadh chun comhairle agus cabhair a thabhairt d'fhonn sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne a chinntiú.

Cé nach n-éilítear go dlíthiúil é, is dea-chleachtas é an beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur ar taispeáint in áit fheiceálach phoiblí den scoil, mar shampla, i limistéar poiblí ina mbeidh sé le feiceáil ag gach duine.

**Féach Cuid 2, Uirlis 2: Beartas Samplach Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa, Leathanach 9.**

# Céim 2: Pleanáil




Fig.3 Céim 2: Pleanáil

Is cuid thábhachtach í pleanáil de chóras bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile. Éilíonn an córas seo go ngníomhóidh scoileanna ar bhealaí éagsúla i dtimpeallacht chasta agus dhúshlánach. Is féidir leis na gníomhartha a éilítear:

- bheith rialta agus intuartha, (m.sh. measúnuithe riosca bliantúla, cigireacht bheartaithe siúlóide, ócáidí oiliúna, cruinnithe);
- tarlú de bharr imeachtaí suntasacha ar leith nó mar thoradh ar mheasúnuithe riosca. Is féidir roinnt mhaith díobh seo a shocrú agus a chur i bhfeidhm gan mórán moille, (m.sh. trealamh a dheisiú, rialacháin shábháilteachta nua, athrú sa chleachtas oibre de dheasca timpiste);
- a chur i bhfeidhm de réir plean thar tréimhse ama níos faide nó i gcéimeanna, agus d'fhéadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith ag baint leo dá bharr (m.sh. bonneagar nua a chur in ionad drochbonneagair, trealamh nua a thabhairt isteach, príomhshuíomhanna a athchóiriú).

Féadfaidh go mbainfidh na riachtanais éagsúla a leagtar amach sa ráiteas sábháilteachta le gnéithe réamhbhunaithe de chóras reatha bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile, nó gur páirt iad de chlár forbartha a bhaineann le tréimhse shuntasach ama atá le teacht.

Ní mór don scoil, mar sin, a cuspóirí gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha a leagan síos chun a cuid iarrachtaí ar mhaithe le sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil ar fad a chothabháil agus a fheabhsú. Ní mór dóibh bealaí a aithint chun na cuspóirí seo a bhaint amach, agus a fháil amach céard iad na hacmhainní a bhfuil gá leo agus na feidhmeanna a bheidh ag daoine. Ní mór di a chur san áireamh ní hamháin bonneagar fisiciúil na scoile ach conas a fheidhmíonn agus a bhíonn caidreamh ag daoine lena chéile ann. Ní mór an ghníomhaíocht éagsúil seo a phleanáil ar bhealach soiléir más amhlaidh gur sobhainistithe agus éifeachtach a bheidh sé.

Is fearr pleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa a aithint mar dhlúthpháirt de Phlean na Scoile. Baineann sé úsáid as roinnt mhaith de na hacmhainní agus na struchtúir chéanna is atá le feiceáil i ngnéithe eile de phróiseas féinmheasúnaithe agus pleanála na scoile. Ba chóir don ráiteas scoile a bheith comhsheasmhach agus a bheith ag teacht le tosaíochtaí agus chinntí pleanála scoile go ginearálta.


Is féidir céim thosaigh an phróisis phleanála um shábháilteacht, sláinte agus leas a roinnt ina dhá chuid:

- Struchtúr éifeachtach bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhunú (féach 2.1)
- Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar chórais atá ann cheana (féach 2.2)

## 2.1 Struchtúr éifeachtach bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhunú

Tá cead ag bord bainistíochta duine a ainmniú, mar shampla, príomhoide na scoile, an leas-phríomhoide nó duine éigin eile, chun pleanáil, cur i bhfeidhm agus bainistiú sábháilteachta, sláinte agus leas a chomhordú thar a cheann. Má tá cinnte ag lucht na scoile coiste sábháilteachta, sláinte agus leasa a thionól, is féidir é a dhéanamh ag an bpointe seo. Má tá cinnte ag na fostaithe ionadaí sábháilteachta a roghnú, d'fhéadfaí an duine sin a roghnú anois.

**Fig.4 Struchtúr éifeachtach bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhunú**



## Coiste sábháilteachta

*Leagtar amach sainmhíniú an téarma 'coiste sábháilteachta' san Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Alt 26, Sceideal 4).*

Éilítear ar an mbord bainistíochta mar fhostóir, dul i gcomhairle lena fhostaithe chun bearta a dhéanamh agus a chothabháil, ionas gur féidir leis an bhfostóir agus an fostaí comhoibriú le chéile chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chur chun cinn san ionad oibre, agus chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart sin.

Éascaíonn coiste sábháilteachta, cé nach riachtanas dlí é, an próiseas comhairliúcháin trí chabhair a thabhairt le dréachtú agus/nó athbhreithniú an ráitis sábháilteachta, an mheasúnaithe riosca, na mbeartas agus na nósanna imeachta laistigh den Chóras Bainistíochta Sábháilteachta thar ceann an fhostóra. Ní mór don bhord bainistíochta an ráiteas sábháilteachta a dhaingniú sula gcuirfead i bhfeidhm sa scoil é. Ba chóir don bhord dul i gcomhairle i dtaobh cúrsaí sábháilteachta eile freisin, amhail athbhreithniú chláir na dtimpistí agus na dteagmhas, agus clárú oibre sa scoil a théann i gcion ar shábháilteacht, sláinte agus leas.

Cabhróidh an coiste sábháilteachta le pleanáil, measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht, sláinte agus leas i rith na bliana ar fad más cuí i gcomhthéacs na scoile. D'fhonn é seo a dhéanamh, féadfaidh sé:

- comhaontú ar an gcaoi a dtionólfar, a scríobhfar miontuairiscí agus a dtuairisceofar ar chruinnithe sceidealta i gcaitheamh na bliana scoile;
- achoimre a thabhairt ar an gclár pleanála don bhliain atá le teacht. D'fhéadfaí an fhéilire seo a scríobh i bhfoirm tuairisce ar na gníomhartha sábháilteachta agus sláinte ar fad atá beartaithe don bhliain (lena n-áirítear measúnuithe riosca, iniúchtaí sábháilteachta, cigireacht siúlóide, druileanna dóiteáin, oiliúint, srl.);
- tuairiscí a ullmhú don bhord bainistíochta agus do chruinnithe foirne, agus do chruinnithe bainteacha eile;
- cinntiú go bhfuil an fhaisnéis maidir le measúnuithe riosca, bearta rialúcháin, tuairiscí timpiste, iniúchtaí agus athbhreithnithe ar an CBS á mheasúnú agus go bhfuil na gníomhartha cuí á ndéanamh dá bharr;
- scrúdú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil acmhainní á n-úsáid go héifeachtach chun ardrioscaí a aithníodh sa mheasúnú riosca a leigheas;
- measúnú leanúnach a sholáthar ar an gcleachtas sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil, agus ar éifeachtacht nósanna imeachta an choiste sábháilteachta, i gcás go bhfuil a leithéid bunaithe.

### *Is féidir leis na daoine seo a leanas bheith ina mball den choiste sábháilteachta:*

- an fhostóir (an bord bainistíochta) nó ionadaí an fhostóra;
- Príomhoide;
- Leas-phríomhoide;
- Oifigeach sábháilteachta (má tá duine acu ceaptha);
- Ionadaí/Ionadaithe sábháilteachta (má roghnaítear agus má cheaptar iad);
- an fhoireann, lena n-áirítear múinteoirí, cúntóirí riachtanas speisialta, foireann choimhdeach.

### *Tá sé faoi rogha lucht bainistíochta na scoile na daoine seo a leanas a chur san áireamh chomh maith:*

- ionadaí daltaí;
- ionadaí ar tuismitheoir/caomhnóir é/í.

## Ionadaí sábháilteachta:

*De réir Ailt 25 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 tá fostaithe i dteideal ionadaí/ionadaithe sábháilteachta a cheapadh a dhéanann ionadaíocht ar a son le linn chomhairliúcháin leis an bhfostóir maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair.*

Is féidir ionadaí sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh mura bhfuil ceann ann cheana féin. Tá cur síos ar ról an ionadaí sábháilteachta in Acht 2005. Is iad seo cuid de na feidhmeanna a bhíonn aige/aici:

- ionadaíocht a dhéanamh ar son fostaithe ar cheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa;
- cigireacht sábháilteachta, sláinte agus leasa a dhéanamh (tar éis d'fhógra réasúnta a bheith tugtha do lucht bainistíochta);
- timpistí agus tarluithe contúirteacha a imscrúdú (gan cur isteach ar láthair timpiste ar bith);
- comhoibriú le hlniúcháirí an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta;
- páirt a ghlacadh sa choiste sábháilteachta má tá a leithéid ann;
- uirioll ó bhéal nó i scríbhinn a dhéanamh ar son na bhfostaithe.

## Oifigeach sábháilteachta:

Níl aon bhord bainistíochta faoi cheanglas dlí oifigeach sábháilteachta a cheapadh. Bíonn an príomhoide mar oifigeach sábháilteachta i scoileanna áirithe. Mar sin féin, is féidir feidhmeanna an oifigigh shábháilteachta a tharmligean chuig fostaí eile. Ní ceadmhach an fhreagracht fhoriomlán as sábháilteacht agus sláinte a tharmligean; is ar an mbord bainistíochta a bheidh an fhreagracht seo i gcónaí. Is féidir leis an oifigeach sábháilteachta tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm, athbhreithniú agus cothabháil Córas Bainistíochta Sábháilteachta. Féach freisin "An tábhacht a bhaineann le daoine inniúla a cheapadh" ar leathanach 25.

## 2.2. Athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar chórais atá ann cheana

Maidir leis an gcéad chuid eile den phróiseas pleanála, b'fhiú athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar chórais atá ann cheana. Tugtar athbhreithniú tosaigh ar seo: Is fiú go mór athbhreithniú tosaigh a dhéanamh ar ghnéithe uile bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ar fud na scoile go léir, mar go gcabhraíonn sé seo le stádas na scoile faoi láthair a dhearbhu. Tar éis an athbhreithnithe seo, is féidir leis an scoil cinneadh an gcomhlíonann na forálacha maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas an reachtaíocht agus dea-chleachtas, chomh maith le ceisteanna ar gá tabhairt fúthu a shainaithint. Is féidir faisnéis atá ann cheana a chorprú sa CBS amhlaidh athdhréachtú nach gá a sheachaint. Cuireann an t-athbhreithniú tosaigh ar chumas na scoile mar sin tosaíochtaí forbartha a leagan síos i réimse na sábháilteachta, sláinte agus leasa. Is féidir an t-athbhreithniú seo a ghlacadh ar láimh mar chuid d'iniúcháireachta an CBS reatha. Cuirtear uirlis ar fáil i bPáirt 2 le cabhair a thabhairt é seo a dhéanamh.

***Féach Cuid 2, Uirlis 1 Doiciméid Phleanála - do theimpléid phleanála eile a chuirtear ar fáil chun cabhair a thabhairt sa phróiseas pleanála i rith na bliana, Leathanach 4.***

***Féach Cuid 2, Uirlis 1 (B) Uirlis Iniúcháireachta Bainistíochta ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ar Scoil, Leathanach 5***



# Céim 3: Cur i bhfeidhm




Fig.5 Céim 3:  
Cur i bhFeidhm

Ar mhaithe leis an CBS a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá cead ag an scoil na struchtúir shábháilteachta, sláinte agus leasa arna mbunú i 2.1 a úsáid – an coiste sábháilteachta, an t-ionadaí sábháilteachta, agus an t-oifigeach sábháilteachta, má cheaptar duine acu – mar mheicníochtaí tacaíochta chun na gealltanais a leagtar síos ina beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaint amach. Agus an t-eolas atá mar thoradh ar an athbhreithniú tosaigh ar dhoiciméadú agus córas reatha na scoile á úsáid, is féidir tús a chur le forbairt/leasú an ráitis sábháilteachta.

*Mar a luaitear in Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, “Ullmhóidh gach fostóir, nó cuirfidh sé á n-ullmhú, ráiteas scríofa bunaithe ar na guaiseacha a shainithnítear agus an measúnú riosca a dhéantar faoi Alt 19, ag sonrú an modh a dhéanfar sábháilteacht, sláinte agus leas a c(h)uid fostaithe ag an obair a áirithiú agus a bhainistiú.”*

Is cuid lárnach de bhainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair an ráiteas sábháilteachta. Éilíonn Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 go dtáirgfidh an fostóir ráiteas sábháilteachta scríofa chun na rudaí seo a leanas a chosaint:

- sábháilteacht, sláinte agus leas a c(h)uid fostaithe ag an obair;
- sábháilteacht, sláinte agus leas daoine eile a d'fhéadfadh a bheith san ionad oibre, lena n-áirítear daltaí, cuairteoirí, conraitheoirí agus muintir an phobail.

Is gealltanais é an ráiteas sábháilteachta sábháilteacht, sláinte agus leas gach duine a úsáideann an scoil a chosaint. Ba chóir don ráiteas a shonrú conas a dhéanfaidh an bord bainistíochta sábháilteacht, sláinte agus leas a chinntiú, agus cur síos a dhéanamh ar na hacmhainní is gá chun cloí sábháilteachta, sláinte agus leasa le caighdeáin a chothabháil agus a athbhreithniú. Ba chóir go mbeadh tionchar ag an ráiteas sábháilteachta ar na gníomhaíochtaí oibre ar fad, lena n-áirítear:

- roghnú daoine inniúla, trealaimh agus ábhar;
- modhanna oibre;
- an chaoi a ndéantar agus a gcuirtear earraí agus seirbhísí ar fáil.


Ní mór an ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur ar fáil don fhoireann, agus do dhaoine iomchuí eile, agus é ag léiriú na nguaiseacha a sainithníodh agus na rioscaí measúnaithe a díchuireadh nó a cuireadh faoi smacht.

## An ráiteas sábháilteachta a ullmhú

Ba chóir go mbeadh na páirteanna seo a leanas sa ráiteas sábháilteachta:

- 3.1 Beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa (mar a pléadh i gCéim 1)
- 3.2 Próifíl na scoile
- 3.3 Acmhainní le haghaidh na sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil
- 3.4 Ról agus freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas
- 3.5 Measúnú riosca
- 3.6 Nósanna imeachta éigeandála, sábháilteacht dóiteáin, garchabhair, timpistí agus tarluithe contúirteacha
- 3.7 Teagasc, oiliúint agus maoirseacht
- 3.8 Cumarsáid agus Comhairliúchán

Fig.6 Céim 3: Gnéithe an ráitis shábháilteachta



## 3.1 Beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa

(féach Céim 1 Beartas agus Tiomantas)

## 3.2 Próifil na scoile

Ba chóir don ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa forbheathnú gairid a thabhairt ar ghnéithe suntasacha na scoile, ag díriú go háirithe ar chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa, agus ag cur na nithe seo a leanas san áireamh:

- méid na scoile;
- foirgnimh na scoile;
- struchtúir/cairt eagrúcháin;
- nósanna imeachta pleanála;
- socruithe do dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu.

## 3.3 Acmhainní le haghaidh na sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil

Tugann an chuid seo den ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa achoimre ar na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair le tacú le sábháilteacht, sláinte agus leas ar scoil.

### Seicliosta:

- Céard iad na hacmhainní atá ar fáil do shábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil?
- An ndírítear na hacmhainní seo ar na ceistanna is mó buairt? (sárú dualgais reachtúla, guaiseacha ardriosca, ábhair gur dócha go dtiocfaidh éilimh astu, srl.)
- An ndéantar leithdháileadh na n-acmhainní a athbhreithniú agus a leasú de réir mar a bhíonn gá leis?
- An bhfuil an bealach a úsáidtear na hacmhainní i gcomhréir le tosaíochtaí phlean na scoile chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chothabháil agus a fheabhsú?

## 3.4 Róil agus freagrachtaí as sábháilteacht, sláinte agus leas

*Mar a luaitear in Alt 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, ba chóir do ráiteas sábháilteachta na nithe seo a leanas a shonrú: "ainmneacha agus, i gcás inarb infheidhme é, an teideal poist a ghlacann gach duine atá freagrach as cúraimí áirithe a chomhlíonadh arna sannadh dóibh de bhun an ráitis shábháilteachta."*

Ba chóir cairt eagrúcháin a ullmhú a léireoidh an struchtúr bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil, pé áit ar cuí. Léiríonn an chairt róil agus freagrachtaí gach duine de phobal na scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas.

**Féach Cuid 2, Uirlis 3: Cairt Eagrúcháin Shamplach Bainistíochta, Leathanach 10.**

D'fhéadfadh na ról sábháilteachta, sláinte agus leasa na nithe seo a leanas a chuimsiú:

### An Bord Bainistíochta:

- comhlíonann sé a dhualgais dhlíthiúla mar fhostóir de réir Acht 2005;
- cinntíonn sé go bhfuil measúnuithe riosca scríofa agus ráiteas sábháilteachta atá cothrom le dáta ag an scoil;
- déanann sé athbhreithniú ar chur i bhfeidhm an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta agus an ráitis sábháilteachta;
- leagann sé síos cuspóirí sábháilteachta, sláinte agus leasa;
- faigheann sé tuairiscí rialta maidir le ceistanna sábháilteachta, sláinte agus leasa agus pléann sé na nithe a éiríonn astu;
- athbhreithníonn sé an ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa gach bliain ar a laghad, agus déanann sé athbhreithniú freisin nuair a tharlaíonn athruithe a d'fhéadfadh dul i gcion ar shábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe;
- déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile;
- leithdháileann sé acmhainní leordhóthanacha chun déileáil le ceistanna sábháilteachta, sláinte agus leasa;
- ceapann sé daoine inniúla, de réir mar is gá, chun comhairle nó cúnamh a thabhairt don bhord bainistíochta ar shábháilteacht, sláinte agus leas ar scoil.

## **Duine ainmnithe le haghaidh sábháilteachta, sláinte agus leasa a fheidhmíonn ar son an Bhoird, m.sh. an Príomhoide:**

- comhlíonann sé/sí riachtanais Acht 2005;
- tugann sé/sí tuairisc don bhord bainistíochta maidir le feidhmíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa;
- bainistíonn sé/sí sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil ó lá go lá;
- déanann sé/sí cumarsáid le gach duine de phobal na scoile faoi chúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa go rialta;
- cinntíonn sé/sí go ndéantar imscrúdú ar gach timpiste agus teagmhas agus go gcomhlíonfar na tuairiscí reachtúla bainteacha go léir;
- eagraíonn sé druileanna dóiteáin, cúrsaí oiliúna, srl;
- cuireann sé iniúchtaí sábháilteachta i gcrích.

## **Múinteoirí (a bhfuil feidhmeanna sábháilteachta, sláinte agus leasa ar leith acu) más bainteach:**

- ní mór do leas-phríomhoide, príomhoide cúnta, múinteoir dualgas speisialta nó múinteoir ar bith a bhfuil dualgais aige/aici a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas na dualgais atá sannta dó/di a chur i gcrích;
- cé gur ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht deiridh as sábháilteacht, sláinte agus leas, ní mór don mhúinteoir na dualgais ar ghlac sé/sí leo a chomhlíonadh.

## **Múinteoirí / Cúntóirí Riachtanas Speisialta / Foireann Nach Múinteoirí Iad:**

- cloí leis na dualgais reachtúla ar fad maidir le fostaithe, mar atá sainithe faoi Acht 2005;
- comhoibriú le lucht bainistíochta na scoile i gcur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta;
- daltaí a chur ar an eolas faoi na nósanna imeachta sábháilteachta a bhaineann le hábhair, seomraí agus tascanna ar leith;
- cinntiú go leanann daltaí nósanna imeachta sábháilte.
- seiceáil fhoirmiúil a dhéanamh ar an timpeallacht oibre seomra ranga/in aice láimhe chun a chinntiú go bhfuil sí sábháilte agus saor ó lochtanna;
- cinntiú go bhfuil an trealamh sábháilte sula n-úsáidtear é;
- cinntiú go ndéantar measúnuithe riosca le haghaidh guaiseacha nua.
- ionadaí sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh, de réir mar is cuí;
- comhoibriú leis an gcoiste sábháilteachta scoile má tá a leithéid bunaithe;
- timpistí, neastimpistí agus tarluithe contúirteacha a thuairisciú do na daoine bainteacha, mar atá mínithe sa ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa.

## **Daoine eile a úsáideann an scoil:**

Ba chóir go gcloífeadh úsáideoirí eile na scoile, amhail daltaí, tuismitheoirí, oibrithe deonacha agus cuairteoirí, ba chóir go gcloífídis le rialacháin agus treoracha na scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas.

## **Conraitheoirí:**

Ní mór do chonraitheoirí cloí le dualgais reachtúla arna n-ainmniú faoin *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005*, na *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) 2007*, agus aon reachtaíocht bhainteach eile, amhail na *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006*.

- Ní mór do scoileanna na páirteanna ábhartha den ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa agus den chomhad sábháilteachta (má tá ceann acu ann) a chur ar fáil d'aon chonraitheoirí atá i mbun oibre sa scoil thar ceann na scoile.
- Ní mór do scoileanna na rialacháin agus treoracha scoile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas a chur ar fáil do chonraitheoirí.
- Caithfidh conraitheoirí codanna bainteacha dá ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa agus a measúnaithe riosca a chur ar fáil maidir le hobair atá á déanamh.
- Nuair a roinneann scoil a hionad oibre le conraitheoir, ní mór don dá dhream comhoibriú le chéile agus a gcuid gníomhaíochtaí a chomhordú d'fhonn rioscaí sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an obair a sheachaint.

## Oibreacha conraitheora gearrthéarmacha, íosriosca agus aonair lena mbaineann gnáthchothabháil, glantachán, maisiúchán nó deisiúchán:

Glaofaidh lucht na scoile ó am go ham ar sheirbhísí comhlachta chonarthaigh níos lú, amhail pluiméir, leictreoir nó siúinéir, chun roinnt tascanna foirgníochta a dhéanamh. Ós rud é go bhfuil guaiseacha agus rioscaí i gceist le hobair foirgníochta, tá reachtaíocht ar leith ann a rialaíonn an chaoi a ndéantar í. Tá roinnt téarmaí a shainítear sa reachtaíocht seo, agus bíonn na dualgais a leagtar ar dhaoine faoi réir scála agus chastacht na hoibre, agus má tá rioscaí ar leith ann, amhail obair os cionn uisce srl. Tá sonraí breise faoi na dualgais dlí leagtha amach thíos, ós rud é go bhfuil dualgais níos mó i gceist le tionscadail atá níos mó. I gcás go bhfuil conraitheoir amháin i gceist leis an obair seo agus nach bhfuil rioscaí ar leith i gceist, agus mura mbeidh fad an tairc níos faide ná 30 lá oibre nó 500 daonlá, ba chóir na príomhphointí seo a leanas a leanúint le cloí le riachtanais sábháilteachta, sláinte agus leasa, agus le cinntiú go ndéanfar an cineál seo oibre go sábháilte leis an gcur isteach is lú:

- Ní mór don bhord bainistíochta a chinntiú go bhfuil an conraitheoir inniúil. Is é is brí leis seo ná go bhfuil cáilíocht agus taithí oiriúnach ag an gconraitheoir agus go bhfuil sé/sí cláraithe. Mar shampla, ba chóir go mbeadh leictreoir cláraithe le Clár Chonraitheoirí Leictreachais na hÉireann (CCCÉ/RECI) nó le Cumann Sábháilteachta agus Caighdeán na gConraitheoirí Leictreacha (CSCCL/ECSSA). I gcuid mhaith cásanna, beidh liosta ag an scoil dá pearsanra cothabhála féin, agus ní bheidh gá leis seo a athbhreithniú ach amháin sa chás ina dtarlaíonn aon athrú. Tagann an conraitheoir agus an príomhoide le chéile sula dtosaíonn an tionscadal, chun a chinntiú go mbunaítear nasc cumarsáide ón tús agus i gcaitheamh an chonartha ar fad.

Ba chóir don chonraitheoir comhairle a chur ar an bpríomhoide faoin tréimhse dhóchúil oibre, mar aon le comhairle a thabhairt ar conas tabhairt faoi na guaiseacha a d'fhéadfadh titim amach. Ba chóir don chonraitheoir cóip dá ráiteas sábháilteachta a chur ar fáil don phríomhoide chomh maith, in éineacht le measúnú riosca bainteach ar bith a bhaineann leis an tionscadal atá le tosú. Ar an gcaoi chéanna, ba chóir don phríomhoide an conraitheoir a chur ar an eolas faoi réamhchúraimí riachtanacha is gá a chur san áireamh, go háirithe má tá an obair le bheith déanta i rith am scoile.

Sa sampla thuas, tugtar le fios gurb é an príomhoide pointe teagmhála an chonraitheora. Tá sin amhlaidh óir is é an Príomhoide an té atá freagrach as oibriúchán na scoile ó lá go lá agus, mar sin, is é an duine is oiriúnaí le tabhairt faoin obair seo. Ach d'fhéadfadh lucht na scoile cinneadh a dhéanamh oifigeach sábháilteachta nó duine eile a cheapadh, agus an duine sin a mheas a bheith mar theagmhálaí cuí le haghaidh na hoibre go léir. Tá sé tábhachtach go ndéantar an comhairliúchán cuí agus go bhfuil an bord bainistíochta, an príomhoide agus an fhoireann go léir ar an eolas faoin obair a dhéanfar agus faoin tionchar a bheidh aige seo ar ghníomhaíochtaí oibre, lena n-áirítear athruithe riachtanacha ar bith is gá a dhéanamh.

## Oibreacha tógála suntasacha, (m.sh. foirgneamh na scoile a mhéadú).

Nuair is obair thógála shuntasach a mhairfidh níos mó ná 30 lá nó 500 daonlá atá i gceist, glacfaidh an bord bainistíochta an fhreagracht mar "chliant". Ní mór don chliant:

- Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Phróiseas an Deartha (MTPD/PSDP) a bhfuil an oiliúint, eolas, taithí agus na hacmhainní cuí aige/aici a cheapadh i scríbhinn sula dtosaíonn an obair dheartha;
- Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta (MTCF/PSCS) a bhfuil an oiliúint, eolas, taithí agus na hacmhainní cuí aige a cheapadh i scríbhinn sula dtosaíonn an obair foirgníochta;
- comhoibriú leis na maoirseoirí tionscadail agus aon eolas riachtanach a thabhairt dóibh;
- ceapadh an mhaoirseora le haghaidh próiseas an deartha a chur in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) ar Fhoirm Fhormheasta AF1 *"Mionsonraí is gá don Chliant a chur in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta sula dtosaíonn an próiseas deartha"*;
- an comhad sábháilteachta don struchtúr críochnaithe a choinneáil agus a chur ar fáil. Tá faisnéis maidir leis an struchtúr chríochnaithe sa chomhad sábháilteachta a bheidh riachtanach le haghaidh aon oibre cothabhála nó athchóirithe a dhéanfar sa todhcháil.

Déanann an Maoirseoir Tionscadail le haghaidh Chéim na Foirgníochta tuilleadh forbartha ar an bplean sábháilteachta agus sláinte le haghaidh chéim foirgníochta an tionscadail. Cuimsíonn sé seo comhordú socruithe sábháilteachta, sláinte agus leasa cuí ar an láithreán tógála chun timpistí a chosc, m.sh. feithiclí agus coisithe a choinneáil amach óna chéile.

Sula ndéanfar obair foirgníochta ar bith, caithfidh gach bord bainistíochta atá mar chliant é féin a chur ar an eolas faoina fhreagrachtaí dlíthiúla sláinte agus sábháilteachta, mar atá sonraithe sna *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht), 2006*. Tá cur i bhfeidhm forleathan ag baint leis na Rialacháin seo a chuimsíonn tionscadail mhóra amhail foirgníocht chaipitiúil, tionscadail bheaga amhail athchóiriú, ardú foirgnimh réamhdhéanta agus gnáthchothabháil amhail athsholáthar daingneáin solais srl. Tugann na Rialacháin téarmaí nua isteach amhail cliant, maoirseoir tionscadail le haghaidh phróiseas an deartha (MTPD), maoirseoir tionscadail le haghaidh chéim na foirgníochta (MTCF), plean sábháilteachta, sláinte agus leasa, comhad sábháilteachta agus conraitheoir.

Is féidir sonraí a fháil sna foilseacháin Treorach ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, agus iad liostaithe thíos.

[http://www.hsa.ie/eng/Publications\\_and\\_Forms/Publications/Construction/Summary\\_of\\_Key\\_Duties\\_under\\_the\\_Procurement,\\_Design\\_and\\_Site\\_Management\\_Requirements\\_of\\_the\\_Safety\\_Health\\_and\\_Welfare\\_at\\_Work\\_Construction\\_Regulations,\\_2006.html](http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Construction/Summary_of_Key_Duties_under_the_Procurement,_Design_and_Site_Management_Requirements_of_the_Safety_Health_and_Welfare_at_Work_Construction_Regulations,_2006.html)

[http://www.hsa.ie/eng/Publications\\_and\\_Forms/Publications/Construction/Clients\\_in\\_Construction\\_-\\_Best\\_Practice\\_Guidance.html](http://www.hsa.ie/eng/Publications_and_Forms/Publications/Construction/Clients_in_Construction_-_Best_Practice_Guidance.html)

<http://www.education.ie/en/School-Design/Procedures-and-Cost-Plans/>

Tugann na doiciméid threorach seo sainmhíniú ar na téarmaí thuasluaite fosta. Mar shampla, is éard is brí le cliant "duine ar a shon a chuirtear tionscadal i gcrích, i gcúrsa nó mar chabhair dá thrádail, gnó nó gnóthas, nó duine a thugann faoi thionscadal go díreach i gcúrsa nó mar chabhair dá thrádail, gnó nó gnóthas."

Is cliant, de ghnáth, an té a bhfuil i gceannas ar ghnéithe tábhachtacha den tionscadal, mar shampla ar cé a cheaptar mar chonraitheoir chun an obair a dhéanamh. Mar shampla, is tusa an cliant más tusa an príomhoide nó an bord bainistíochta atá freagrach as ceardaithe a fhostú chun bloc ranganna a phéinteáil, nó chun deasca/seilfeanna nua a thógáil i seomra ranga.

### **An tábhacht atá le daoine inniúla a cheapadh**

Is féidir feidhmeanna sábháilteachta, sláinte agus leasa a tharmligean do bhainisteoir sinsearach, amhail an príomhoide. Ach is ar an mbord bainistíochta atá an fhreagracht dhlíthiúil as sábháilteacht, sláinte agus leas i gcónaí. Féadfaidh an scoil, más mian leo, duine a cheapadh a fheidhmeoidh ar a son, m.sh. oifigeach sábháilteachta. Má dhéantar amhlaidh, áfach, ní mór don scoil a bheith sásta go bhfuil an duine a cheaptar inniúil ar an bpost.

**Sainmhínear inniúil mar a leanas faoi Acht 2005** *"Measfar go bhfuil duine inniúil más rud é, ag féachaint don tasc atá le déanamh aige agus ag cur san áireamh méid nó guaiseacha (nó an dá rud) an tasc nó an láthair ina dhéantar an tasc, go bhfuil **oiliúint, taití agus eolas** leordhóthach aige atá oiriúnach don chineál oibre atá le comhlíonadh."*

Is timpeallacht oibre sainiúil í an scoil ach ní hé sin le rá gur timpeallacht ardriosca í go ginearálta. Is iad siúd a dhéanann obair laethúil bhainistíochta agus chomhordaithe na scoile a thuigeann is fearr an timpeallacht. Ba chóir go mbeadh teacht ag an scoil ar eolas, scileanna, nó taití sábháilteachta, sláinte agus leasa atá leordhóthanach chun rioscaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a shainiú agus a bhainistiú go héifeachtach, agus chun cuspóirí cuí a leagan síos.

Ní cheapfar oifigeach sábháilteachta ar chor ar bith i gcuid mhaith scoileanna, agus glacfaidh an príomhoide chomh maith le lucht bainistíochta na scoile an fhreagracht orthu féin as cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhainistiú.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an príomhoide cinneadh a dhéanamh feidhmeanna áirithe a tharmligean do mhúinteoirí aonair, don airíoch, nó do bhaill foirne eile, a mheasfar a bheith inniúil laistigh dá réimsí oibre faoi seach. Féadfaidh measúnú riosca a dhéanann múinteoir ar a seomra ranga a bheith bainteach leis na dualgais seo. Tá ciall leis seo, ós rud é go bhfuil an t-eolas is fearr ag an múinteoir ar a s(h)eomra ranga féin.

### 3.5 Measúnú riosca

*Mar a shonraítear in Alt 19 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, "Sainnithneoidh gach fostóir na guaiseacha a bhaineann leis an ionad oibre atá faoina c(h)úram, agus déanfaidh sé/sí measúnú ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as na guaiseacha trí tuairisc scríofa a choimeád chun na críche sin."*

Is é aidhm iomlán an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta ná íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí. Chun rioscaí a mheas, ní mór don scoil **"measúnuithe riosca"** scríofa a dhréachtú. Cabhraíonn sé seo le guaiseacha agus an riosca a bhaineann leo a shainnithint agus na bearta a chur i bhfeidhm lena n-íoslaghdú. Tugann sé seans don scoil, freisin, tosaíochtaí a shainnithint agus cuspóirí a leagan amach chun guaiseacha a dhíchur agus rioscaí a laghdú laistigh de theorainn ama socrúithe.

I ngach cás inar féidir, ba chóir rioscaí a dhíchur. Áit nach féidir rioscaí a dhíchur, ní mór prionsabail ghinearálta choiscitheacha a chur i bhfeidhm mar chuid de phróiseas an mheasúnaithe riosca. Féach ar na CCanna, Uimh. 32, Cuid 1, Leathanach 50.

**Fig.7: Céim 3: An trí chéim chun measúnú riosca a dhéanamh**



## Conas measúnú riosca a dhéanamh

Is éard is brí le riosca a mheas ná measúnú a dhéanamh ar na nithe a d'fhéadfadh a bheith mar chúis díobhála do d'fhostaithe, d'fhostaithe daoine eile nó d'aon duine eile (lena n-áirítear daltaí, cuairteoirí agus daoine den phobal) a úsáideann an scoil nó áiseanna na scoile.

Is iad seo a leanas na príomhcheisteanna is gá a chur agus measúnú riosca á dhéanamh agat:

- Cad a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le gortú nó díobháil?
- An féidir na guaiseacha a dhíchur agus, murar féidir;
- Cad iad na bearta coisctheacha agus cosanta atá, nó ba chóir a chur i ngníomh chun na rioscaí a rialú?

Ní mór don bhord bainistíochta a chinntiú go ndéanfar an measúnú riosca.

**Céim 1:** Na guaiseacha a shainaithint

**Céim 2:** An riosca a mheas i gcomhréir leis an nguais

**Céim 3:** Bearta rialúcháin chuí a chur i bhfeidhm chun an riosca a dhíchur nó a laghdú

Tá sé d'oibleagáid ar an mbord bainistíochta na bearta rialúcháin a mheasann an measúnú riosca gá a bheith leo a chur i bhfeidhm.

Tá cead ag an mbord bainistíochta críochnú an mheasúnaithe riosca a tharmligean don duine cuí, mar shampla, an múinteoir ar leith atá i ngach seomra ranga. Ní gá gach aon ghuais nó riosca suarach a ghlacann cách leis i gcaitheamh ghnáthchúrsaí an lae a mheas.

Ní mór bearta rialúcháin a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go laghdaítear an baol go dtarlóidh timpiste nó teagmhas de bharr guais atá ar eolas. Agus bearta rialúcháin á gcur i bhfeidhm aige/aici, déanann an fostóir gach rud atá indéanta le réasún chun a chinntiú nach dtarlaíonn díobháil de bharr na guaise, nó gur lú an chosúlacht go dtarlóidh a leithéid.

Má bhíonn guais nua sa timpeallacht oibre de bharr trealamh nua a thabhairt isteach nó má athraítear an córas oibre reatha dá bharr, éilítear measúnú riosca athbhreithnithe ón bhfostóir. Le himeacht ama, ba chóir do mheasúnuithe riosca bheith mar chúrsa gnáthaimh den bhainistíocht ar fad. Sonraítear na rialacháin theicniúla maidir leis na guaiseacha is coitianta san ionad oibre amhail leictreachas, obair ar airde agus torann sna *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007*. Sonraítear freisin na rialacháin a bhaineann le rialúcháin ar nós comharthaí sábháilteachta agus trealamh cosanta pearsanta.

***Tá na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007, ar fáil ag: [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications)***

***Cuireann Cuid 2, Uirlis 4 de na Treoirilinte na huirlisí is gá do scoileanna a úsáid chun measúnuithe riosca a dhéanamh ar fáil.***



### Seicliosta:

- Ar thángthas ar chomhaontú ar cé a shainaithneoidh na guaiseacha agus a dhéanfaidh na measúnuithe riosca? *Tabhair faoi deara: Ba chóir go mbeadh measúnuithe riosca déanta ag daoine atá inniúil orthu, m.sh. múinteoir an tseomra ranga.*
- Ar sainaithníodh na guaiseacha ar fad go foirmiúil?
- An bhfuil measúnuithe riosca scríofa déanta ar na guaiseacha ar fad?
- Ar sainaithníodh agus ar cuireadh i bhfeidhm bearta rialúcháin chuí?
- Ar tuairiscíodh fadhbanna suntasacha gan réiteach don phríomhoide / don bhord bainistíochta?
- Ar tugadh faoi chúrsaí a raibh géarghá aire a dhíriú orthu?
- Ar cuireadh na bearta rialacháin in iúl do na daoine lena mbaineann?
- An ndeachthas i gcomhairle leis an bhfoireann?

## 3.6 Nósanna imeachta éigeandála, sábháilteacht dóiteáin, garchabhair, timpistí agus tarluithe chontúirteacha

*Éilíonn Alt 8 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 go ndéanfaidh gach fostóir “pleananna agus nósanna imeachta leordhóthanacha atá le leanúint agus bearta is gá glacadh leo i gcás éigeandála, chontúirt mhór nó gar-chuntúirt a ullmhú agus a athbhreithniú de réir mar is cúí.”*

### Nósanna imeachta éigeandála

Ní mór nósanna imeachta a fhorbairt roimh ré, a chur in iúl agus a thuiscint go soiléir agus a chleachtadh ar bhonn pleanáilte.

### Seicliosta:

- An bhfuil nós imeachta foirmiúil sa scoil chun déileáil le héigeandáil, m.sh. dóiteán, tuile, sceimhle buama nó mórtheagmhas (timpiste bhóthair, féinmharú)?
- An leagann an nós imeachta amach go soiléir cad atá le déanamh, cé a dhéanfaidh é, cé a dhéanfaidh teagmháil leis na teaghlaigh, cé a dhéanfaidh gníomhartha an lae a chomhordú (leagan amach an róil ag gach duine), cúram leantach (pé áit ar gá), sonraí teagmhála na seirbhísí éigeandála, srl?
- An bhfuil plean bainistíochta do theagmhas criticiúil<sup>1</sup> ag an scoil a chabhróidh leo déileáil le géarchéim mhór, nó le heachtra trámach?

**Féach freisin, “Freagairt ar Theagmhais Chriticiúla, Comhairle agus Paca Eolais do Scoileanna” agus “Freagairt ar Theagmhais Chriticiúla, Treoirlínte do Scoileanna” (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta/an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais) ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie).**

**PBU 04/04 Pleanáil Theagmhásach i gComhthéacs Éigeandála Náisiúnta, rud atá ar fáil ag [www.education.ie](http://www.education.ie)**

<sup>1</sup> “Ciall amháin atá le teagmhas criticiúil ná aon teagmhas nó ord imeachtaí a bhfuil thar ghnáthriocht na scoile déileáil leis agus a chuireann isteach ar ghnáthreachtála na scoile.”

## Sábháilteacht dóiteáin

Ba chóir druileanna dóiteáin a dhéanamh chomh minic agus is gá. Ní mór don scoil minicíocht na ndruileanna dóiteáin a chinneadh. Ní mór aird a thabhairt ar leagan amach na scoile, éascaíocht dul isteach agus dul amach, agus na riachtanais ghinearálta atá ar na daltaí a fhreastalaíonn ar an scoil. Is dea-chleachtas é an t-aláram dóiteáin a thástáil uair sa tseachtain ar lá socraithe agus ag am ar leith. Ní mór don bhord bainistíochta tosaíocht a dhéanamh d'aon deisiúchán nó ionadúchán a theastaíonn ón gcóras aláram.

Éiríonn go leor ceisteanna as pleanáil an druil dóiteáin. Cé go bhfuil pleanáil an druil dóiteáin tábhachtach, ní gá réamhfhógra a thabhairt don fhoireann faoi. Ní mór treoir a thabhairt d'fhostaithe maidir leis na réamhchúraimí atá ann maidir le nósanna imeachta éigeandála agus aslonnaithe. Ní mór don bhord bainistíochta nó don phríomhoide fostaithe a ainmiú chun na nósanna imeachta a chur i bhfeidhm i gcás éigeandála. Caithfidh an bord bainistíochta a chinntiú go bhfuil an oiliúint chúí curtha ar na fostaithe ainmnithe agus an trealamh cúí ar fáil dóibh le déileáil leis an éigeandáil. Ní mór bealaí éalaithe a choinneáil glan agus bealaí amach éigeandála gan ghlas orthu nó saor le hoscailt le brúbharr. Ba chóir do dhuine inniúil an córas leictreachais a sheiceáil go tráthrialta. Ní mór an scoil a réiteach le trealamh comhraicthe dóiteáin agus trealamh braite dóiteáin chúí. Tá tuilleadh eolais agus comhairle ar fáil ó Rannóg Seirbhísí Dóiteáin an Údaráis Áitiúil nó na Comhairle Cathrach.

Is féidir leis an scoil cinneadh gur cúí réamhfhógra a thabhairt roimh dhruil dóiteáin chun riosca timpistí a d'fhéadfadh tarlú lena linn a íoslaghdú. Ba chóir éifeachtacht an druil a athbhreithniú agus a mheasúnú i ngach cás.

### Seicliosta:

- An bhfuil plean aslonnaithe éigeandála ag an scoil?
- Ar cuireadh an plean seo in iúl do na páirtithe ar fad agus an bhfuil sé ar taispeáint?
- An ndéanann sé freastal ar dhaoine faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile orthu?
- An saináithnítear na hionaid tionóil dóiteáin?
- An bhfuil na hionaid tionóil dóiteáin marcáilte go soiléir?
- An bhfuil treochomharthaí dóiteáin ar taispeáint sa scoil?
- An bhfuil soirsiú éigeandála suiteáilte ag an scoil?
- An gcoinnítear na bealaí éalaithe dóiteáin saor?
- An ndéanann an scoil dhá dhruil dóiteáin in aghaidh na bliana ar a laghad?
- An ndéantar na druileanna seo a uainiú?
- An ndéantar taifeadadh ar thoradh na ndruileanna dóiteáin agus an ndéantar gníomhartha nuair is gá?
- An ndéantar athbhreithniú ar an bplean aslonnaithe éigeandála go rialta?
- An bhfuil trealamh comhraic dóiteáin (spóil píobáin dóiteáin, soirsiú éigeandála, múchtóirí dóiteáin, pluideanna dóiteáin srl.) ar fáil?
- An ndéantar iniúchadh agus seirbhísíú ar na fearais agus ar an trealamh dóiteáin go léir de réir ceanglais dhlíthiúla?
- An bhfuil oiliúint curtha ar an bhfoireann go léir ar úsáid trealamh comhraic dóiteáin?

## Garchabhair

*Leagan Caibidil 2 de Pháirt 7 de na Rialacháin Feidhme Ghinearálta 2007 amach na riachtanais gharchabhrach d'ionaid oibre. "Tá sé de dhualgas ar fhostóirí trealamh garchabhrach a chur ar fáil i ngach ionad oibre má éilíonn na coinníollacha oibre é. Ag brath ar mhéid nó ar ghuais shainiúil (nó an dá rud) an ionaid oibre, ní mór garchabhróirí saothair oilte a chur ar fáil freisin. Seachas i gcás eisceachtaí ar leith, ní mór seomraí garchabhracha a chur ar fáil más cuí sin. Ní mór na fostaithe a chur ar an eolas freisin i ndáil le háiseanna agus socruithe garchabhracha ar an láthair".*

### Seicliosta:

- Ar chuir an scoil oiliúint ar líon leordhóthanach garchabhróirí ceirde de dhroim na dtorthaí a fuarthas tar éis measúnú riosca a dhéanamh?
- An bhfuil a fhios ag gach duine cé hiad na garchabhróirí ar scoil?
- Cad é an trealamh atá ar fáil do gharchabhróirí?
- An gcloíonn na fearais gharchabhrach go hiomlán leis an reachtaíocht agus leis an treoir? Cé a sheiceálann iad?
- Cá bhfuil an trealamh suite?
- An bhfuil nósanna imeachta comhaontaithe ann maidir le cathain is cóir garchabhair a thabhairt?

## Timpistí agus tarluithe chontúirteacha

Ba chóir don ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa beartas agus nós imeachta maidir le himscrúduithe, tuairiscí agus taifid ar thimpistí a leagan amach go soiléir. Ba chóir do gach bord bainistíochta taifead a dhéanamh ar thimpistí agus neastimpistí/tarluithe chontúirteacha a tharlaíonn san ionad oibre. Ba chóir na nósanna imeachta maidir le fógraí faoi thimpistí atá leagtha amach i ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile a leanúint nuair a éilítear fógra.

Tá ceanglas dlí ar gach bord bainistíochta timpistí agus teagmhais ar leith a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Más mian leat a fháil amach céard iad na hoibleagáidí tuairiscithe, féach ar na CCanna, Uimh. 34-38, Cuid 1, Leathanach 51-53, le do thoil.

### Seicliosta:

- An bhfuil beartas timpistí scoile ann a leagann amach na nósanna imeachta atá le cur i ngníomh má tharlaíonn timpiste nó tarlú chontúirteach (.i. garchabhair, fios a chur ar dhochtúir, ar thuismitheoirí/chaomhnóirí, ar otharcharr)?
- An bhfuil nósanna imeachta maidir le tuairiscí agus taifid inmheánacha ann a dhéileálann le gach cineál timpiste?
- Cinntigh go ndéantar timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar líne. Tá foirmeacha IR1 agus IR3 ar fáil ag [www.hsa.ie/](http://www.hsa.ie/) foilseacháin
- An ndéantar imscrúdú ar gach timpiste?
- An ndéantar beart ceartaitheach nuair is gá?
- An bhfuil fáil ag an mbord bainistíochta agus ag an gcoiste sábháilteachta, má tá leithéid ann, ar na tuairiscí ar a leithéid de ghníomhartha?
- An gcoinnítear taifid ar na teagmhais agus timpistí ar fad?

***Féach Cuid 2, Uirlis 5 Foirm Thaifid ar Thimpiste nó ar Theagmhais - chun taifead inmheánach a dhéanamh ar thimpistí agus teagmhais, Leathanach 112.***

## 3.7 Teagasc, oiliúint agus maoirseacht

*Éilíonn Ailt 8 agus 10 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 go gcuirfidh gach fostóir treoir, oiliúint agus maoirseacht ar fáil dá f(h)ostaithe maidir le sábháilteachta, sláinte agus leas ag an obair.*

A luaithe agus a chuirtear plean bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa i bhfeidhm, ba chóir anailís riachtanais oiliúna a chríochnú chun na heasnaimh a shainaithint agus iarracht a dhéanamh déileáil leo. A luaithe agus a shainaithnítear na riachtanais oiliúna um shábháilteacht, sláinte agus leas, ba chóir iad a chur isteach i bplean bliantúil na scoile maidir le hoiliúint, agus athbhreithniú a dhéanamh orthu ar bhonn tráthrialta chun a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais oiliúna ar fad.

**Féach Cuid 2, Uirlis 6, Leathanach 114**, chun sonraí a fháil faoi ghnáthoiliúint sábháilteachta, sláinte agus leasa is cóir a bhreithniú nuair a bhíonn riachtanais oiliúna á measúnú, i gcomhréir leis na tréimhsí ama molta.

### Seicliosta:

- Ar ullmhaigh an scoil plean oiliúna bliantúil sábháilteachta, sláinte agus leasa? (is féidir measúnuithe riosca comhlíonta a úsáid chun riachtanais oiliúna a shainaithint)
- An gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh sa plean oiliúna:
  - próiseas foirmiúil chun riachtanais oiliúna maidir le sábháilteacht agus sláinte gach grúpa laistigh de phobal na scoile a shainaithint?
  - an oiliúint sábháilteachta is gá a chur ar fáil do gach éinne chun go mbeidís in ann a gcuid dualgas a chomhlíonadh, mar a shainaithnítear sna measúnuithe riosca agus mar a leagtar mach sa ráiteas sábháilteachta?
  - taifead ar na seisiúin oiliúna, faisnéise agus eolais ar fad?
  - taifead ar thinreamh na seisiún oiliúna agus bileog thinrimh shínithe?
  - sceideal a leagann amach na dátaí ar a mbeidh oiliúint athnuachana le déanamh?

**Féach ar Chuid 2, Uirlis 6 (A), (B), agus (C), Leathanaigh 115-119.**

## 3.8 Cumarsáid agus Comhairliúchán

*De réir Ailt 20(3) den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 ní mór do gach fostóir an ráiteas sábháilteachta a chur in iúl do na daoine seo a leanas i bhfoirm, ar mhodh agus, de réir mar is cuí, i dteanga atá réasúnta sothuigthe:*

- dá c(h)uid fostaithe, uair sa bhliain ar a laghad agus, ag am ar bith eile a dhéantar leasú air;
- d'fhostaithe nua-earcaithe nuair a thosaíonn siad ag obair;
- do dhaoine eile san ionad oibre a d'fhéadfadh a bheith faoi lé aon riosca sainiúil lena mbaineann an ráiteas sábháilteachta, m.sh. conraitheoirí atá i mbun oibre sa scoil.

Ba chóir go mbeadh teacht ag na daltaí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus cuairteoirí go léir chun na scoile ar an ráiteas sábháilteachta chomh maith, de réir mar is cuí.

Is dlúthchuid í an chumarsáid d'eagrú agus oibriú an ráitis sábháilteachta, sláinte agus leasa. Ní mór don fhoireann go léir a bheith curtha ar an eolas faoi ábhar an ráitis sábháilteachta, na mbeartas agus nósanna imeachta sábháilteachta, measúnuithe riosca, miontuairiscí an chruinnithe ag coiste sábháilteachta, sa chás go bhfuil a leithéid bunaithe, torthaí iniúchtaí agus torthaí ar athbhreithniú feidhmíochta.

Ní mór don phróiseas cumarsáide deis a thabhairt d'fhostaithe nithe a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas a chur faoi bhráid lucht bainistíochta, agus iad a spreagadh chun é seo a dhéanamh. Ba chóir beartas cumarsáide scríofa a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ní mór don bheartas ról na foirne i bhforbairt an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta a chur in iúl, agus modhanna chun cumarsáid a dhéanamh leis an bhfoireann maidir le nithe sábháilteachta, sláinte agus leasa a leagan amach.

Is féidir le bunú coiste sábháilteachta agus roghnú/ceapadh ionadaithe sábháilteachta ar son na foirne dea-chumarsáid a éascú. Tá sé tábhachtach go mbeadh baint ag cúntóirí riachtanas speisialta, airígh, glantóirí agus foireann neamh-theagaisc leis an gcreat cumarsáide, óir is iadsan go minic a dhéanann na gníomhaíochtaí oibre ar scoil lena mbaineann an riosca is airde.

Is dea-chleachtas é a chinntiú go bhfuil ainmneacha agus grianghraif na ngarchabhróirí, maoir dhóiteáin agus daoine freagracha ar taispeáint ar chlár fógraí sábháilteachta, sláinte agus leasa in áiteanna feiceálacha ar fud na scoile. Is féidir eolas faoi na fearais gharchabhrach éigeandála is gaire, bealaí aslonnaithe dóiteáin agus nósanna imeachta éigeandála ginearálta a chur in airde ar chlár fógraí sábháilteachta, sláinte agus leasa chomh maith.

Ba chóir ainmneacha na ndaoine go léir atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas a chur in iúl do na fostaithe. Ba chóir nósanna imeachta, guaiseacha sainiúla agus bearta rialúcháin a chur in iúl d'fhostaithe freisin, lena n-áirítear fostaithe ionadaíochta, fostaithe sealadacha, fostaithe nua agus fostaithe atá ag teacht ar ais tar éis cead neamhláithreachta a fháil.


Ba chóir don bhord bainistíochta na beartais agus na nósanna imeachta ar fad a dhaingniú agus a chur in iúl do phobal na scoile más cuí sin, m.sh. beartas frithbhulaíochta, beartas faoi fhostaithe atá ag iompar clainne, srl. Cuireann roinnt scoileanna gach beartas ar leith isteach sa ráiteas sábháilteachta, agus fágann roinnt eile mar bheartais neamhspleácha iad.

Beidh baint ag go leor de na beartais seo a leanas le gach scoil. Cé go mbeidh beartais den chineál seo ag roinnt scoileanna cheana féin, beidh gá lena bhforbairt i scoileanna eile Tá acmhainní le tacú le forbairt a leithéid de bheartais ar fáil ar shuíomhanna gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, na Roinne Oideachais agus Scileanna, na gcomhlachtaí bainistíochta, eagraíochtaí príomhoidí agus múinteoirí.

- Turais scoile
- Gníomhaíochtaí seach-churaclaim
- Cuairteoirí agus conraitheoirí
- Úsáid tríú páirtí áitreabh na scoile
- Insealbhú foirne nua
- Dínit san ionad oibre
- Bearta frithbhulaíochta agus frithchiapála
- Fostaithe atá ag iompar clainne, fostaithe iarbhreithe agus fostaithe a bhfuil leanbh cíche acu
- Obair ar airde
- Láimhsiú
- Trealamh scáileán taispeána
- Obair aonair agus obair oíche
- Trealamh cosanta pearsanta (TCP)
- Sábháilteacht a chur chun cinn tríd an gcuraclam (féach na CCanna Uimh. 44)
- Cód Iompair
- Úsáid Substaintí
- Cosaint leanaí
- Riachtanais speisialta
- Comhionannas
- Beartais fostaíochta
- Comhghnás sábháilteachta ar bhóithre
- Sábháilteacht Idirlín: Beartas Úsáide Inghlactha
- Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta
- Riar Leigheasanna

***Féach Cuid 2, Uirlis 7B chun seicliosta a fháil de na modhanna éagsúla cumarsáide is féidir leis an scoil a úsáid chun eolas sábháilteachta, sláinte agus leasa a scaipeadh, Leathanach 121.***

# Céim 4: Ag tomhas feidhmíochta



**Fig.8 Céim 4: Ag tomhas feidhmíochta**

Ba chóir don bhord bainistíochta tomhas, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a chóras bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa le cinntiú go bhfuil sé láidir. Is féidir é seo a dhéanamh ar bhealaí simplí: Mar shampla, is féidir feidhmíocht a mheas in aghaidh chaighdeáin a bhfuil glacadh leo, amhail:

- riachtanais reachtúla;
- beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile agus an measúnú riosca scríofa atá sa ráiteas sábháilteachta;
- cuspóirí sábháilteachta, sláinte agus leasa, mar chuid de phlean na scoile.

Taispeánfaidh sé seo cathain agus cén áit is gá feabhsuithe a dhéanamh agus cé chomh héifeachtach agus atá feidhmiú an CBS.

Ba chóir go gceapfadh lucht bainistíochta na scoile nósanna imeachta chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht na scoile i gcur chun cinn sábháilteachta, sláinte agus leasa. Déanfar é seo le cinntiú gur cuireadh gníomhartha atá leagtha amach i bplean sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile i ngníomh, nó murar cuireadh, go gcuirfear i ngníomh iad gan mhoill.

Is féidir monatóireacht a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, amhail athbhreithniú tréimhsiúil ag cruinnithe foirne agus cruinnithe bord bainistíochta, le cinntiú go bhfuil an córas bainistíochta sábháilteachta i bhfeidhm, agus go bhfuil an ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa a chuimsíonn measúnuithe riosca i bhfeidhm; cigireacht agus seiceáil fhoirmiúil ar gach limistéar scoile ag amanna réamhshocraithe chun nithe ag éirí as a fháil amach; cigireacht agus seiceáil trealamh ar nithe amhail fearais bhraite dóiteáin agus córais eastósctha; athbhreithniú tréimhsiúil ar thimpistí, neastimpistí, agus tarluithe contúirteacha le deimhniú an gá gníomh ceartaitheach a dhéanamh.

Seiceálfaidh an coiste sábháilteachta freisin go bhfuil an ráiteas sábháilteachta á chur i bhfeidhm, ag tabhairt dá n-aire aon cheisteanna a éiríonn as. Cinntíonn féinmonatóireacht ghníomhach go gcuirtear aon athruithe ar dhálaí oibriúcháin, trealamh nó reachtaíocht san áireamh.

***Féach Cuid 2, Uirlis 8 Monatóireacht, lena n-áirítear Teimpléad Samplach le haghaidh Iniúchtaí (A) agus bileog Shamplach le haghaidh Seiceáil Iniúchta (B), Leathanach 122.***

### Seicliosta:

- An bhfuil sceideal comhaontaithe ann a leagan amach na láithreacha/earraí atá le hiniúchadh?
- An ndéantar iniúchtaí ar threalamh agus troscán sa scoil nó ar láthair na scoile sula n-úsáidtear iad, go laethúil, go seachtainiúil, go míosúil, go téarmach nó go bliantúil, de réir mar is cuí?
- An bhfuil liosta ann a shonraíonn cé a dhéanfaidh na hiniúchtaí agus cad iad na láithreacha a ndéanfar iniúchtaí orthu, m.sh. seomraí ranga, oifigí, limistéir ilfhóinteacha, limistéir stórála, teach coire, clós agus halla spóirt?
- An ndéanann an córas measúnaithe riosca arna bunú taifead foirmiúil ar stádas na nguaiseacha ar fad a thuairiscítear, agus an gcuireann sé in iúl na bearta rialúcháin atá riachtanach, na bearta atá curtha i bhfeidhm go dtí seo, an fhreagracht atá ann na bearta a chur i bhfeidhm agus, ar deireadh, an gcinntíonn sé go gcuirtear ainm le cur i gcrích na dtascanna uile seo?
- An ndéantar iniúchtaí ar an láthair go rialta chun guaiseacha dóiteáin agus guaiseacha sábháilteachta agus sláinte eile a d'fhéadfadh tarlú ó am go ham a shainaitheint?
- An bhfuil clár cothabhála coisctheach agus seirbhíse ann d'fhearais seirbhíse feistithe, innealra, trealamh, tailte agus foirgnimh?
- An gcoinnítear taifid maidir leis an gclár cothabhála coisctheach?
- An gcuimsíonn "Tuarascáil an Phríomhoide" don bhord bainistíochta eolas faoi stádas an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta sa scoil agus eolas bainteach eile a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas?

# Céim 5: Iniúcháireacht agus athbhreithniú



Fig.9 Céim 5:  
Iniúcháireacht agus  
athbhreithniú

Is iad an iniúcháireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann an bord bainistíochta ar an gCóras Bainistíochta Sábháilteachta an dá chéim dheireanacha den timhriall bainistíochta. Cuireann an chéim seo ar chumas na scoile a cumas laghdaithe rioscaí a chothabháil agus a fhorbairt, chomh maith le héifeachtacht an chórais a chinntiú.

Ba chóir don scoil éifeacht an phlean sábháilteachta, sláinte agus leasa a mheas ag am atá socraithe roimh ré, (m.sh. uair sa téarma, uair sa bhliain), ag cur san áireamh aiseolas ó phobal na scoile, teagmhais agus/nó timpistí suntasacha, tarluithe contúirteacha, riachtanais rialúcháin agus reachtaíochta nua agus aon fhorbairtí ábhartha eile.

Is féidir an fhaisnéis a fhaightear ó mhonatóireacht leanúnach a úsáid chun beartais agus nósanna imeachta reatha a athbhreithniú agus a bhfeidhmíocht a fheabhsú dá bharr.

Ba chóir iniúcháireacht bhliantúil sábháilteachta, sláinte agus leasa a dhéanamh. Is athbhreithniú agus tuairisc chuimsitheach é seo ar gach gné de bhainistiú sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil. Cuirtear uirlis iniúcháireachta shamplach ar fáil i gCuid 2, Leathanaigh 5 - 8.

Is féidir torthaí a fhaightear ó iniúcháireacht a chomhcheangal le heolas a fhaightear ó thomhas feidhmíochta, chun cur chuige foriomlán na scoile maidir le bainistíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa a fheabhsú.

Ba chóir an ráiteas sábháilteachta a athchóiriú más gá, i gcomhthéacs an phróisis athbhreithnithe agus mheasúnaithe. Ba chóir gach duine de phobal na scoile a chur ar an eolas faoi na sonraí iomlána sa ráiteas athmheasta sábháilteachta, sláinte agus leasa.

## Seicliosta:

- Cad iad na nósanna imeachta atá ann chun an iniúcháireacht bhliantúil sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur i gcrích?
- An ndéantar athbhreithniú ar an ráiteas sábháilteachta, sláinte agus leasa agus an ndéantar na leasuithe is gá dó ar shlí a léiríonn na hathruithe a tharlaíonn sa scoil?
- An bhfuil an iniúcháireacht sábháilteachta, sláinte agus leasa mar chuid den phróiseas rialta féinmheasúnaithe agus pleanála scoile?

**Féach Cuid 2, Uirlis 1 (B): Uirlis Iniúcháireachta Bainistíochta Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa ar Scoil, Leathanaigh 5-8.**





**Treoirlínte ar Bhainistiú  
Sábháilteachta, Sláinte  
agus Leasa  
i mBunscoileanna**

**CCanna**



# Ceisteanna Coitianta (CCanna)

Reachtaíocht

Córas bainistíochta sábháilteachta,  
sláinte agus leasa

Pleanáil

Róil agus freagrachtaí

Ráiteas sábháilteachta agus  
measúnú riosca

Imscrúdú agus tuairisciú timpistí

Tuilleadh eolais agus tacaíocht

# Ceisteanna Coitianta (CCanna)

## REACHTAÍOCHT

### C1. Cad é an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005?

**A.** Tugtar sonraí san *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ar Obair 2005* ar an gcaoi ar chóir sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú, agus deimhniú sé freagrachtaí fostóirí, daoine féinfhostaithe, fostaithe agus páirtithe éagsúla eile maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair. Tugtar sonraí san Acht freisin ar ról agus ar fheidhmeanna an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, déantar foráil ann le haghaidh réimse bearta forfheidhmithe agus luaitear pionóis ann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm toisc sárú a bheith déanta ar shábháilteacht, sláinte agus leas ceirde. Is Acht údaráithe é an tAcht agus dá bhrí sin is féidir rialacháin nua a chur leis ó am go ham.

Tá Acht 2005 ar fáil ag <http://www.hsa.ie/eng/Legislation/Acts>

### C2. Cad iad na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007?

**A.** Tugadh na Rialacháin seo isteach in ionad mórán seanrialachán a bhaineann le gach ionad oibre agus déanann siad na seanrialacháin seo a shimpliú agus a leasú chun dáta. Ciallaíonn an téarma "feidhm ghinearálta" go mbaineann na codanna agus na hailt éagsúla le gach cineál fostaíochta lena n-áirítear scoileanna. Leagtar amach sna rialacháin na ceanglais a bhaineann le láimhsiú ualach, le leictreachas, le torann, le crith, le garchabhair, srl.

Baineann na *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007* leis na nithe seo a leanas:

An t-ionad oibre	Leictreachas	Obair oíche agus sealobair
Úsáid trealaimh oibre	Obair ar airde	Comharthaí sábháilteachta ag ionaid oibre
Trealamh cosanta pearsanta (TCP)	Cosaint leanaí agus daoine óga	Fostaithe ag iompar clainne, fostaithe iarbheirthe agus fostaithe a bhfuil leanbh cíche acu a chosaint
Láimhsiú	Torann ag an obair a rialú	Garchabhair
Trealamh scáileán taispeána	Crith ag an obair a rialú	Atmaisféar pléasctha ag ionaid oibre

Nóta Níor fágadh i ngníomh tar éis an 1 Samhain 2007 ach Cuid X agus an Dara Sceideal Déag ag gabháil leis na Rialacháin um Fheidhm Ghinearálta 1993, a bhaineann le timpistí agus le tarluithe contúirteacha a chur in iúl.

Tá sraith iomlán na rialachán agus na dTreoirínte ar fáil ag [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications).

### C3. Cad iad na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003?

**A.** Déantar foráil san *Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981*, do bhunú údaráis dóiteáin, d'eagrú seirbhísí dóiteáin, do shábháilteacht dóiteáin, do chomhrac dóiteáin, do dhaoine agus do mhaoin a chosaint agus a tharrtháil agus do chúrsaí gaolmhara.

Tá cumhachtaí éagsúla iniúchta agus forfheidhmithe ag na húdaráis dóiteáin maidir le bearta coisctheachta dóiteán/sábháilteachta sna foirgnimh atá ann cheana féin lena n-áirítear scoileanna. Faoin *Acht Seirbhísí Dóiteáin, 1981*, is ar an úinéir/an t-áititheoir atá an “dualgas cúraim” maidir le sábháilteacht dóiteáin i bhfoirgnimh.

Déantar foráil san *Acht Seirbhísí Dóiteáin 2003* do cheadúnú imeachtaí faoi dhíon agus déantar an *tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981* a leasú ann.

### C4. An mbaineann an tAcht um Dhliteanas Áititheoirí 1995 leis an scoil againn?

**A.** Baineann. Is é an *tAcht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995\**, an reachtaíocht ar a mbunaítear mórán dlíthíochta maidir le gortuithe trú páirtí.

Sainmhínítear áititheoir mar dhuine/mar chomhlacht atá i gceannas ar an áitreabh agus i gcás scoileanna, is é an bord bainistíochta atá freagrach as timpistí nó drochshláinte a tharlaíonn mar gheall ar staid nó riocht áitreabh na scoile.

Leagann an *tAcht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995*, dualgais ar áititheoirí maidir le trí chatagóir iontrálaithe:

- **Cuairteoir** – iontrálaí, seachas úsáideoir áineasa, atá i láthair in áitreabh ar chuireadh ón áititheoir nó le cead an áititheora. I gcás scoileanna: dalta atá i láthair in áitreabh scoile le linn gnáthuaireanta scoile, múinteoir nó fostaí eile nó conraitheoir íoctha nó tuismitheoir/caomhnóir, thioctadh na daoine seo faoi chatagóir an chuariteora.
- **Úsáideoir áineasa** – iontrálaí atá i láthair in áitreabh, le cead an áititheora nó gan cead an áititheora chun gabháil do ghníomhaíocht áineasa, gan táille seachas táille i leith áiseanna páirceála carranna a íoc.
- **Foghláí** – iontrálaí seachas úsáideoir áineasa nó cuairteoir.

#### Cuairteoir

Tá sé de dhualgas, maidir le cuairteoirí, cibé cúram is réasúnta sna cúinsí go léir a dhéanamh chun a chinntiú nach mbainfidh gortú nó damáiste do chuariteoir agus dá m(h)aoín de bhíthin contúirte ar bith atá sa scoil. Ach caithfidh aird a bheith ag cuairteoir ar a s(h)ábháilteacht féin, chomh maith le maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar dhuine ar bith faoina c(h)úram. Comhaontuithe nó fógraí ar bith atá curtha ar taispeánt ag an áititheoir, caithfidh siad a bheith réasúnach sna himthosca go léir agus caithfear aird an chuariteora a tharraingt orthu.

#### Úsáideoir áineasa agus foghláí

Is é an dualgas a dhlítear i leith úsáideoirí áineasa agus foghlaithe ná gan an duine a ghortú nó gan damáiste a dhéanamh do mhaoin an duine go hintinneach, agus gan neamhaird a thabhairt go meargánta ar an duine nó ar mhaoin an duine.

\*<http://www.irishstatutebook.ie/1995/en/act/pub/0010/index.html>

## CÓRAS BAINISTÍOCHTA SÁBHÁILTEACHTA, SLÁINTE AGUS LEASA

### C5. Céard is "córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa" ann?

**A.** Tugtar sonraí i gcóras bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ar an gcaoi a ndéantar sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú agus sa chóras seo tá beartais agus nósanna imeachta maidir le struchtúr eagraíochtúil, gníomhaíochtaí pleanála, freagrachtaí, cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní chun an beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a bhaint amach, a athbhreithniú agus a chothabháil, agus le haghaidh na ngníomhaíochtaí go léir a bhaineann leis an scoil. Is féidir Treoirlínte Praiticiúla dar teideal "Bainistíocht Sábháilteachta agus Sláinte san Ionad Oibre" a aimsiú freisin ag [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications).

### C6. An bhfuil bunús dlí leis na Treoirlínte seo um Bainistíocht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna?

**A.** Ní doiciméad dlíthiúil é seo, ach cabhraíonn na Treoirlínte seo le scoileanna chun a ndualgais dhlíthiúla a chomhlíonadh faoi Acht 2005. Tá sé mar chuspóir ag na Treoirlínte seo cúnamh praiticiúil a sholáthar don bhord bainistíochta, lena n-áirítear comhairle agus moltaí ar an gcaoi le córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur i bhfeidhm agus a fheidhmiú sa scoil acu. Cabhraíonn na Treoirlínte leis na boird bhainistíochta Acht 2005 agus an dea-chleachtas idirnáisiúnta a thuiscint agus a léirmhíniú, agus cabhraíonn siad freisin le fostaithe a ndualgais dhlíthiúla faoin Acht a chomhlíonadh.

### C7. An mbaineann na Treoirlínte le gach fostaí sa scoil?

**A.** Baineann. Baineann an tsábháilteacht le gach duine. Faoin *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*, tá dualgais ar fhostóirí, ar fhostaithe, ar dhaoine atá i gceannas ar ionaid oibre, ar dhearthóirí, ar dhéantóirí, ar allmhaireoirí agus ar sholáthraithe earraí agus substaintí. Tá freagracht fhoriomlán ar an mbord bainistíochta as an ráiteas sábháilteachta. Tá dualgas dlí ar fhostaithe comhoibriú leis an mbord bainistíochta sa phróiseas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa. Tá múinteoirí i gceannas ar a ngníomhaíocht oibre sa seomra ranga, nó i limistéar eile ina mbíonn daltaí á múineadh acu, agus cuirtear de dhualgas orthu dá bhrí sin páirt ghníomhach a ghlacadh i mbainistíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa sna limistéir seo.

## PLEANÁIL

### C8. Céard í pleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa?

**A.** Ba chóir do gach scoil plean a cheapadh chun a beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach sa ráiteas sábháilteachta. Déanann an plean seo cur síos ar an gcaoi a soláthróidh struchtúr éifeachtach bainistíochta a beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa. Leagtar amach sa phlean cad a dhéanfar, cé a dhéanfaidh é agus an mheicníocht athbhreithnithe a chinnteoidh go ndéanfar gach tasc.

### C9. An gá do scoil dul i mbun pleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa?

**A.** Luann an *tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* gur gá d'fhostaithe sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú san ionad oibre ar mhaithe le timpistí agus drochshláinte a sheachaint. Tá an phleanáil ar na príomhghnéithe de chóras rathúil bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa. Ba chóir do scoil plean a cheapadh chun a beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a chomhlíonadh, mar atá leagtha amach sa ráiteas sábháilteachta.

### C10. An bhfuil an phleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa ina cuid den Fhéinmheasúnú agus Pleanáil Scoile?

**A.** Tá an phleanáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú go héifeachtach ina bunchuid den fhéinmheasúnú agus pleanáil scoile. Baineann mórán buntáistí le cur chuige sa scoil uile maidir le bainistiú ar athrú. Cloíonn an phleanáil sábháilteachta, sláinte agus leasa atá mínithe sna Treoirínte seo leis an tsamhail féinmheasúnaithe agus phleanála scoile a úsáidtear sa chuid is mó bunscoileanna. Ar leathanach 67 de dhoiciméad na Roinne Oideachais agus Scileanna darb ainm "*Treoirínte ar Fhéinmheasúnú Scoile do Bhunscoileanna*", cuimsíonn an seicliosta beartais is gá do gach scoil a chomhlánú mar chuid dá Tuairisc Féinmheasúnaithe, cuimsíonn sé meabhrúchán faoin riachtanas atá ann ráiteas sábháilteachta a bheith ann.



## RÓIL AGUS FREAGRACHTAÍ

### C11. Cad iad na freagrachtaí atá ar stiúrthóirí agus ar bhainisteoirí sinsearacha as sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre?

**A.** Tá freagrachtaí níos mó ar fhostóirí anois faoi alt 80 d'Acht 2005 ar "Dhliteanas Stiúrthóirí agus Oifigeach Gnóthas" ina n-éilítear orthu a bheith in ann a thaispeáint go ndearna siad sábháilteacht, sláinte agus leas a n-oibrithe a bhainistiú go forghníomhach.

Braitheann dliteanais stiúrthóirí agus oifigeach gnóthas faoi Acht 2005 ar ról an bhoird agus na foirne bainistíochta sinsearaí sa ghnóthas. D'fhéadfadh boird bhainistíochta, príomhoídí agus i gcásanna áirithe, múinteoirí nó baill foirne eile a bheith curtha san áireamh le bheith mar stiúrthóirí nó oifigigh gnóthais<sup>1</sup>. Is gnách go mbíonn bainistíocht, rialú agus treoir rialta na scoile ó lá go lá á socrú ag an bpríomhoide. Caithfidh an príomhoide na teoracha leathana straitéiseacha ar bhainistíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa a leanúint, rudaí a bhíonn socraithe ag an mbord bainistíochta. Caithfidh an príomhoide cinneadh a dhéanamh chomh maith ar an gcaoi ar chóir don bhainistíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa tarlú sa scoil agus tá sé/sí freagrach as a chinntiú go leantar dea-chleachtas.

Tá tuilleadh eolais ar fáil sa "Treoir do Stiúrthóirí agus Bainisteoirí Sinsearacha ar a bhFreagrachtaí as Sábháilteacht, Sláinte agus Leas san Ionad Oibre", rud atá ar fáil ag [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications)

### C12. An dea-chleachtas é don scoil oifigeach/comhordaitheoir/riarthóir sábháilteachta a cheapadh?

**A.** Leagann an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 dualgais ar leith ar an bhfostóir bainistíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa san ionad oibre a chinntiú. Ní gá do scoileanna oifigeach sábháilteachta a cheapadh faoin reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Nuair a chinntear sa scoil, áfach, go ndéanfar oifigeach sábháilteachta a cheapadh chun an tsábháilteacht a bhainistiú ar son an bhoird bhainistíochta, caithfear a bheith sásta go bhfuil an duine sin inniúil ar an ról. Bíonn an príomhoide mar oifigeach sábháilteachta i gcuid mhaith scoileanna. Féach freisin "An tábhacht a bhaineann le daoine inniúla a cheapadh" ar leathanach 25.

D'fhéadfaí gnáthfheidhmeanna an oifigigh sábháilteachta a tharmligean nó d'fhéadfadh ball foirne eile gníomhú mar oifigeach sábháilteachta nuair is gá. Ach ní féidir an fhreagracht fhoriomlán as sábháilteacht, sláinte agus leas a tharmligean. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir a bhfuil freagracht áirithe air/uirthe dul i mbun roinnt feidhmeanna de chuid an oifigigh sábháilteachta, ach fanann an fhreagracht ar an oifigeach agus fanann an fhreagracht ghinearálta as sábháilteacht, sláinte agus leas sa scoil ar an mbord bainistíochta.

*Ní hionann an t-oifigeach sábháilteachta agus an t-ionadaí sábháilteachta (féach an ghluais).*

### C13. An féidir dualgais an oifigigh sábháilteachta a tharmligean ar roinnt múinteoirí/ball foirne eile?

**A.** D'fhéadfaí feidhmeanna an oifigigh sábháilteachta a tharmligean do bhall foirne amháin nó níos mó, ach fanann an fhreagracht ar an oifigeach sábháilteachta a bhí ceaptha ag an mbord bainistíochta.

<sup>1</sup> Tugtar cur síos cuimsitheach ar "gnóthas" in Acht 2005 agus clúdaíonn sé gach cineál oibre agus struchtúr corparáide a d'fhéadfadh a bheith ann.

## C14. An bhfuil gá le coiste sábháilteachta de réir dlí?

**A.** Níl. Moltar sna Treoirínte seo go bhféadfadh sé a bheith cuí coiste sábháilteachta a bhunú i scoileanna móra chun maoirseacht a dhéanamh ar phleanáil, oibriú agus bainistíocht ráiteas sábháilteachta na scoile. Ní ceanglas dlíthiúil é seo áfach.

## C15. Cad é ról an ionadaí sábháilteachta?

**A.** Is é ról an ionadaí sábháilteachta ná ionadaíocht a dhéanamh ar son comhghleacaithe (lena n-áirítear na baill foirne nach múinteoirí iad) i gcomhairle leis an bhfostóir, ar chúrsaí a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas. D'fhéadfadh an t-ionadaí sábháilteachta dul i gcomhairle leis an bpríomhoide nó leis an mbord bainistíochta agus uiríoll a thabhairt dóibh maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le fostaithe sa scoil. D'fhéadfaí a bheith páirteach sa choiste sábháilteachta mar chuid den chomhairliúchán seo, má tá a leithéid bunaithe.

Ní bhaineann dualgais ar bith leis an ionadaí sábháilteachta ach baineann feidhmeanna éagsúla leis/léi. Tá feidhmeanna an ionadaí sábháilteachta liostaithe in Acht 2005, agus tá cur síos orthu i gCuid 1, Leathanach 21 de na Treoirínte seo. Go bunúsach, is í feidhm an ionadaí sábháilteachta ná dul i gcomhairle leis an mbord bainistíochta agus uiríoll a thabhairt dóibh maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le foireann uile na scoile. Tá an ceart ag an ionadaí sábháilteachta, tar éis fógra réasúnta a thabhairt don lucht bainistíochta, iniúchadh a dhéanamh ar an scoil go léir nó ar chuid di. Tá an ceart aige/aici iniúchadh a dhéanamh láithreach tar éis timpiste nó tarlaithe chontúirtigh nó nuair a bhíonn garbhaol ann go dtarlóidh timpiste nó tarlú contúirteach. Cuireann na Treoirínte seo cleachtas rannpháirtíocht iomlán an ionadaí sábháilteachta ar choiste sábháilteachta na scoile chun cinn, sa chás go bhfuil a leithéid bunaithe.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil sna "Treoirínte maidir le hIonadaithe Sábháilteachta agus Comhairliúchán Sábháilteachta", rudaí atá ar fáil ag [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications).

## C16. Cé a roghnaíonn an t-ionadaí sábháilteachta?

**A.** Foireann go léir na scoile (.i. an fhoireann múinteoireachta agus na baill foirne nach múineann, an bhuanfhoireann agus an fhoireann shealadach), tá sí i dteideal ionadaí sábháilteachta a roghnú agus a cheapadh chun ionadaíocht a dhéanamh di i gcomhairliúcháin leis an bhfostóir maidir le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa san ionad oibre aici.

## C17. An féidir míniú a iarraidh go dlíthiúil ar an ionadaí sábháilteachta as tograí sábháilteachta a chur i bhfeidhm?

**A.** Ní féidir. Níl dualgas ar bith (i gcomórtas le feidhmeanna) ar an ionadaí sábháilteachta faoi Acht 2005 seachas na dualgais a bhaineann le múinteoirí agus leis an bhfoireann go ginearálta. Dá bhrí sin, ionadaí sábháilteachta a ghlacann le togra lucht bainistíochta chun déileáil le ceist sábháilteachta, sláinte nó leasa, ní féidir míniú a iarraidh go dlíthiúil ar an ionadaí sin as an togra a chur i bhfeidhm.

## C18. An ndéanann ionadaí sábháilteachta iniúchtaí san ionad oibre?

**A.** Tar éis dó/di fógra réasúnta a thabhairt don Bhord Bainistíochta/don Phríomhoide, tá cead ag ionadaí sábháilteachta na scoile cigireacht a dhéanamh ar iomlán nó ar chuid den scoil de réir sceidil atá comhaontaithe le lucht bainistíochta roimh ré. D'fhéadfadh sé/sí iniúchadh a dhéanamh freisin ar thimpistí nó ar tharluithe contúirteacha ar an gcoinníoll nach gcuirfeadh sé nó sí isteach ar fheidhmíocht dualgais reachtúil ar bith nó bac léi, ar gao do dhuine ar bith a chomhlíonadh faoi cheann ar bith de na forálacha ábhartha reachtúla.

## RÁITEAS SÁBHÁILTEACHTA AGUS MEASÚNÚ RIOSCA

### C19. Cad é ráiteas sábháilteachta?

**A.** Clár scríofa is ea an ráiteas sábháilteachta de thiomantas na scoile sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne a chosaint (an fhoireann mhúinteoireachta agus na baill foirne nach múinteoirí iad) agus a cuid oibre á déanamh acu, agus sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine eile a bhféadfadh gníomhaíochtaí oibre sa scoil cur isteach orthu a chosaint, lena n-áirítear cuairteoirí, tuismitheoirí agus daltaí. Go bunúsach, sonraíonn an ráiteas sábháilteachta modh bainistíochta na scoile i leith sábháilteacht, sláinte agus leas foirne, daltaí, cuairteoirí agus conraitheoirí.

### C20. Cad is cóir a chuimsiú sa ráiteas sábháilteachta?

**A.** Ba chóir réimsí ar leith a chuimsiú sa ráiteas sábháilteachta, réimsí atá leagtha amach in Alt 20 den *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* agus is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar mhionsonraí na réimsí seo i gCuid 1 (Céim 3) de na Treoirí seo. Ba chóir go mbeadh an ráiteas sábháilteachta bunaithe ar an tsainiúint guaiseacha agus ar na measúnuithe riosca arna ndéanamh faoi Alt 19 den Acht. Caithfear:

- a lua ann conas a dhéanfar sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe go léir a chinntiú agus a bhainistiú;
- na guaiseacha a shainiú agus na rioscaí a ndéantar measúnú orthu a lua;
- sonraí a thabhairt ar an gcaoi a ndéanfaidh an bord bainistíochta a fhreagrachtaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhainistiú, lena n-áirítear: (a) tiomantas cloí le hoibleagáidí dlí, (b) na bearta cosantacha agus coisctheacha atá déanta, (c) na hacmhainní atá curtha ar fáil le haghaidh sábháilteachta, sláinte agus leasa san ionad oibre, (d) na socruithe a úsáidtear chun na freagrachtaí seo a chur i gcrích;
- pleananna agus nósanna imeachta a chur san áireamh ann a úsáidfeadh i gcás éigeandála nó contúirte tromchúisí;
- dualgais na foirne a lua, lena n-áirítear an comhoibriú a bheidh ag teastáil uathu maidir le ceisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa;
- ainmneacha agus teidil poist na ndaoine a cheaptar a chur san áireamh ann, agus iad freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas nó as na tascanna a leagtar amach sna ráitis a chur i gcrích;
- socruithe a lua ann faoin gcaoi le hionadaithe sábháilteachta a cheapadh agus faoin gcaoi le dul i gcomhairle leis an bhfoireann ar shábháilteacht, sláinte agus leas, lena n-áirítear ainmneacha na n-ionadaithe sábháilteachta agus ainmneacha chomhaltaí an choiste sábháilteachta, má dhéantar iad a cheapadh;
- ráiteas a chur le chéile i bhfoirm scríofa, ar dhóigh agus i bhfriotal a bheidh gach duine ábalta a thuiscint;
- cuimhneamh ar an reachtaíocht ábhartha sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Ba chóir dearbhú a bheith ag tús an ráitis sábháilteachta, agus é sínithe ar son an bhoird bainistíochta. Ba chóir tiomantas a thabhairt sa dearbhú chun a chinntiú go bhfuil an t-ionad oibre chomh sábháilte agus chomh sláintiúil agus is indéanta le réasún agus go gcomhlíonfar na ceanglais reachtúla go léir. An beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a thugtar air seo.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil sna "Treoirí ar Mheasúnuithe Riosca agus Ráitis Sábháilteachta", rudaí atá ar fáil ag [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications)

## C21 Cé atá freagrach as an ráiteas sábháilteachta a ullmhú?

**A.** Tá an bord bainistíochta freagrach as a chinntiú go n-ullmhaítear ráiteas sábháilteachta cruinn le haghaidh na scoile. Caithfidh an bord bainistíochta, mar fhostóir, ráiteas scríofa a ullmhú ina luaitear conas a dhéanfar sábháilteacht, sláinte agus leas na foirne agus úsáideoirí uile na scoile a bhainistiú agus a chinntiú.

*Féach Cuid 2, Uirlis 2: Beartas Sábháilteachta agus Sláinte, Leathanach 9 agus Uirlis 3: Cairt Eagrúcháin Shamplach Bainistíochta, Leathanach 10.*

## C22. Cé chomh minic ar chóir ráiteas sábháilteachta scoile a scríobh nó a athcheartú?

**A.** Caithfidh ráiteas sábháilteachta a bheith bainteach i gcónaí le himthosca reatha na scoile agat. Ba chóir athcheartú a dhéanamh air go bliantúil ar a laghad nó nuair a tharlaíonn athruithe suntasacha, amhail trealamh nó córais nua a thabhairt isteach.

## C23. Cé chomh minic ar chóir aird na foirne a tharraingt ar an ráiteas sábháilteachta?

**A.** Ba chóir go mbeadh ábhar an ráitis sábháilteachta ar fáil i gcónaí don fhoireann. Ba chóir aon leasuithe ar an ráiteas sábháilteachta a chur in iúl don fhoireann freisin. Ba chóir aird daoine eile a tharraingt ar shliochtaí ábhartha den ráiteas sábháilteachta freisin, daoine a bhféadfadh gníomhaíochtaí oibre sa scoil cur isteach orthu. Ba chóir go mbeadh córas i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeadh gach páirtí ábalta teacht ar an ráiteas go héasca agus go rialta. Ba chóir athruithe ar an ráiteas a chur in iúl go fonnmhar agus go forleathan. Ba chóir do bhaill foirne nua an ráiteas a léamh nuair a thosaíonn siad ar an obair.

Ba chóir aird na foirne ionadaíochta agus sealadaí a tharraingt ar gach alt ábhartha den ráiteas sábháilteachta.

## C24. Ar chóir gníomhaíochtaí lasmuigh de láithreán na scoile a chuimsiú sa ráiteas sábháilteachta, m.sh. turais scoile, turais allamuigh, turais thar lear?

**A.** Ba chóir. Ba chóir measúnuithe riosca a dhéanamh le haghaidh na ngníomhaíochtaí scoile go léir a tharlaíonn sa scoil agus lasmuigh den champas. I measc na ngníomhaíochtaí seo tá imeachtaí spóirt, turais allamuigh agus turais scoile.

Ba chóir do scoileanna measúnú riosca scríofa a leagan amach maidir le turais scoile. Ba chóir é seo a chur san áireamh sa ráiteas sábháilteachta. Meastar gur dea-chleachtas é beartas turas scoile a bheith ann atá bunaithe ar an measúnú riosca inar chóir sonraí a chur san áireamh maidir leis na cleachtais agus na nósanna imeachta a bhaineann le planáil agus le cur i gcrích turas scoile. Is féidir é seo a chur i gceangal leis an ráiteas sábháilteachta.

Agus an measúnú riosca á dhéanamh, ba chóir aird ar leith a thabhairt freisin ar nádúr agus ar chineál na dturas scoile. Thairis sin, ba chóir a chur san áireamh sa ráiteas sábháilteachta inniúlacht na múinteoirí agus/nó na mball foirne eile agus turais scoile á bpleanáil agus á gcur i gcrích. Moltar don mhúinteoir i gceannas ar thurais scoile athbhreithniú a dhéanamh ar an measúnú riosca agus é a leasú chun dáta nuair is gá. Ba chóir a chinntiú go bhfuil próiseas leordhóthanach i bhfeidhm i scoileanna chun measúnú inniúil a dhéanamh ar rioscaí nua nó ar rioscaí éiritheacha mar a thagann siad chun cinn i gcúrsa gníomhaíochtaí.

## C25. Úsáideann roinnt grúpaí ár n-áitreabh san oíche nó le linn na deireadh seachtaine - an gá dúinn a ngníomhaíochtaí a chuimsiú sa ráiteas sábháilteachta againn?

**A.** Gach gníomhaíocht a dhéantar in áitreabh na scoile nó ar son na scoile, caithfear í a dhéanamh go sábháilte agus caithfear aon ghuaiseacha a shainnaint sa ráiteas sábháilteachta agus caithfear déileáil leo. Caithfidh nósanna imeachta agus rialúcháin a bheith i bhfeidhm ag an mbord bainistíochta chun a chinntiú go ndéanfar gach gníomhaíocht ar bhealach sábháilte, agus go gcloífidh siad le forálacha cuí reachtúla sábháilteachta.

## C26. An mbíonn ráiteas sábháilteachta ag teastáil uaim ó gach conraitheoir a thagann isteach sa scoil?

**A.** Is ceanglas dlí é atá leagtha amach san *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* go gcuirfidh fostóir a chonraíonn fostóir eile chun seirbhísí a chur ar fáil dó/di ceangal ar an bhfostóir sin ráiteas sábháilteachta nuashonraithe a bheith aige/aici.

Dá bhrí sin, caithfidh an bord bainistíochta agus é mar fhostóir na scoile a dhéanann Conradh le fostóir nó le duine féinfhostaithe eile chun seirbhísí a chur ar fáil sa scoil, caithfidh sé a chinntiú go bhfuil ráiteas sábháilteachta cothrom le dáta ag an bhfostóir/duine féinfhostaithe.

Tabhair faoi deara: is féidir le conraitheoir foirgníochta a bhfuil triúr fostaithe nó níos lú aige roghnú Cód Cleachtas (CC) an ÚSS do Chonraitheoirí Foirgníochta a bhfuil triúr fostaithe nó níos lú acu a úsáid. Ligeann úsáid an CC seo dá leithéid de chonraitheoir a riachtanais dhlíthiúla a chomhlíonadh maidir le ráiteas sábháilteachta a bheith aige. Níl ach CC Foirgníochta ann faoi láthair. Caithfidh ráiteas sábháilteachta a bheith ag gach conraitheoir eile de réir na ngnáthriachtanas treorach.

Is féidir tuilleadh treorach a fháil do chonraitheoirí a dhéanann gach cineál oibre amhail foirgníocht, obair leictreach, obair dhín srl ag

[www.hsa.ie/foilseacháin](http://www.hsa.ie/foilseacháin).

## C27. Ar chóir don bhord bainistíochta dul i gcomhairle leis an bhfoireann ar ábhar agus cur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta?

**A.** Caithfidh lucht bainistíochta na scoile dul i gcomhairle roimh ré agus sula ndéanfar aon rud san ionad oibre a d'fhéadfadh éifeacht mhór a bheith aige ar shábháilteacht, sláinte agus leas. Caithfear na nithe seo a leanas a chuimsiú sa chomhairliúchán:

- ullmhú ráiteas sábháilteachta na scoile nó an tionchar air;
- cosaint ar rioscaí agus bearta coisctheacha ar bith;
- ceapadh agus dualgais na foirne a bhfuil freagrachtaí sábháilteachta, sláinte agus leasa orthu;
- torthaí na measúnuithe riosca;
- timpistí nó tarluithe contúirteacha infhógartha;
- pleanáil, eagrú agus oiliúint sábháilteachta, sláinte agus leasa;
- teicneolaíocht nó trealamh nua a thabhairt isteach.

Tabhair faoi deara: Nuair a chruthaítear coiste sábháilteachta sa scoil, is féidir é a úsáid dá leithéid de chomhairliúchán.

## C28. Ar chóir don bhord bainistíochta dul i gcomhairle le tuismitheoirí/caomhnóirí agus le daltaí sula ndéantar ráiteas sábháilteachta a dhréachtú?

**A.** Baineann an tsábháilteacht sna scoileanna le gach duine a úsáideann an scoil agus is fearr cur chuige comhchoiteann agus comhairliúcháin. D'fhéadfadh scoil cinneadh a dhéanamh dul i gcomhairle le hionadaithe tuismitheoirí agus le daltaí ar ábhar agus cur i bhfeidhm an ráitis sábháilteachta. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar chruinniú le hionadaithe chomhairle na dtuismitheoirí/gcaomhnóirí agus chomhairle na ndaltaí, má tá a leithéid ann. Ní gá é seo a dhéanamh de réir dlí, áfach, faoin reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa.

## C29. Mar fhostóir, cad é méid an dualgais agam chun an t-ionad oibre a dhéanamh sábháilte?

**A.** Maidir le dualgais an fhostóra, tugann “indéanta le réasún”, mar atá sainmhínithe in Acht 2005, cur síos ar mhéid an dualgais agus ciallaíonn sé go bhfuil an aire cheart go léir déanta ag fhostóir trí na bearta cosanta agus coisctheacha is gá a chur i bhfeidhm, tar éis dó/di na guaiseacha ionchasacha a shainaithint agus tar éis dó/di measúnú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara.

D'fhéadfaí a thuiscint le hindéanta le réasún an méid a dhéanadh duine réasúnta ag féachaint do na himthosca ar leith.

*Féach Alt 2 (6), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005.*

## C30. Cad a tharlaíonn má shainaithním guais agus mura ndéanaim beart ar bith ina leith?

**A.** Tá sé de dhualgas ar fhostaí faoi Acht 2005 a thuirisciú don fhostóir aon locht san ionad oibre, sna córais oibre, aon earra nó substaint a d'fhéadfadh sábháilteacht, sláinte nó leas ag an obair, i gcás fhostóra nó aon duine eile, a chur i gcontúirt.

Caithfidh boird bhainistíochta gach rud is “indéanta le réasún” a dhéanamh chun an riosca san ionad oibre a rialú. Má tá eolas acu ar riosca agus mura ndéanann siad aon rud faoi, d'fhéadfadh an tAcht 2005 a bheith á shárú acu.

## C31. An bhfuil cineálacha difriúla guaiseacha ann?

**A.** Tá. D'fhéadfaí guaiseacha a chatagóiriú mar seo a leanas:

- guaiseacha fisiceacha, m.sh. láimhsiú, sleamhnú, tuislí, agus titim, leictreachas, dóiteán;
- guaiseacha sláinte, m.sh. torann, deannach díobhálach, leibhéil mhí-oiriúnacha soilsithe, crith;
- guaiseacha ceimiceacha, m.sh. gliúnna, tuaslagóirí, ruaimeanna, oibreáin glantacháin;
- guaiseacha bitheolaíoch, m.sh. víris, baictéir;
- guaiseacha daonna, m.sh. strus, bulaíocht, foréigean.

### C32. Cad iad na prionsabail ghinearálta um chosc agus conas a d'fhéadfai iad seo a chur i bhfeidhm sa scoil?

**A.** Cuirtear ar fáil sna Prionsabail Ghinearálta um Chosc (a imlínítear i Sceideal 3 a ghabhann leis an *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* modheolaíocht chun déileáil le cosc ar thimpistí. Caithfidh an bord bainistíochta na prionsabail seo a chur san áireamh agus na bearta sábháilteachta, sláinte agus leasa is gá á gcur i bhfeidhm sa scoil.

I measc na Naoi bPrionsabal tá:

1. Rioscaí a sheachaint
2. Rioscaí dosheachanta a mheas
3. Oibriú in aghaidh rioscaí ag a mbun
4. Obair a chur in oiriúint don duine
5. An t-ionad oibre a chur in oiriúint don dul chun cinn teicniúil
6. Earraí sábháilte, substaintí sábháilte nó córais oibre shábháilte nach bhfuil chomh contúirteach sin a thabhairt isteach in ionad earraí contúirteacha, substaintí contúirteacha nó córas oibre contúirteach
7. Tosaíocht a thabhairt do bhearta comhchoiteanna cosanta thar bearta cosanta aonair
8. Beartas coisctheach leordhóthanach a fhorbairt maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair, ina gcuirtear san áireamh teicneolaíocht, eagrú oibre, dálaí oibre, tosca sóisialta agus tionchar na dtosca a bhaineann leis an timpeallacht oibre
9. Oiliúint chuí agus treoracha cuí a thabhairt d'fhostaithe.

### C33. Cé hiad na daoine ar gá breithniú orthu sna measúnuithe riosca?

**A.** Caithfear breithniú ar na daoine go léir a úsáideann áiseanna na scoile agus measúnú riosca á dhéanamh agat. I measc na ndaoine seo tá:

- an fhoireann mhúinteoireachta - an bhuanfhoireann agus an fhoireann shealadach, an fhoireann ionadaíoch agus an fhoireann faoi oiliúint;
- na baill foirne nach múinteoirí iad - cúntóirí riachtanas speisialta, lucht riaracháin, airíochais, glantacháin agus lónadóireachta;
- oibrithe conartha amhail glantóirí fuinneog;
- daltaí, lena n-áirítear daltaí ar cuairt;
- tuismitheoirí/caomhnóirí;
- cainteoirí cuartaíochta;
- díoltóirí, daoine seachadta agus oibrithe cothabhála cuartaíochta;
- daoine den phobal.

## IMSCRÚDÚ AGUS TUAIRSCIÚ AR THIMPISTÍ

### C34. Cé atá freagrach as timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

Tá an rialachán a bhaineann le tuairisciú timpistí, teagmhas agus tarluithe contúirteacha á athbhreithniú faoi láthair. Tá an t-eolas is déanaí faoin ábhar seo ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)

**A.** Tá na daoine seo a leanas freagrach as timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta:

- fostóirí (i gcás bás nó gortú fostaithe ag an obair);
- an té a chuireann oiliúint ar fáil (i gcás bás nó gortú duine a mbíonn oiliúint fostaíochta á fáil aige/aici);
- daoine féinfhostaithe (maidir le timpistí a bhaineann leo féin);
- an té atá i gceannas ar ionaid oibre maidir le:
  - bás nó gortú duine a bhaineann leis an obair nuair nach mbíonn an duine sin ag an obair;
  - bás duine fhéinfhostaithe;
- an neasghaol (i gcás bás duine fhéinfhostaithe ag ionad oibre a bhfuil an duine féinfhostaithe sin i gceannas air).

### C35. Cad iad na cineálacha timpistí ar gá a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

Tá an rialachán a bhaineann le tuairisciú timpistí, teagmhas agus tarluithe contúirteacha á athbhreithniú faoi láthair. Tá an t-eolas is déanaí faoin ábhar seo ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)

**A.** Caithfear na cineálacha timpistí seo a leanas a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta:

- (a) bás duine fhostaithe nó duine fhéinfhostaithe ar bith, rud a tharla mar gheall ar thimpiste agus a gcuid oibre á déanamh aige/aici.
- (b) gortú a fulaíodh agus a gcuid oibre ar siúl acu, a chuireann cosc ar dhuine fostaithe nó ar dhuine féinfhostaithe ar bith a ngnáthdualgais oibre a dhéanamh ar feadh níos mó ná trí lá féilire, gan lá na timpiste san áireamh. I measc laethanta féilire tá an Satharn agus an Domhnach (m.sh. fostaí a ghortaítear ar an gCéadaoin, agus nach mbíonn ag obair de ghnáth ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar laethanta saoire bainc, má fhilleann sé/sí ar an obair an Luan ina dhiaidh sin, tá an timpiste intuairiscithe).
- (c) bás nó gortú ar gá cóir leighis a fháil ó liachleachtóir cláraithe ina leith, nach dtarlaíonn nuair a bhíonn duine ag obair, (m.sh. dalta le linn ranga), ach a bhaineann le gníomhaíocht oibre nó lena (h)ionad oibre. Timpiste bhóthair a chomhlíonann na critéir (a) agus (b) thuas, gan timpiste a chur san áireamh a tharlaíonn nuair a bhíonn duine ag taisteal go dtí an obair nó ag dul abhaile ón obair.
- (d) timpiste ar bhóthar a chomhlíonann critéar (c) thuas, a tharlaíonn mar gheall ar obair foirgníochta ar, nó in aice le bóthar poiblí.

Úsáidtear an fhoirm IR1 amháin chun timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Tá foirmeacha ar fáil ó Aonad Teagmhála Ionad Oibre an Údaráis nó is féidir an timpiste a thuairisciú go díreach ar líne ag [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie).

Caithfidh an scoil taifid a choimeád de na timpistí go léir a tharlaíonn ar feadh tréimhse 10 mbliana.

Caithfear tarluithe contúirteacha a thuairisciú freisin don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta de réir cheanglais na foirme IR3. Tá an fhoirm IR3 ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie).



### C36. Cad iad na timpistí a bhaineann le daltaí is cóir a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta?

Tá an rialachán a bhaineann le tuairisciú timpistí, teagmhas agus tarluithe contúirteacha á athbhreithniú faoi láthair. Tá an t-eolas is déanaí ábhar seo ar fáil ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie)

**A.** Má ghortaítear dalta mar gheall ar ghníomhaíocht a bhaineann leis an obair, agus más gá dó/di cóir leighis a fháil ó liachleachtóir cláraithe, is féidir é seo a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Mar shampla, má ghortaíonn dalta é/í féin agus siosúr á úsáid aige/aici i rith an ranga agus más gá dó/di cóir leighis a fháil ó liachleachtóir cláraithe, tá sé seo intuairiscithe.

Má bhaintear barra thuisle de dhalta sa chlós scoile, áfach, agus má ghortaítear é/í, níl sé seo intuairiscithe. Má bhaintear barra thuisle de dhalta le linn an ranga chorpoideachais agus más gá dó/di cóir leighis a fháil ó liachleachtóir cláraithe, is féidir é seo a thuairisciú don Údarás. Breathnaítear ar thurais scoile mar ghníomhaíocht oibre na scoile.

### C37. Má tá iniúchadh á dhéanamh agam ar thimpiste cad ba chóir dom a thaifeadadh?

**A.** Tá sé tábhachtach agus is dea-chleachtas é na timpistí go léir a tharlaíonn sa scoil nó le linn gníomhaíochta ar bith a bhaineann leis an scoil a thaifeadadh. Caithfidh an scoil a chinntiú go ndéanfar athbhreithniú ar an eolas atá leagtha amach sa tuairisc ar an timpiste, agus go gcuirfear bearta rialaithe i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar timpiste dá leithéid a sheachaint amach anseo.

Chomh maith leis sin, caithfidh córas tuairiscithe timpistí na scoile an riachtanas atá ann timpistí áirithe a thuairisciú d'árachóir na scoile agus don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta a aithint.

Má thosaítear imeachtaí sibhialta, tá sé tábhachtach an t-eolas fíorasach go léir a bheith taifeadta agat d'fhonn cabhrú le bailíocht an cháis nó a mhalairt. Is féidir an liosta seo a leanas a úsáid mar threoir chun a chinntiú go mbailítear an t-eolas is gá.

Ba chóir don bhord bainistíochta duine a cheapadh, an príomhoide nó oifigeach sábháilteachta de ghnáth nuair a cheaptar a leithéid, chun imscrúdú a dhéanamh ar gach teagmhas agus timpiste. Má tá ionadaí sábháilteachta roghnaithe, tá cead aige/aici imscrúdú a dhéanamh chomh maith. Ba chóir an t-eolas a bhaineann le timpistí agus le neastimpistí a thaifeadadh ar fhoirm thuairisce ar thimpiste nó i leabhar thuairisce ar thimpiste. Ba chóir an t-eolas seo a athbhreithniú agus é a úsáid chun measúnuithe riosca a leasú chun dáta nuair is gá.

Caithfear a chur san áireamh san eolas seo:

- dáta an teagmhais;
- am an teagmhais;
- an duine gortaithe nó an duine a bhí i gceist agus na sonraí teagmhála bainteacha a thaifeadadh;
- na finnéithe agus na sonraí teagmhála áirithe a thaifeadadh;
- sonraí na gníomhaíochta a bhí á déanamh nuair a tharla an teagmhas;
- suíomh na háite ar tharla an teagmhas agus fianaise ghrianghrafadóireachta nó pleananna an limistéir más cuí sin;
- imthosca an teagmhais - cur síos mionsonraithe agus cúis na timpiste;
- na gortuithe a fulaingíodh;
- an chóir leighis a riar, m.sh. garchabhair;
- na seirbhísí éigeandála a bhí i gceist nó ar glaodh orthu chuig láthair na timpiste;
- sonraí trealaimh agus taifid seirbhíse an trealaimh sin i gcás go raibh baint aige leis an timpiste;
- sonraí an duine a chuir an timpiste in iúl, an t-am, an dáta.

## TUILLEADH EOLAIS AGUS TACAÍOCHT

### C38. Cad iad na pleananna ar chóir don scoil a dhéanamh le haghaidh fostaithe faoi mhíchumas?

**A.** Luaitear san *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* gur gá d'fhostóirí "a mhéid is indéanta le réasún, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú do na fostaithe go léir".

Luann Rialachán 25 de na *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhmiú Ginearálta) 2007* - Fostaithe faoi mhíchumas - luann sé go gcinnteoidh "Fostóir go mbíonn ionaid oibre eagraithe, pé áit ar gá, chun oibríthe faoi mhíchumas a chur san áireamh, go háirithe maidir le doirse, pasáistí, staighrí, cithfholcadáin, báisíní níocháin, leithris agus stáisiúin oibre a bhíonn á n-úsáid go díreach ag na daoine sin". Cuimsítear inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas i gCuid M de na *Rialacháin Foirgníochta* dar teideal "Teacht do Dhaoine faoi Mhíchumas".

Is féidir tuilleadh eolais a fháil in "Fostaithe faoi Mhíchumas - Treoir fostóra faoi chleachtas chuimsitheacha sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur i bhfeidhm le haghaidh fostaithe faoi mhíchumas", rud atá ar fáil ó [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications). Tá tuilleadh eolais ar cheistanna míchumais ar fáil ón Údarás Náisiúnta Míchumais ag [www.nda.ie](http://www.nda.ie)

### C39. Tá téacs sna comharthaí sábháilteachta sa scoil againn. An bhfuil sé seo ceart?

**A.** Leagtar amach sna *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007* - Caibidil 1 de Chuid 7 - Comharthaí Sábháilteachta in Ionaid Oibre, na ceanglais maidir le comharthaí sábháilteachta in ionaid oibre. Ní cóir go mbeadh téacs sna Comharthaí Sábháilteachta. Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go n-ordaítear sna treoirlínte is déanaí a ghabhann leis na *Rialacháin* seo nach gá an téacs agus an pictegram atá ar na comharthaí atá ann cheana féin a athsholáthar ná spás a chur eatarthu.

### C40. Cad a tharlaíonn má aimsítear rud éigin atá cearr sa scoil agam ag cigire an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta?

**A.** Ag brath ar thromchúiseacht an sáraithe ar reachtaíocht, d'fhéadfadh cigire ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta roinnt beart difriúil a dhéanamh, faoina rogha féin. I measc na mbeart seo tá gníomhaíochtaí cainte nó scríofa. Mar shampla, má mheasann cigire go mbeidh sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine ag an obair i mbaol mar gheall ar ghníomhaíocht ar bith, d'fhéadfadh sé/sí ceangal a chur ar an mbord bainistíochta plean feabhsúcháin a chur isteach ina luaitear an beart ceartaitheach a dhéanfar. Tabharfaidh an cigire cóip den treorach feabhsúcháin don ionadaí sábháilteachta freisin, má tá ionadaí ceaptha ann.

Mí amháin tar éis don chigire an plean feabhsúcháin a fháil, seolfaidh sé/sí litir chuig an mbord bainistíochta le cur in iúl go bhfuil an plean leordhóthanach nó gur gá athmheas a dhéanamh air. Tá cumhachtaí ag an gcigire chomh maith chun cosc a chur le hobair nó úsáid trealaimh nó gléasra, ach is rí-annamh a úsáidtear a leithéid de chumhachtaí.

### C41. Cén oiliúint/ionduchtú ar chóir don scoil a chur ar fáil do mhúinteoirí nua, lena n-áirítear múinteoirí ionadaíocha, a d'fhéadfadh a bheith ag obair sa scoil ar feadh roinnt laethanta?

**A.** Ba chóir eolas a thabhairt do mhúinteoirí ionadaíocha agus sealadacha agus do bhaill foirne shealadacha eile maidir le nósanna imeachta sábháilteachta, sláinte agus leasa sa scoil. Mar chuid den eolas seo, tá nósanna imeachta aslonnaithe agus tuairiscithe, chomh maith le hábhair sábháilteachta ar leith a bhaineann le réimse ábhair agus le hionad oibre an mhúinteora, m.sh. measúnuithe riosca a bhaineann lena limistéar oibre(s)(h)eomra ranga.

## C42. Cén áit ar féidir liom tuilleadh eolais agus comhairle a fháil?

**A.** Tá méid mór eolais le fáil ar shuíomh Gréasáin an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie) nó [www.hsa.ie/education](http://www.hsa.ie/education), lena n-áirítear foilseacháin agus comhairle ar féidir a íoslódáil. Is acmhainn deisce cabhrach é le haghaidh fostóirí, fostaithe agus an phobail an tAonad Teagmhála Ionad Oibre de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Déan teagmháil leis an Aonad Teagmhála Ionad Oibre ag:

**Íosghlao:** 1890 – 289 389

**Ríomhphost:** [wcu@hsa.ie](mailto:wcu@hsa.ie)

D'fhorbair Aonad Oideachais an Údaráis sraith earraí teagaisc ríomhfhoghlama le haghaidh scoileanna. Tá na cúrsaí gearra ar fáil, agus iad saor in aisce, ag [http://www.hsa.ie/eng/Education/Safety\\_and\\_Health\\_Training\\_for\\_Teachers/E\\_Learning/](http://www.hsa.ie/eng/Education/Safety_and_Health_Training_for_Teachers/E_Learning/)

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar Shuíomh Gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna: [www.education.ie](http://www.education.ie).

## C43. Cad é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus cad a dhéanann sé?

**A.** Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) comhlacht náisiúnta na hÉireann atá freagrach as sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a chinntiú. Comhlacht neamhspleách is ea é, a bunaíodh faoin *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005*, agus déanann sé tuairisciú don Aire Fiontar, Post agus Nuálaíochta.

Tá freagracht fhoriomlán ar an Údarás maidir le riaradh agus le forfheidhmiú sláinte agus sábháilteacht ceirde ag an obair in Éirinn, chomh maith leis an reachtaíocht ceimiceán contúirteach. Bíonn monatóireacht ar siúl ag an Údarás chun a chinntiú go gcomhlíontar an reachtaíocht san ionad oibre agus is féidir leis bearta forfheidhmithe (agus fiú ionchúisimh) a dhéanamh. Is iad príomhfheidhmeanna an Údaráis ná sábháilteacht, sláinte agus leas san ionad oibre a chur chun cinn, eolas agus comhairle shaineolaíoch a chur ar fáil d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do dhaoine féinfhostaithe, rialacháin, treoirínte agus beartais nua a mholadh, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na reachtaíochta sábháilteachta agus sláinte ceirde agus ceimiceán, agus í seo a chur i bhfeidhm.

## C44. An bhfuil gaol ann idir an curaclam a mhúintear agus an ráiteas sábháilteachta?

**A.** D'fhéadfá eolas a chur i gceangal leis an ráiteas sábháilteachta a bhaineann leis na hábhair a chuirtear ar fáil sa bhunscoil i láthair na huaire, nuair is léir go mbaineann na hábhair le cúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa. D'fhéadfadh tagairtí d'ábhar, modheolaíocht agus acmhainní an churaclaim a bheith i gceist leis seo; Ar na réimsí curaclaim a d'fhéadfadh a bheith ann, tá:

- Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte;
- Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE);
- Corpoideachas;
- Oideachas Ealaíon;
- Turais allamuigh agus cuairteanna oideachasúla.

Tabhair faoi deara: D'fhorbair an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta acmhainní éagsúla chun príomhphrionsabail na sábháilteachta, sláinte, agus leasa a mhúineadh agus a fhoghlaim, lena n-áirítear clár foghlama ar líne le bheith úsáidte sa seomra ranga ar an gclár bán. Tá siad seo ar fáil ag [www.hsa.ie/education](http://www.hsa.ie/education)

# Gluais

**Tugtar míniú gairid sa ghluais seo a leanas ar roinnt de na téarmaí a úsáidtear sna Treoirí seo.**

## Timpiste

Timpiste a eascraíonn as an bhfostaíocht nó i gcúrsa na fostaíochta, agus obair á déanamh ag duine, a mbíonn gortú pearsanta mar thoradh uirthi.

## Cosc Timpistí

Bearta a chuirtear i bhfeidhm a ceapadh chun laghdú a bhaint amach ar thimpistí nó ar an gcumas timpiste laistigh de chóras, d'eagraíocht nó de ghníomhaíocht. Is é clár chosc ar thimpiste clár a dhéanann iarracht gortú pearsanra agus/nó damáiste do réadmhaoin a sheachaint.

## Tuairisc ar thimpiste (Foirm Thuairisce ar Theagmhas (IR1))

Foirm a ceadaíodh faoi na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta). Ní féidir ach an fhoirm seo a úsáid chun timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Molann an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta do gach fostóir timpistí a thuairisciú le Foirm IR1 ar líne ag [www.hsa.ie](http://www.hsa.ie).

## Iniúcháireacht

I gcomhthéacs na bainistíochta sábháilteachta agus sláinte, is próiseas struchtúrtha é iniúchadh ina ndéantar eolas neamhspleách a bhailiú ar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus iontaofacht an chórais fhoriomláin bhainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa, chomh maith le dréachtú pleananna comhghníomhaíochta.

## Guais Bhitheolaíoch

Guais a bhaineann le horgánaigh bheo, lena n-áirítear rudaí mar víris agus ábhair nimhiúla a bhíonn á gcruthú ag rudaí beo, amhail ainmhithe agus baictéir san uisce ólacháin.

## Bulaíocht

Is í bulaíocht san ionad oibre iompar míchuí leantach, díreach nó indíreach, cibé ó bhéal, fisiceach nó eile, a dhéanann duine amháin nó níos mó i gcoinne duine eile nó daoine eile, ag an ionad oibre agus/nó i gcúrsa na fostaíochta, a d'fhéadfaí breithniú air go réasúnta mar iompar a dhéanann dochar don cheart chun na dínite ag an obair de chuid duine aonair. D'fhéadfadh teagmhas ar leith den chineál iompair a thugtar cur síos air sa mhíniú seo tarcaisne a chur ar an dínit ag an obair ach ní mheastar gur bhulaíocht é teagmhas aon uaire.

## Guais Cheimiceach

Guais neamh-bheo a eascraíonn as substaintí, lena n-áirítear solaid, leachtanna nó gala a d'fhéadfadh idirghníomhú. Is féidir le roinnt ceimiceán díobháil a dhéanamh do chorp an duine má dhéantar iad a ion-análú, a ionghabháil nó a ionsú, m.sh. ceimiceáin a bhfuil luaidhe, alcól agus hidreacarbóin iontu.

## Comhlíonadh/Rialúcháin/Bearta Rialúcháin

Glactar leis na réamhchúraimí seo chun rioscaí a íoslaghdú nó chun deireadh a chur leo mar gheall ar an measúnú riosca.

## Duine inniúil

Luaitear in Alt 2(2) den Acht 2005 *“meastar go bhfuil duine ina dhuine nó ina duine inniúil, ag féachaint don tasc ar gá dó nó di a dhéanamh agus méid nó guaiseacha an ghnóthais nó an fhorais ina mbíonn sé nó sí ag dul i mbun oibre, nuair a bhíonn go leor oiliúna, taithí agus eolais cuí ag an duine maidir le nádúr na hoibre a rachfar ina bun.”*

### Feabhsú Leanúnach

Is tagairt é seo don phróiseas ina gcuirtear feabhas ar chóras bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile chun feabhsuithe a bhaint amach, mar a shainnítear sna measúnuithe riosca.

### Tarlú Contúirteach

Is é tarlú contúirteach imeacht nár pleanáladh nó sraith imeachtaí nach mbaineann iarmhairtí iarbhir leo ach a d'fhéadfadh, in imthosca a bhfuil rud beag níos difriúla, tionchair gan iarraidh nó neamhbheartaithe a bheith acu ar shábháilteacht agus ar shláinte na ndaoine, ar an réadmhaoín, ar an timpeallacht nó ar chomhlíonadh dlíthiúil nó rialúcháin. Caithfear tarluithe contúirteacha a thuirisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ag úsáid foirme IR3.

Is iad samplaí de tharluithe contúirteacha:

- (a) intit, iompú, teip, pléascadh, briseadh, díluchtú nó rólódáil gearrchiorcaid leictrigh, nó mífheidhm trealamh oibre,
- (b) intit nó intit pháirteach foirgnimh nó struchtúir ar bith atá á thógáil nó in úsáid mar ionad oibre,
- (c) scaoileadh gan smacht ná scaoileadh timpisteach, éalú nó lasadh substainte ar bith,
- (d) dóiteán a bhaineann le substaint ar bith, nó
- (e) lasadh nó pléascadh neamhbheartaithe pléascán ar bith.

### Substaint Chontúirteach (féach Substaint Ghuaiseach)

#### Pleanáil Éigeandála

Gníomh ina gcuirtear plean foriomlán le chéile, agus go bhforbraítear é mar fhreagairt ar chásanna éigeandála ina mbíonn oibrithe agus trealamh.

#### Fostaithe/Foireann

Chun go mbeadh sé níos éasca a léamh, úsáidtear an focal 'fostaí' in ionad an fhocail 'foireann' i mórán cásanna. Nuair a luaitear an focal 'fostaí', is féidir leis an léitheoir 'foireann' a bhaint as seo.

#### Rialúcháin Innealtóireachta

Is ionann rialúcháin innealtóireachta agus úsáid beart fisiceach chun guaiseacha san ionad oibre a íoslaghdú, m.sh. eastarraingt ag an bhfoinse trí aeráil áitiúil sceite agus cosaint páirteanna gluaiseachta innealra.

#### Eirgeanamaíocht

"Cuireann eirgeanamaíocht an t-eolas maidir le hiompar, gnéithe cumais, teorainneacha agus tréithe eile an duine i bhfeidhm, agus uirlisí, meaisíní, tascanna, poist agus timpeallachtaí á ndearadh le haghaidh úsáid tháirgiúil shábháilte chompondach agus éifeachtach ag daoine." (McCormick agus Saunders 1993).

Is é an cuspóir ná an rogha is fearr a bhaint amach idir an post agus an oibrí. Is í an eirgeanamaíocht an eolaíocht ina gcuirtear post in oiriúint leis an oibrí.

#### Guais

Is í guais rud ar bith a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh do dhaoine, do réadmhaoín nó don timpeallacht. Is féidir le hábhar oibre, píosa trealaimh nó modh nó cleachtas oibre a bheith i gceist anseo.

#### Sainníthint Guaise

Is ionann seo agus próiseas chun cásanna nó eachtraí a d'fhéadfadh a bheith mar chúis gortaithe nó díobhála féideartha do shláinte duine a aithint.

## Substaint Ghuaiseach

Is í substaint ghuaiseach rud éigin a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh. I measc na substaintí seo:

- tá substaintí a tugadh isteach go díreach san ionad oibre agus a láimhseáladh, a stóráladh agus a úsáideadh le haghaidh próiseáil, m.sh. tuaslagóirí, oibreáin ghlantacháin, gliúnna, roisíní, péinteanna;
- tá substaintí a chruthaítear de bharr próisis nó gníomhaíocht oibre, m.sh. múch ó tháthúchán/ó shádráil, deannach ó mheaisíníú adhmaid, deannach plúir, tuaslagóirí;
- tá substaintí a chruthaítear mar dhramhaíl nó dríodar.

D'fhéadfaí breithniú ar oibreáin mar shubstaintí contúirteacha, ní hamháin mar gheall ar a bhfuil iontu (.i. i bhfoirm comhpháirteanna nó comhábhar ceimiceach), ach mar gheall ar an bhfoirm nó an tslí ina n-úsáidtear san ionad oibre iad, m.sh. is féidir le huisce te a úsáidtear mar ghal a bheith ina chúis le dónna tromchúiseacha, agus ba chóir rialú leordhóthanach a chur ar fáil chun a leithéid de nochtadh a sheachaint.

## An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS)

Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) comhlacht náisiúnta na hÉireann atá freagrach as sábháilteacht agus sláinte ag an obair a chinntiú. Eagraíocht státurraithe is ea é a bunaíodh faoin *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005* agus tuairiscíonn sé don Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta. Tá an tÚdarás freagrach as gach cineál ionaid oibre agus as gach cineál oibre sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

## Teagmhas

Eachtra nó sraith eachtraí neamhphleanáilte a d'fhéadfadh a bheith mar chúis le timpiste.

## Foirm Thuairisce ar Theagmhas (IR1)

Foirm a ceadaíodh faoi na *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007*. Ní féidir ach an fhoirm seo a úsáid chun timpistí a thuairisciú don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta .

## Athbhreithniú Tosaigh

Is é athbhreithniú tosaigh an próiseas ina shainiúitear na réimsí ina ndéantar na socruithe sábháilteachta, sláinte agus leasa atá ann cheana féin a chomhlíonadh agus na réimsí nach ndéantar na socruithe seo a chomhlíonadh iontu.

## Frithdhúnadh

Modh dearfach chun an chumhacht a dhíscor nó chun rud éigin a chur as gníomh trí ghlas fisiceach a úsáid chun deireadh a chur le gluaiseacht nó le hoibriú.

## Láimhsiú

Ciallaíonn láimhsiú ualaí aon iompar nó tacú ualaigh ag fostaí amháin nó níos mó, agus áirítear leis seo ardú, cur síos, brú, tarraingt, iompar, nó bogadh ualaigh, a mbaineann baol d'fhostaithe leis de bharr a shaintréithe nó droch-dhálaí eirgeanamaíochta, go háirithe gortú droma.

## Neamhoird Mhatánchnámharlaigh

Is é seo an téarma teicniúil le haghaidh péine nó gortaithe ar bith a chuireann isteach ar mhatáin, ar bhallnaisc, ar ailt nó ar néaróga. D'fhéadfadh timpiste a bheith mar chúis leis an ngortú, nó nochtadh fadtéarmach do thascanna atriallacha ísealdéine.

## Sábháilteacht agus Sláinte Cheirde

Cleachtas sábháilteachta agus sláinte a bhaineann le hoibrithe agus le hionaid oibre nó le daoine a gcuireann gníomhaíochtaí oibre isteach orthu.

### Uasluachanna Ceirde Teagmhas faoi Lé

Is í Uasluach Ceirde Teagmhas faoi Lé ann an t-uasdlús ábhair shalaithe aeriompartha a d'fhéadfadh duine teacht i dteagmháil leis laistigh de thréimhse áirithe.

### Cairt Eagrúcháin

Struchtúr/Plean na heagraíochta a bhaineann le freagrachtaí an luchta bainistíochta agus na foirne.

### Trealamh Cosanta Pearsanta (TCP)

Gach trealamh atá ceaptha le caitheamh nó bheith i sealúchas fostaí mar chosaint ar ghuais amháin nó níos mó is dócha a chuirfeadh sábháilteacht agus sláinte an fhostaí ag an obair i mbaol, agus áirítear aon bhreisithe nó aon ghabhálás trealaimh, más mar sin a ceapadh, ach ní áirítear:

- gnáthéadaí oibre agus éidí nár ceapadh go sonrath chun sábháilteacht agus sláinte an fhostaí a chosaint;
- trealamh cosanta pearsanta le haghaidh iompair ar bhóithre;
- trealamh spóirt;
- trealamh féinchosanta nó bactha;
- gairis iniompartha chun rioscaí nó núiseanna a bhrath agus a chomharthú.

### Guais Fhisiceach

Cuimsíonn guais fhisiceach guaiseacha a eascraíonn as foinsí éagsúla mar fhuacht, teas, eirgeanamaíocht (neamhoird mhatánchnámharlaigh, an leibhéal gníomhaíochta láimhe agus an t-ardú), radaíocht ianaithe, UV agus radaíocht infheicthe.

### Cosc

I gcomhthéacs sábháilteachta, sláinte agus leasa, is éard atá i gceist le cosc ná beart a dhéanamh anois a chuirfidh stop le rud éigin diúltach amach anseo, rud a chinnteoidh dá bhrí sin nach dtarlóidh rud éigin a d'fhéadfadh tarlú.

### Guaiseacha Síceasóisialta

D'fhéadfadh strus a bheith ag baint le go leor fachtóirí ag an obair, agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar fholláine mhothúcháin agus fhisiceach an duine mura dtacaítear leo nó mura ndéantar iad a leigheas.

Is féidir guaiseacha síceasóisialta a thabhairt ar ghnéithe seo an ionaid oibre i roinnt samhlacha sábháilteachta agus sláinte, mar cuireann siad an mheabhairshláinte i mbaol sa tslí chéanna is a chuireann guaiseacha fisiceacha sábháilteacht agus sláinte fhisiceach na bhfostaithe i mbaol.

### Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH)

Rialachán atá ceaptha chun bainistíocht agus chun rialú a dhéanamh ar ghuaiseacha agus ar rioscaí féideartha do shláinte an duine agus don timpeallacht a thagann ó cheimiceáin a dhéanamh, a allmhairiú agus a úsáid laistigh den AE agus ag an am céanna, a chuireann le hiomaíochas thionscal na hEorpa trí nuálaíocht a chothú. Acrainm is ea REACH do Chlárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán. Is é srianadh an ceathrú céim de REACH.

### Indéanta le Réasún

Is é an míniú a thugtar ar "indéanta le réasún" sa reachtaíocht go bhfuil "an aire cheart go léir déanta ag fostóir trí na bearta cosanta agus coisctheacha is gá a chur i bhfeidhm, tar éis do na guaiseacha ionchasacha a shainithint agus tar éis measúnú a dhéanamh ar na rioscaí gaolmhara don tsábháilteacht agus don tsláinte, ar dhóigh go mbeadh timpiste nó gortú don tsláinte mar thoradh orthu san ionad oibre lena mbaineann agus go bhfuil sé dírireach go mór aon bhearta breise a chur i bhfeidhm." D'fhéadfaí a thuiscint le "indéanta le réasún" an méid a dhéanadh duine réasúnta ag féachaint do na himthosca ar leith.

## Freastal Réasúnta

Ionad oibre ar bith a chomhlíonann ceanglais na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007.

## Coimeád Taifead

Eolas a choimeád a bhaineann leis an ionad oibre.

## Riosca

Maidir le gortú nó díobháil ar bith, ciallaíonn riosca an dóchúlacht go dtarlódh gortú nó díobháil agus déine na n-iarmhairtí a d'fhéadfadh a eascairt as an riosca. Braitheann riosca freisin ar líon na ndaoine a thagann i dteagmháil leis an nguais.

## Measúnú Riosca

Is é measúnú riosca an próiseas ina shocraítear an mbaineann riosca le guais shainnithne. Socraítear tábhacht an riosca bunaithe ar mhnicíocht an tarlaithe féideartha agus ar dhéine a iarmhairtí.

## An Coiste Sábháilteachta

Coiste ar a bhfuil ionadaithe lucht bainistíochta agus na bhfostaithe atá páirteach sna socrúithe comhairliúcháin ar shábháilteacht san áit oibre. Níl aon cheangal dlí ann a leithéid de choiste a bhunú.

## Bileog Sonraí Sábháilteachta (BSS)

Doiciméad a chuimsíonn eolas mionsonraithe maidir le sláinte agus sábháilteacht an duine a chosaint agus leis an timpeallacht a chosaint. Cuirtear meicníocht ar fáil sa Bhileog Sonraí Sábháilteachta (BSS) chun an t-eolas cuí maidir le substaintí agus le hullmhóidí aicmithe a tharchur síos shlabhra an tsoláthair go dtí an t-úsáideoir díreach ina dhiaidh sin. Is é an déantóir a eisíonn an bhileog agus tugtar cur síos mionsonraithe inti ar an eolas teicniúil agus ar na guaiseacha a bhaineann leis na substaintí agus leis na hullmhóidí seo a láimhsiú, a stóráil agus a úsáid, chomh maith le bearta coisctheacha le haghaidh fostaithe agus nósanna imeachta éigeandála.

## Córas Bainistíochta Sábháilteachta agus Sláinte (CBS)

Is tagairt é seo don chuid sin de chóras bainistíochta ginearálta na scoile ina gcuirtear san áireamh an struchtúr eagraíochtúil, gníomhaíochtaí pleanála, freagrachtaí, cleachtais, nósanna imeachta agus acmhainní chun beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile a fhorbairt, a chur i bhfeidhm, a bhaint amach, a athbhreithniú agus a chothabháil.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, a tugadh isteach in ionad an *Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 1989*, agus a rinne an tAcht sin a chúlghairm, tugadh isteach é chun foráil bhreise a dhéanamh le haghaidh shábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine ag an obair. San Acht seo, soiléirítear agus cuirtear feabhas ar fhreagrachtaí na bhfostóirí, na ndaoine féinfhostaithe, na bhfostaithe agus páirtithe éagsúla eile maidir le sábháilteacht agus sláinte ag an obair. Tugtar sonraí san Acht freisin ar ról agus ar fheidhmeanna an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta, déantar foráil ann le haghaidh réimse beart forfheidhmithe a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm agus luaitear pionóis ann a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm toisc sárú a bheith déanta ar shábháilteacht agus ar shláinte cheirde.

## Oifigeach Sábháilteachta

Duine inniúil a bhíonn roghnaithe agus ceaptha ag an bhfostóir nó a roghnaítear agus a cheaptar ar son an fhostóra. Is féidir le hoifigeach sábháilteachta cabhrú le tacú le córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a chur i bhfeidhm, a athbhreithniú agus a chothabháil. Ní gá oifigeach sábháilteachta a cheapadh de réir dlí.



### **Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa**

Caithfidh an beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa a bheith ag tús an ráitis sábháilteachta. Is é an beartas seo tiomantas an ghnóthais chun sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe a chosaint.

### **Ionadaí Sábháilteachta**

Duine a roghnaítear agus a cheaptar faoi Alt 25 den *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005*.

NÓ

Duine a bhíonn roghnaithe agus ceaptha ag na fostaithe chun ionadaíocht a dhéanamh ar a son i gcomhairliúcháin leis an bhfostóir maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas san áit oibre.

### **Ráiteas Sábháilteachta**

De réir Alt 20 den *Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005*, cuirtear de cheangal ar eagraíocht clár scríofa a leagadh amach chun na nithe seo a leanas a chosaint:

- sábháilteacht, sláinte agus leas na bhfostaithe nuair a bhíonn siad ag obair;
- sábháilteacht, sláinte agus leas daoine eile a d'fhéadfadh a bheith san áit oibre, lena n-áirítear custaiméirí, cuairteoirí agus muintir an phobail.

### **Obair ar Airde**

Obair in aon áit, lena n-áirítear:

- (a) le linn teacht a fháil ar aon áit nó dul amach as an áit sin, ach amháin ar staighre i láthair bhuan oibre, nó
- (b) ag nó faoi bhun leibhéal na talún, óna bhféadfadh fostaí achar a thitim, ar achar titime é a bhféadfadh gortú pearsanta eascairt as, i gcás nach mbeadh bearta arna n-éileamh faoi na *Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde) 2006* déanta, agus áiríonn aon tagairt d'obair a dhéanamh ar airde teacht a fháil ar áit, nó an áit sin a fhágáil fad is atáthar ag obair.

### **Stáisiún Oibre**

Cóimeáil déanta as trealamh scáileán taispeána, a sholáthraítear seans le méarchlár nó feiste ionchuir nó bogearra, nó meascán de bhfuil roimhe, a shocraíonn an comhéadan oibritheora agus innill, agus a n-áirítear leis:

- cathaoir oibre agus deasc oibre nó dromchla oibre;
- aon ghabháil agus forimill roghnacha; agus
- timpeallacht ghar-raonach oibre an trealaimh scáileán taispeána.












### **Neamhoird na nGéag Uachtarach atá Bainteach leis an Obair**

Is iad neamhoird na géag uachtarach atá bainteach leis an obair ná cineál neamhoird mhatánchnámharlaigh, a tharlaíonn mar gheall ar an obair nó an timpeallacht ina ndéantar an obair. Is féidir le hairíonna teacht chun cinn thar thréimhse fada, ach d'ainneoin é seo, d'fhéadfadh na hairíonna bheith tromchúiseach.

# Foinsí Tagartha agus Ábhar Treorach

## An Roinn Oideachais agus Scileanna:

[www.education.ie](http://www.education.ie)

-  *STRAITÉIS SLÁINTE CEIRDE DO MHÚINTEOIRÍ AGUS CÚNTÓIRÍ CLÁRAITHE RIACHTANAS SPEISIALTA I mBunscoileanna agus Meánscoileanna Aitheanta*  
[http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004\\_2013.pdf](http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004_2013.pdf)
-  *Tabhairt Isteach Seirbhíse Sláinte Saothair do Mhúinteoirí*  
[http://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Cartlainne/cl0065\\_2008\\_ir.pdf](http://www.education.ie/ga/Ciorcl%C3%A1in-agus-Foirmeacha/Ciorcl%C3%A1in-Cartlainne/cl0065_2008_ir.pdf)
-  *Nósanna imeachta athmheasta maidir le ceisteanna inniúlachta gairmiúla agus gnáthchúrsaí araíonachta*  
[http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004\\_2009.pdf](http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004_2009.pdf)
-  *NÓSANNA IMEACHTA GEARÁN AGUS ARAÍONACHTA LE HAGHAIDH CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA I MBUNSCOILEANNA AGUS MEÁNSCOILEANNA AITHEANTA*  
[http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004\\_2011.pdf](http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004_2011.pdf)
-  *Ionsaithe ar Mhúinteoirí agus Fostaithe Scoile*  
<http://www.education.ie/en/Advanced-Search/?q=40/97>
-  *Treoirínte ar Fhoréigean sna Scoileanna*  
<http://www.education.ie/en/Advanced-Search/?q=40/97>
-  *Grinnfhiosrúchán na nGardaí*  
<http://www.education.ie/en/Advanced-Search/?q=63/2010>
-  *Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS/SPHE) - Treoirínte an Chleachtais is Fearr do Bhunscoileanna*  
[http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004\\_2010.pdf](http://www.education.ie/en/Circulars-and-Forms/Active-Circulars/cl0004_2010.pdf)
-  *Éigeandálaí Náisiúnta / Sláinte Phoiblí*  
<http://www.education.ie/en/Advanced-Search/?q=04/04>
-  *Múscán a Bhainistiú*  
<http://www.education.ie/en/Advanced-Search/?q=0088/2006>
-  *Maolú Radóin do Scoileanna ina bhfuil Leibhéal Meánach Uasta idir 200 Beicireil (Bq) in aghaidh an Mhádair Chiúbaigh (m<sup>3</sup>) agus 400 Bq/M<sup>3</sup> i Seomra Amháin nó Níos Mó.*  
<http://www.education.ie/en/Advanced-Search/?q=46/01>

# An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Íoslódáil saor in aisce iad ó [www.hsa.ie/publications](http://www.hsa.ie/publications)

## Foirgníocht

- Foirm Cheadaithe (AF1) - na sonraí is cóir don Chliant a chur in iúl don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta sula gcuirtear tús leis an bpróiseas deartha
- Cliaint san Fhoirgníocht - Treoir an Chleachtais is Fearr
- Treoir do Chliaint a ghlacann páirt i dTionscadail Foirgníochta
- Treoirlínte maidir le Ceanglais Soláthair, Deartha agus Bainistíochta na Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006
- Treoir ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Obair ar Airde), 2006
- Sábháilteacht Aispeiste
- Úsáid Shábháilte Ardáin Oibre/Tristéal
- Sábháilteacht agus Sláinte ar Thionscadail Foirgníochta - Ról na gCliant (L84) - Treoir do Chliaint a ghlacann páirt i dTionscadail Foirgníochta
- Dréimírí a Úsáid go Sábháilte - Bileog Eolais
- Na Rialacháin ar Obair ar Airde - Bileog Eolais

## Eirgeanamaíocht

- Pian Droma - Póstaer
- Treoir ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007, Caibidil 5 de Chuid 2: Trealamh Scáileán Taispeána
- Eirgeanamaíocht san Ionad Oibre
- Beir Greim - Cuir Stop le Sleamhnú agus Tuislí
- Treoir ar Bhainistíocht Láimhsithe san Ionad Oibre
- Treoir ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta): Láimhsiú - Caibidil 4 de Chuid 2
- Cás-Staidéir Measúnaithe Riosca maidir le Láimhsiú (DVD)
- Sleamhnú, Tuislí agus Titim san Ionad Oibre a Chosc - Bileog Eolais

## Garchabhair

- Treoir ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007, Caibidil 2 de Chuid 7: Garchabhair

## Ginearálta:

- Foirm Thuairisce ar Theagmhas (IR1) - déan teagmhas a thuirisciú ar líne nó iarr cruachóip ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta
- Treoir Ghairid ar an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
- Straitéis um Chosc ar Thimpistí, ar Ghortuithe agus ar Bhreiteachtaí san Ionad Oibre (2004-2009)
- Cód Cleachtais d'Fhostóirí agus Fostaithe maidir le Bulaíocht ag an Obair a Chosc agus a Réiteach, 2007
- Cairt Dínite ag Obair, Póstaer i mBéarla agus i nGaeilge - Méid A4 2007
- Fostaithe faoi Mhíchumas
- Foirm Fhógra ar Tharlú Contúirteach (IR3)
- Treoir do Stiúrthóirí agus do Bhainisteoirí Sinsearachtaí maidir lena bhFreagrachtaí le haghaidh Sábháilteachta agus Sláinte san Ionad Oibre

- Treoir maidir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
- Treoirlínte faoi Dheirmitíteas Ceirde
- Treoirlínte ar Mheasúnuithe Riosca agus Ráitis Sábháilteachta
- Treoirlínte ar Ionadaithe Sábháilteachta agus Comhairliúchán Sábháilteachta
- Treoir ar na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007
- Comharthaí Éigeantacha Sábháilteachta
- Foréigean ag an Obair
- Straitéis um Shláinte agus Folláine san Ionad Oibre
- Paca 'Obair go Dearfach'
- Bainistíocht Sábháilteachta agus Sláinte san Ionad Oibre

### Fostaithe ag Iompar Clainne

- Fostaithe ag Iompar Clainne, Fostaithe Iarbheirthe agus Fostaithe a bhfuil Leanbh Cíche acu a Chosaint

### Sábháilteacht ar an bhFeirm - Áiseanna Teagaisc

- Leanaí agus Sábháilteacht ar an bhFeirm
- Leabhar do Leanaí - Slán Sábháilte ar an bhFeirm le Jessy (i mBéarla)
- Sábháilteacht Leanaí ar an bhFeirm - Bileog Eolais
- Cód Cleachtais maidir le Timpistí do Leanaí agus do Dhaoine Óga sa Talmhaíocht a Chosc
- Imir go Sábháilte, Fan Slán Sábháilte ar an bhFeirm
- Slán Sábháilte ar an bhFeirm le Jessy

### Iompar san Ionad Oibre

- Seicliosta Iompair san Ionad Oibre
- Sábháilteacht Iompair san Ionad Oibre - Bileog Eolais don Lucht Bainistíochta
- Sábháilteacht Iompair san Ionad Oibre - Bileog Eolais ar Chúlú Feithiclí
- Sábháilteacht Iompair san Ionad Oibre - Bileog Eolais do Thiománaithe Sábháilte
- Sábháilteacht Iompair san Ionad Oibre - Bileog Eolais d'Ionad Oibre Sábháilte

### Ag Obair le Ceimiceáin

- Aonocsaíd Charbóin - Bileog Eolais
- Treoirlínte ar Asma Ceirde
- Galar na Léigiúnach - Bileog Eolais
- Measúnú Riosca ar Ghuaiseacha Ceimiceacha

# Seirbhís Tacaíochta do Mhúinteoirí

Seirbhís Forbartha Gairmiúla do Mhúinteoirí

[www.pdst.ie](http://www.pdst.ie)

## Reachtaíocht

- Na hAchtanna um Rialú Foirgníochta, 1990 agus 2007
- An tAcht um Dhlíteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004
- An tAcht Oideachais, 1998
- An tAcht Oideachais (Leas), 2000
- Na hAchtanna Seirbhísí Dóiteáin, 1981 agus 2003
- An tAcht um Dhlíteanas Áititheoirí, 1995
- An tAcht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú) 2000
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) 2001
- An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) 2006
- Na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta) 2007
- Cód Cleachtais 2007 maidir leis na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Oibreáin Cheimiceacha) 2001

## Acmhainní sa RA:

 Nasc le treoirínte Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta an RA ar thurais scoile

<http://www.hse.gov.uk/servic-trips.htm#education/school>

 Comhairle Roinne ar shláinte agus sábháilteacht i scoileanna sa RA

<http://www.education.gov.uk/aboutdfe/advice/f00191759/departamental-advice-on-health-and-safety-for-schools>

Nóta: Cloíonn na hacmhainní seo le reachtaíocht an RA atá difriúil ó dhlí na hÉireann i dtéarmaí dualgas cúraim.

D'fhéadfá roinnt de na naisc a úsáid mar eiseamláirí den dea-chleachtas.

- Údarás Ceadúnaithe Gníomhaíochtaí Eachtraíochta
- An Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta: oideachas, foinsí eolais agus treoir - [www.hse.gov.uk](http://www.hse.gov.uk)
- Watch your Step in Education/Togh do Choiscéim san Oideachas - An Fheidhmeannacht Sláinte agus Sábháilteachta
- Nasc na Feidhmeannachta Sláinte agus Sábháilteachta le Treoirínte ar thurais scoile ag [www.hse.gov.uk/schooltrips](http://www.hse.gov.uk/schooltrips)
- Sábháilteacht agus Sláinte na nDaltaí ar Chuirteanna Oideachais - An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Sábháilteacht agus Sláinte ar Thurais Oideachais: A Good Practice Guide/Sábháilteacht agus Sláinte ar Thurais Oideachasúla: Treoir Dea-Chleachtais - Scottish Executive Publications
- The Association for Physical Education (UK) [www.afpe.org.uk](http://www.afpe.org.uk)
- Safe Practice in Physical Education and School Sport/Cleachtas Sábháilte sa Chorpoidéachas agus sa Spóirt Scoile, Association for Physical Education
- Is féidir eolas a fháil ar an suíomh gréasáin Teacher Net: Cuimsíonn <http://www.education.gov.uk/search/results?q=health+and+safety> eolas maidir le:

Sábháilteacht agus sláinte ar chuirteanna oideachasúla

Cógais leighis a bhainistiú i scoileanna

Garchabhair le haghaidh scoileanna

Cleachtas sábháilte sa chorpoideachas

Slándáil scoile

Conas déileáil le bás tobann dalta

Ceartha slí trí áitreabh scoile

Ábhar sábháilteachta agus sláinte eile

Pleanáil éigeandála

# Buíochas

Ba mhaith leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Ionad Oideachais Chill Chainnigh buíochas a ghabháil leis na dreamanna seo a leanas as an aiseolas luachmhar a chuir siad ar fáil i rith an phróisis comhairliúcháin, rud a raibh foilsíú na dTreoirínte seo mar thoradh air:

- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha
- Eaglais na hÉireann, Sionód Ginearálta, An Bord Oideachais
- An Foras Pátrúnachta
- Oideachas le Chéile
- An Bord Bunscolaíochta Moslamaí
- Cumann Náisiúnta na mBord Bainistíochta san Oideachas Speisialta
- Cumann Múinteoirí Éireann
- Líonra Príomhoidí Bunscoileanna na hÉireann
- Líonra Príomhoidí Bunscoileanna ó Chill Chainnigh, Ceatharlach agus Tiobraid Árann.
- Scoil Náisiúnta San Anna, An Caisleán Riabhach, Co. Ros Comáin
- Scoil Náisiúnta Killocrann, Caorthannán, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo
- Scoil Phádraig do Bhuachaillí, Droim Conrach, Baile Átha Cliath
- Scoil Náisiúnta an Roisín, Co. Chorcaí
- Scoil Náisiúnta Inse Geimhleach, Co. Chorcaí
- Gaelscoil Uí Ríordáin, Baile an Chollaigh, Co. Chorcaí
- Bunscoil Mhuire ar an gCnoc, Cnoc na hAoine, Corcaigh
- Árachas Allianz Éireann
- Árachas Eaglasta Éireann.

# Treoirlínte ar Bhainistiú Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa i mBunscoileanna



## Cuid 2

### Uirlisí agus Teimpléid

Cuid 2

# Cuid 2



# Clár na nÁbhar

<b>Réamhrá</b>	<b>3</b>
<b>Uirlis 1: Doiciméid Phleanála</b>	<b>4</b>
Uirlis 1(A) Pleanálaí téarma samplach	<b>4</b>
Uirlis 1(B) uirlis iniúchóireachta ar bhainistíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa ar scoil	<b>5</b>
<b>Uirlis 2: Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa</b>	<b>9</b>
<b>Uirlis 3: Cairt Eagrúcháin Shamplach Bainistíochta</b>	<b>10</b>
<b>Uirlis 4: Teimpléid Mheasúnaithe Riosca</b>	<b>11</b>
Cad é Measúnú Riosca?	<b>11</b>
An chaoi a n-oibríonn uirlis an mheasúnaithe riosca	<b>11</b>
Teimpléid Mheasúnaithe Riosca samplacha comhlánaithe	<b>15</b>
Clár ábhar teimpléid Mheasúnaithe Riosca	<b>18</b>
Teimpléid Mheasúnaithe Riosca:Uimh.1-55	<b>20-111</b>
<b>Uirlis 5: Foirm Thaifid Timpiste nó Tarlúinte</b>	<b>112</b>
Foirm thaifid shamplach Timpiste nó Tarlúinte (do thaifid inmheánacha)	<b>112</b>
<b>Uirlis 6: Oiliúint</b>	<b>114</b>
Uirlis 6(A) Nós imeachta samplach chun oiliúint ar shábháilteacht, sláinte agus leas a phleanáil	<b>115</b>
Uirlis 6(B) Cairt oiliúna	<b>116</b>
Uirlis 6(C) Taifead oiliúna sábháilteachta, sláinte agus leasa	<b>119</b>
<b>Uirlis 7: Cumarsáid</b>	<b>120</b>
Uirlis 7(A) Taifead samplach d'admháil go bhfuarthas ráiteas sábháilteachta	<b>120</b>
Uirlis 7(B) Modhanna chun faisnéis sábháilteachta, sláinte agus leasa a scaipeadh	<b>121</b>
<b>Uirlis 8: Monatóireacht</b>	<b>122</b>
Uirlis 8(A) Teimpléad samplach cigireachta	<b>122</b>
Uirlis 8(B) Bileog sheiceála shamplach chigireachta	<b>123</b>



# Réamhrá

Tá uirlisí i gCuid 2 de na Treoirí seo a d'fhéadfaí a úsáid chun córas bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ar scoil a bhunú, nó córas atá ann cheana a fheabhsú. Cuimsíonn sé teimpléid phleanála, beartas samplach sábháilteachta, sláinte agus leasa, cairt eagrúcháin bainistíochta agus uirlisí oiliúna agus monatóireachta.

Tá teimpléid agus doiciméadú samplach tagartha i gCuid 2 de na Treoirí le nasc do **Chuid 2 - Uirlisí agus Teimpléid** le go bhféadfar iad a úsáid go héasca.

Áirítear i gcuid 2 freisin **uirlis Mheasúnaithe Riosca (Uirlis 4)**, rud a chuireann sraith teimpléad ar fáil, ina bhfuil liosta de na guaiseacha agus rioscaí is comónta i dtimpeallacht na scoile. Cabhróidh na teimpléid seo le measúnú riosca, agus féadfaidh siad tacú le hiarrachtaí guaiseacha a aithint agus rioscaí a laghdú. Is féidir na teimpléid mheasúnaithe riosca a chomhlánú nó fótachóipeanna a dhéanamh díobh le haghaidh úsáid amach anseo mar chuid de mheasúnú bliantúil riosca. Is féidir na teimpléid seo a chomhlánú freisin ar an dlúthdhiosca ceangailte agus iad a shábháil ar do ríomhaire, nó féadfar iad a íoslódáil ó [www.hsa.ie/education](http://www.hsa.ie/education). Is féidir iad a athbhreithniú agus a nuashonrú ag am ar bith i rith na scoilbhliana de réir mar a athraíonn cúinsí, nó de réir mar a thagann guaiseacha nua aníos.

Ní bheartaítear go bhfuil na guaiseacha, rioscaí agus rialuithe a aithníodh ina liosta uileghabhálach de na tarluithe go léir a thiocfaidh aníos sna bunscoileanna go léir. Is timpeallacht oibre uathúil gach scoil ina ceart féin agus ní mór plé leis an measúnú riosca sa bhealach seo. Tá teimpléad bán measúnaithe riosca, rud is féidir a úsáid le haghaidh guaiseacha nó ionaid oibre eile nach bhfuil san áireamh sna teimpléid seo, tá sé ar fáil ag cúl Uirlis 4.

Tá leaganacha leictreonacha sa **dlúthdhiosca atá faoi iamh** (ar thaobh istigh an fhilleáin) de na Treoirí as Béarla agus as Gaeilge, chomh maith leis na teimpléid go léir i gCuid 2 is féidir a chur i gcló ag am ar bith le haghaidh úsáid amach anseo. Tá fiseán gearr sa dlúthdhiosca chomh maith ina léirítear cén chaoi a bhféadfadh na Treoirí a bheith úsáidte ag na scoileanna. Is féidir an doiciméadú go léir atá leis na Treoirí seo a íoslódáil ó na suímh ghréasáin seo a leanas:

[www.hsa.ie/education](http://www.hsa.ie/education)

# Uirlis 1: Doiciméid Pleanála

## Uirlis 1 (A) Pleanálaí samplach

Éilítear aird leanúnach chun sábháilteacht, sláinte agus leas a bhainistiú go héifeachtach sa scoil. Is é is fearr don scoil ná go ndéantar an obair seo a phleanáil thar an scoilbhliain ar fad. Seo a leanas forbhreathnú ar an gcaoi a bhféadfadh scoil cur i bhfeidhm agus oibriú an chórais bhainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a phleanáil i rith scoilbhliain iomlán.

Nuair nach bhfuil coiste sábháilteachta ann, ba chóir na tascanna a tugadh don choiste sa phleanála a thabhairt go díreach don duine sainithe maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas atá ag gníomhú ar son an bhoird bhainistíochta.

<b>Bord Bainistíochta</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Tosaigh iniúchadh sábháilteachta, sláinte agus leasa (<b>Cuid 2, Uirlis 1 (B)</b>)</li><li>• Faigh tuarascáil ar shábháilteacht, sláinte agus leas ón gcoiste sábháilteachta</li><li>• Déan athbhreithniú ar mheasúnú riosca</li><li>• Athbhreithnigh/nuashonraigh ráiteas sábháilteachta ag tógáil tuarascáil/moltaí an choiste shábháilteachta san áireamh</li><li>• Comhaontaigh gníomhartha atá riachtanach</li><li>• Dáiligh acmhainní nuair is gá</li><li>• Sainithin tosaíochtaí gearrthéarmacha meántéarmacha agus fadtéarmacha</li><li>• Faomh/daingnigh cinntí sábháilteachta, sláinte agus leasa</li><li>• Cuir d'ainm le beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa</li><li>• Cuir d'ainm le ráiteas sábháilteachta agus sláinte</li></ul>
<b>An duine ainmnithe le haghaidh Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa atá ag gníomhú ar son an bhoird bhainistíochta m.sh An Príomhoide</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Tionóil cruinniú den choiste sábháilteachta, má tá a leithéid ann</li><li>• Tóg gníomhartha riachtanacha de bhun cinní comhaontaithe an choiste shábháilteachta</li><li>• Cinntigh go gcomhlíontar comhghnáis riachtanacha le haghaidh druileanna dóiteáin, tuairisciú timpistí srl.</li><li>• Freagair tuairiscí, teagmhais agus saincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas</li><li>• Tabhair faisnéis don fhoireann ar shábháilteacht, sláinte agus leas agus déan saincheisteanna a thuairisciú de réir mar is gá.</li></ul>
<b>Coiste Sábháilteachta (más ann)</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Athbhreithnigh ráiteas sábháilteachta agus measúnuithe riosca</li><li>• Comhaontaigh clár don bhliain – gníomhartha/tosáíochtaí/athruithe</li><li>• Déan riachtanais oiliúna a mheasúnú – bunaithe (dóiteán, garchabhair, láimhsiú srl.) agus riachtanais nua/speisialta (trealamh nua, riachtanais ar leith)</li><li>• Comhaontaigh oiliúint bunaithe ar mheasúnuithe riosca</li><li>• Comhaontaigh gníomhartha ceartúcháin riachtanacha</li><li>• Déan cinneadh faoi phlean seirbhísithe agus cothabhála</li><li>• Tuairiscigh don bhord bainistíochta</li></ul>
<b>Cruinnithe Foirne</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Mionteagasc a thabhairt don fhoireann ar eochairghnéithe den ráiteas sábháilteachta – tuairisciú timpistí srl.</li><li>• Tabhair aird ar athruithe ábhartha i rioscaí, rialúcháin agus nósanna imeachta</li><li>• Pléigh ceisteanna a bhaineann le sábháilteacht, sláinte agus leas mar chúrsa gnáthaimh agus de réir mar is gá</li></ul>
<b>Foireann</b>	<ul style="list-style-type: none"><li>• Dean cigireacht ar cheantair oibre: an fhoireann teagaisc - seomraí ranga, spás ilfhóinteach srl; baill foirne nach múinteoirí iad - oifigí, leithris, dorchaí, tailte srl.</li><li>• Críochnaigh measúnuithe riosca de réir mar is cuí ar do limistéar oibre féin, de réir mar a bhíonn iarrtha ag an mbord bainistíochta. Ba chóir do gach múinteoir measúnú a dhéanamh ar a s(h)eomra ranga féin</li><li>• Lean nósanna imeachta inmheánacha um thimpistí agus teagmhais a thuairisciú</li><li>• Cloígh le cinní sábháilteachta, sláinte agus leasa an bhoird bhainistíochta</li></ul>

## Uirlis 1 (B) uirlis iniúchóireachta ar bhainistíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa ar scoil

Athbhreithniú cuimsitheach is ea iniúchóireacht sábháilteachta, sláinte agus leasa ar ghnéithe uile na bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ar fud na scoile ina hiomláine. Is féidir an t-athbhreithniú tosaigh seo a úsáid ar dhá bhealach:

- Is féidir leis an mbord bainistíochta é a úsáid chun stádas reatha na scoile a dhearbhu maidir le cloí le reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa, agus chun bearnaí atá ann faoi láthair a shainaithint i mbainistiú na sábháilteachta.

- Is féidir leis an mbord bainistíochta é a úsáid freisin ag deireadh na scoilbhliana chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn sábháilteachta na scoile agus cabhrú le pleanáil na bliana atá le teacht.

**Scoilbhliain:** \_\_\_\_\_

1	Ráiteas Sábháilteachta	Sea	Ní hea
1.1	An bhfuil ráiteas sábháilteachta ag an scoil?		
1.2	An ceann reatha é? (.i. athbhreithnithe le 12 mhí anuas)		
1.3	An bhfuil sé údaraithe/sínithe/daingnithe ag an mbord bainistíochta?		
1.4	An bhfuil beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa atá sainmhínithe go soiléir ann?		
1.5	An áirítear sa bheartas sábháilteachta, sláinte agus leasa tiomantas gortú agus easláinte a chosc agus feabhsúchán leanúnach i mbainistíocht agus feidhmiúchán sábháilteachta agus sláinte?		
1.6	An áirítear ann tiomantas cloí le riachtanais reachtúla shainaitheanta a bhaineann le guaiseacha sábháilteachta, sláinte agus leas ceirde?		
1.7	An gcruthaíonn sé creat chun plean gníomhaíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa a shocrú agus a athbhreithniú?		
1.8	An bhfuil an ráiteas sábháilteachta doiciméadaithe - i bhformáid scríofa pé acu ar pháipéar nó go leictreonach?		
1.9	An bhfuil gach duine laistigh den scoil curtha ar an eolas faoin ráiteas sábháilteachta?		
1.10	An bhfuil páirtithe leasmhara, cuairteoirí agus conraitheoirí curtha ar an eolas faoin ráiteas sábháilteachta?		
1.11	An bhfuil measúnuithe riosca foirmiúla déanta?		

2	Sainaithint guaiseacha, measúnú riosca agus cinneadh rialúchán	Sea	Ní hea
2.1.	An bhfuil nós imeachta scríofa ag do scoil le haghaidh sainaithint guaise, measúnú riosca agus cinntiú bearta rialúcháin a dhéanamh?		
2.2	An gcuirtear san áireamh sa nós imeachta seo gníomhartha gnáthaimh agus neamhghnáthaimh?  (Sainmhínítear gníomhartha gnáthaimh mar thascanna, dioscaireachtaí nó dualgais nach mór a dhéanamh go rialta nó ag tréimhsí sonraithe. gníomhartha tíópúla nó laethúla.  Sainmhínítear gníomhartha neamhghnáthaimh mar thascanna nach ndéantar go rialta nó ag tréimhsí sonraithe; gníomhartha aitiópúla is ea iad).		
2.3	An gcuireann an nós imeachta seo gníomhartha gach duine a bhfuil teacht ar an scoil acu san áireamh?		
2.4	An bhfuil na measúnuithe riosca doiciméadaithe agus coinnithe suas chun dáta?		

3	Riachtanais dlí agus eile	Sea	Ní hea
3.1	An bhfuil nós imeachta scríofa ann chun na riachtanais dlí agus sábháilteachta, sláinte agus leasa eile a shainaithint agus measúnú a dhéanamh orthu?		
3.2	An bhfuil an t-eolas á thabhairt suas chun dáta?		
3.3	An bhfuil an t-eolas cuí tugtha do na páirtithe leasmhara?		

4	Plean Gníomhaíochta	Sea	Ní hea
4.1	An bhfuil plean gníomhaíochta scríofa sábháilteachta, sláinte agus leasa ag an mbord bainistíochta?		
4.2	An bhfuil fráma ama leagtha síos do chomhlíonadh na dtascanna sábháilteachta, sláinte agus leasa a shainaithnítear sa phlean gníomhaíochta?		
4.3	An bhfuil gach tasc sainithe do dhuine le freagracht as an tasc a chríochnú?		
4.4	An bhfuil athbhreithniú déanta ar na tascanna, mar a leagtar, go rialta ag tréimhsí pleanáilte agus curtha in oiriúint, nuair is gá chun a chinntiú go bhfuil an plean gníomhaíochta agus a riachtanais á mbaint amach?		

5	Acmhainní, ról, freagrachtaí agus údarás	Sea	Ní hea
5.1	An bhfuil sainmhíniú déanta ar na ról agus freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas?		
5.2	An bhfuil ról agus freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas sainithe do dhaoine aonair?		
5.3	An bhfuil ról agus freagrachtaí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas doiciméadaithe?		
5.4	An bhfuil na daoine curtha ar an eolas faoi ról agus freagrachtaí sábháilteachta, sláinte agus leasa?		

6	Inniúlacht, oiliúint agus feasacht	Sea	Ní hea
6.1	An bhfuil na fostaithe inniúil go cuí maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas?		
6.2	An sainaithníonn an bord bainistíochta riachtanais oiliúna sábháilteachta, sláinte agus leasa na foirne agus an leagann siad iad seo amach i bplean scríofa? m.sh. sábháilteacht dóiteáin, garchabhair, srl.		
6.3	Chomh luath agus a shainaithnítear riachtanais oiliúna, an gcuirtear an oiliúint chúil ar fáil chun na riachtanais sin a shásamh?		
6.4	An gcoinnítear taifid oiliúna?		

7	Cumarsáid	Sea	Ní hea
7.1	An bhfuil nós imeachta foirmiúil bunaithe ag an mbord bainistíochta le haghaidh cumarsáid inmheánach sa scoil?		
7.2	An bhfuil nós imeachta foirmiúil bunaithe ag an mbord bainistíochta chun cumarsáid a dhéanamh le conraitheoirí agus cuairteoirí eile chun na scoile?		

8	Rannpháirtíocht agus comhairliúchán	Sea	Ní hea
8.1	An bhfuil nós imeachta foirmiúil bunaithe ag an mbord bainistíochta le haghaidh rannpháirtíocht foirne i sainaitheint guaiseacha, measúnú riosca agus cur i bhfeidhm bearta rialacháin?		
8.2	An bhfuil nós imeachta bunaithe ag an mbord bainistíochta chun go mbeadh páirt ag an bhfoireann in imscrúdú teagmhas?		
8.3	An bhfuil nós imeachta bunaithe ag an mbord bainistíochta chun go mbeadh páirt ag an bhfoireann i bhforbairt beartais sábháilteachta, sláinte agus leasa? An gcinnítear sa nós imeachta seo go bhfuil a dhóthain airde á tabhairt ar riachtanais daoine faoi mhíchumas?		
8.4	An bhfuil nós imeachta bunaithe ag an mbord bainistíochta chun dul i gcomhairle leis an bhfoireann má dhéantar aon athruithe a bhfuil éifeacht acu ar an mbeartas sábháilteachta, sláinte agus leasa?		
8.5	An bhfuil nós imeachta bunaithe ag an mbord bainistíochta chun go mbeidh ionadaíocht ag an bhfoireann i gcúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa?		
8.6	An bhfuil nós imeachta bunaithe ag an mbord bainistíochta chun dul i gcomhairle le conraitheoirí (tógála, cothabhála agus glanta fuinneog) ar shaincheisteanna sábháilteachta, sláinte agus leasa?		

9	Ullmhacht agus freagairt éigeandála	Sea	Ní hea
9.1	An bhfuil nósanna imeachta bunaithe ag an mbord bainistíochta chun cásanna féideartha éigeandála a shainaithint? m.sh. tuilte, dóiteán, bagairt bhuama, básanna, eachtraí tromchúiseacha, féinmharú srl.		
9.2	An mbunaítear leis an nós imeachta seo an chaoi inar cheart leis an scoil freagairt do shuímh éigeandála dá leithéid?		
9.3	An dtógtar san áireamh sa phlean éigeandála riachtanais pháirtithe leasmhara ábhartha? m.sh. seirbhísí éigeandála, comharsana srl.		
9.4	An bhfuil an nós imeachta faoi réir athbhreithniú agus nuashonrú tréimhsiúil agus leasuithe nuair is gá?		
9.5	An bhfuil an plean aslonnaithe éigeandála ar taispeáint ar fud na scoile?		
9.6	An bhfuil an plean aslonnaithe éigeandála forbartha chun ceantair go léir, agus próisis a chuimsiú agus na daoine sin a d'fhéadfadh a bheith faoi riosca níos mó a shainaithint, m.sh. daoine lagamhairc, daoine aonair faoi mhíchumas nó iad siúd a oibríonn i dtimpeallacht torannach agus an bhfuil na nósanna imeachta sin curtha in iúl do phobal na scoile?		
9.7	An bhfuil córas rabhaidh dóiteáin inchloiste i do scoil?		
9.8	An bhfuil ionaid tionóil dóiteáin sainaitheintithe agus línithe go soiléir?		
9.9	An bhfuil comharthaí treoracha dóiteáin ar taispeáint? (pictiúir amháin, gan téacs san áireamh) Féach Cuid 1, leathanach 53, CC Uimh 39.		
9.10	An bhfuil córais soilsithe éigeandála sa scoil?		
9.11	An gcoinnítear bealaí éalaithe dóiteáin saor i gcónaí?		
9.12	An ndéantar druileanna dóiteáin? (2 cheann in aghaidh na bliana molta)		
9.13	An bhfuil taifead déanta de thorthaí na ndruileanna dóiteáin, m.sh. an t-am a tógadh, tuairiscithe fabhtaí nó constaicí óna mbíonn gníomhú ag teastáil?		
9.14	An bhfuil an trealamh garchabhrach agus comhraic dóiteáin go léir (spóil píobán dóiteáin, soilsiú éigeandála, múchtóirí dóiteáin, pluideanna dóiteáin srl.) ina ionad?		
9.15	An ndéantar cigireacht agus seirbhísí ar shuiteálacha dóiteáin agus trealaimh go léir de réir riachtanas?		

10	Feidhmíocht, tomhas agus monatóireacht	Sea	Ní hea
10.1	An bhfuil nósanna imeachta scríofa ina n-ionad chun feidhmíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh uirthi – athbhreithniú leanúnach/tréimhsiúil ar phlean sábháilteachta, sláinte agus leasa na scoile?		
10.2	An ndéantar athbhreithniú ar shábháilteacht, sláinte agus leas i rith na scoilbhliana?		
11	Fiosrúchán tarlúinte	Sea	Ní hea
11.1	An bhfuil nósanna imeachta scríofa ina n-ionad chun teagmhais a imscrúdú agus a thaifeadadh, ar mhaithe le bunearnaimh shábháilteachta, shláinte agus leasa a chinneadh, agus chun gníomhaíochtaí ceartaitheacha atá ag teastáil a shainaithint?		
11.2	An bhfuil fráma ama leagtha síos do chomhlíonadh na dtascanna sábháilteachta, sláinte agus leasa a shainaithnítear sa phlean gníomhaíochta?		
	An bhfuil nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun torthaí a chur in iúl do pháirtithe bainteacha, m.sh. an bord bainistíochta?		
11.3	An bhfuil tuairiscí timpiste doiciméadaithe agus taifead déanta orthu i modh tráthúil?		
11.4	An dtuairiscítear timpistí intuarascála agus tarluithe contúirteacha don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta nuair is gá?		
12	Neamhghéilliúlacht, gníomhaíocht cheartúcháin agus gníomhaíocht choisctheach	Sea	Ní hea
12.1	An bhfuil nósanna imeachta scríofa i bhfeidhm chun déileáil le neamhchomhlíonadh iarbhír agus fhéideartha, agus chun gníomh ceartúcháin agus coisctheach a dhéanamh? m.sh. cigireacht, torthaí druileanna dóiteáin, srl.		
12.2	De réir mar a shainaithnítear guaiseacha nua, an ndéantar measúnú riosca orthu?		
13	Rialú Taifead	Sea	Ní hea
13.1	An bhfuil nósanna imeachta scríofa ina n-ionad chun taifid a shainaithint, a stóráil, a chosaint, a aisghabháil, a choinneáil agus a dhiúscairt? (ráiteas sábháilteachta, measúnuithe riosca, beartais, taifid oiliúna agus foirmeacha tuarascála timpiste a bheith curtha san áireamh)		
14	Athbhreithniú ar Shábháilteacht, Sláinte agus Leas	Sea	Ní hea
14.1	An ndéantar athbhreithnithe sábháilteachta agus sláinte ag tréimhsí pleanáilte chun a chinntiú go bhfuil an scoil ag cloí le riachtanais sábháilteachta, sláinte agus leasa?		
14.2.	An ndéantar doiciméadú ar an athbhreithniú ar shábháilteacht, sláinte agus leas?		
15	Athbhreithniú Bainistíochta	Sea	Ní hea
15.1	An ndéanann an bord bainistíochta athbhreithniú ar chóras na bainistíochta sábháilteachta, sláinte agus leasa ag tréimhsí pleanáilte?		
15.2	An ndéantar athbhreithniú ar an aiseolas ó pháirtithe leasmhara eile, m.sh. seirbhísí dóiteáin, conraitheoirí?		
15.3	An gcuirtear cinntí faoi athbhreithniú an bhoird bhainistíochta in iúl go foirmiúil don fhoireann agus do na tuismitheoirí?		



# Uirlis 2: Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa

Is féidir an beartas samplach sábháilteachta, sláinte agus leasa thíos a úsáid nó a leasú agus a chur isteach i ráiteas sábháilteachta scoile.

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, is é beartas an Bhoird Bhainistíochta a chinntiú, sa mhéad is go bhfuil sé indéanta go réasúnta, sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair don fhoireann go léir agus do na daltaí, cuairteoirí, conraitheoirí agus pearsana eile a chosaint ag an scoil ó ghortú nó easláinte a éiríonn as aon ghníomhaíocht oibre. Éilíonn cur i bhfeidhm rathúil an bheartais seo tacaíocht iomlán agus comhoibriú gníomhach na foirne, na ndaltaí, na gconraitheoirí agus na gcuairteoirí go léir chun na scoile.

Tá sé aitheanta gur riachtanais dlí iad sainaitheint guaiseacha, measúnú riosca agus bearta rialúcháin nach mór don fhostóir a dhéanamh chun sábháilteacht, sláinte, agus leas na foirne go léir a chinntiú.

Tógann an Bord Bainistíochta orthu féin mar fhostóirí, sa mhéad is go bhfuil sé indéanta go réasúnta:

- caighdeán sábháilteachta, sláinte agus leasa a chomhlíonann forálacha agus riachtanais an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 agus reachtaíocht ábhartha eile, caighdeán agus cóid chleachtais a chur chun cinn;
- eolas, oiliúint, teagasc agus maoirsiú nuair is gá a chur ar fáil, chun a chur ar chumas foirne a gcuid oibre a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtach.
- suim leanúnach agus sheasmhach a chothú i gcúrsaí sábháilteachta, sláinte agus leasa a bhaineann le gníomhaíochtaí na scoile;
- feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an gcóras atá i bhfeidhm chun bainistíocht a dhéanamh ar shábháilteacht, sláinte agus leas ceirde? agus athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh air le cinntiú go bhfanann sé bainteach, cuí agus éifeachtach;
- dul i gcomhairle leis an bhfoireann ar nithe atá bainteach le sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair;
- na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil chun sábháilteacht, sláinte agus leas na ndaoine go léir a bhfuil dualgas cúraim aici orthu a chinntiú, lena n-áirítear an fhoireann, daltaí, conraitheoirí agus cuairteoirí.

Tá an Bord Bainistíochta tiomanta do ról gníomhach a imirt i gcur i bhfeidhm an bheartais sábháilteachta, sláinte agus leas ceirde seo agus athbhreithniú agus leasú a dhéanamh air de bhun athruithe ar an reachtaíocht, taithí agus forbairtí ábhartha eile.

Sínithe:


\_\_\_\_\_  
Cathaoirleach, Bord Bainistíochta

Scoil \_\_\_\_\_

Dáta: \_\_\_\_\_

# Uirlis 3: Cairt Eagrúcháin Shamplach Bainistíochta

Tá dualgas ar gach duine ag an obair comhoibriú go héifea-ir oibre. Ba cheart do gach scoil a cairt féin a ullmhú. Tá cairt shamplach léirithe thíos.



Tá sábháilteacht, sláinte agus leas mar fhreagracht ar gach uile dhuine. Léiríonn an chairt thuas cur chuige na scoile uile chun sábháilteacht, sláinte agus leas a chur chun cinn agus a fhorbairt i scoileanna.

# Uirlis 4: Teimpléid Mheasúnaithe Riosca

## Cad é Measúnú Riosca?

Is rud é an próiseas measúnaithe riosca a dhéanaimid go léir gach lá i ngnéithe ar fad dár saoil. Tá measúnú riosca ag croílár bainistíochta rathúla ar shábháilteacht, sláinte agus leas i dtimpeallacht an ionaid oibre.

Is próiseas trí chéim é:

**Céim 1.** Sainnithin an ghuais.

**Céim 2.** Déan measúnú ar an riosca i gcomhréir leis an nguais.

**Céim 3.** Cuir bearta rialúcháin chuí i bhfeidhm chun an riosca a laghdú nó a dhíchur.

## Mar a oibríonn an uirlis mheasúnaithe riosca

Faoin reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa, ní mór d'fhostóirí measúnú riosca (i scríbhinn) a chomhlánú ar a n-áit oibre. Is príomhchuid den Ráiteas Sábháilteachta é measúnú riosca agus baineann na trí chéim atá sainaitheanta thuas leis go bunúsach.

Cuireann an uirlis seo sraith teimpléad do mheasúnú riosca ar fáil do roinnt mhaith de na gnáthghníomhaíochtaí agus gníomhaíochtaí neamhghnácha sna scoileanna.

Liostaíonn na teimpléid mheasúnaithe riosca cuid de na guaiseacha is coitianta a shainnithnítear i dtimpeallacht na scoile agus na rioscaí a bhaineann leo. Chomh maith leis sin, liostaíonn na teimpléid réimse bearta rialúcháin a d'fhéadfaí a dhéanamh chun a leithéid de ghuaiseacha a dhíchur, nó na rioscaí a bhaineann leo a laghdú.

- Is féidir le foireann uile na scoile na teimpléid seo a úsáid go díreach.
- Roghnóidh an fhoireann na teimpléid mheasúnaithe riosca le haghaidh na ngníomhaíochtaí ina bhfuil siad páirteach. Féadfaidh beirt bhall den fhoireann nó níos mó oibriú le chéile chun na teimpléid mheasúnaithe riosca a chomhlánú i gcás go n-úsáideann siad an seomra ranga chéanna, nó go bhfuil post comhchosúil á roinnt acu.
- Saineoidh an bord bainistíochta tréimhsí ama cuí le haghaidh chríochnú an mheasúnaithe riosca.

**Tabhair faoi deara:** ní liosta uileghabhálach de na guaiseacha agus rioscaí go léir atá sna scoileanna is ea an uirlis mheasúnaithe riosca seo a leanas. Féadfaidh sé a bheith riachtanach mar sin an teimpléad atá ar fáil ar chúl na huirlise seo a úsáid le haghaidh na nguaiseacha sin nach ndéileáiltear leo go sonrath. Ba cheart go ndéanfadh na teimpléid seo bunús maith chun guaiseacha a shainnithint, measúnú a dhéanamh ar rioscaí agus rialúcháin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ní mór duit aire mhaith a thabhairt do do thimpeallacht scoile féin agus guaiseacha agus rialúcháin eile atá i bhfeidhm agat nó atá le cur i bhfeidhm mar riachtanas a shainnithint agus a scríobh síos. Moltar go ndéanfadh múinteoir measúnú riosca ar a s(h)eomra ranga féin gach bliain, agus gur chóir aois agus saintréithe eile bainteacha na ndaltaí a úsáideann an seomra ranga sin i rith na bliana a chur san áireamh.

Na céimeanna a bhaineann le bheith ag obair leis an uirlis mheasúnaithe riosca:

### **Ag tosú.**

Agus “Ábhair na dTeimpléad Measúnaithe Riosca” ar leathanaigh 15 agus 16 á n-úsáid, sainithníonn an duine atá ag déanamh an mheasúnaithe riosca na teimpléid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí ar leith atá ar siúl aige/aici.

Mar shampla, ba chóir go ndéanfaidh gach múinteoir measúnú riosca ar a s(h)eomra ranga féin.

Seomra Ranga

Measúnuithe riosca ginearálta scoile - Dóiteán

Measúnuithe riosca ginearálta scoile - Láimhsiú

Measúnuithe riosca ginearálta scoile - Sciorrthaí, tuislí agus titimí

Measúnuithe riosca ginearálta scoile - Garchabhair

### **Céim 1.**

Ba cheart siúl tríd an limistéar a ndéanfar measúnú air, m.sh. seomra ranga, oifig, ceaintín, clós súgartha is araile, chun na guaiseacha atá ann a shainithint. Ba cheart na teimpléid mheasúnaithe riosca ábhartha a úsáid chun cabhrú le sainithint guaiseacha.

### **Céim 2.**

Bí ag obair tríd an teimpléad bainteach, ó chlé go deas, agus tú ag féachaint ar gach teideal colúin chun an measúnú riosca a chomhlánú.

- Ba cheart go síneodh an duine a rinne an measúnú riosca é agus go gcuirfí dáta leis agus ba cheart go mbeadh na gníomhartha go léir atá fós le cur faoi bhráid san áireamh ann.
- Ba cheart na measúnuithe riosca a chur ar aghaidh ansin chuig an bpríomhoide / duine sainithe / coiste sábháilteachta le bheith comhordaithe, ionas gur féidir plean don scoil uile a fhorbairt le haghaidh na nguaiseacha go léir nach bhfuil rialaithe.

***Féach ar Léaráid 1. ar an gcéad leathanach eile le haghaidh ceannteidil cholúin agus conas iad a léirmhíniú.***

**Guaiseacha** Tá gnáthghuais liostaithe don timpeallacht seo

**An bhfuil an ghuais i láthair?** Cuir Tá nó Níl ar an bhfoirm

**Cén riosca atá i gceist?** Insítear anseo duit cad a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar an nguais

**Rátáil riosca - ard, meán nó íseal:** Tugann sé seo tuairim ghinearálta ar dhéine an riosca mura bhfuil an rialúcháin i bhfeidhm agus cabhraíonn sé leat tosaíochtaí a bhunú chun bearta rialúcháin a chur i bhfeidhm. Córas rátála molta é seo don ghuais. Mar sin féin, ní mór duit aire a thabhairt do chúrsaí a bhaineann le do scoil féin.

Mar shampla, an bhfuil riosca níos mó i gceist má chuirtear an ghuais seo le guaiseacha eile atá sainaitheanta agat i gceantar oibre/seomra ranga faoi leith?

Mura bhfuil an beart rialúcháin i bhfeidhm, cuirtear rátáil riosca i bhfeidhm chun cabhrú leat measúnú a dhéanamh ar an riosca agus liosta gníomhartha tosaíochta a chruthú.

Tá an Rátáil Riosca **ARD**, **MEÁN** nó **ÍSEAL**:

**RÁTÁIL ARDRIOSCA** = Gníomh ardtosaíochta

Má tá roinnt bearta rialúcháin nach bhfuil i bhfeidhm agus go bhfuil rátáil riosca 'Ard', mar shampla, luaite leo, tá an gníomh Tosaíochta atá ag teastáil 'Ard' freisin.

Guaiseacha	An bhfuil an ghuais i láthair? T/N	Cén riosca atá i gceist?	Grádú riosca A = Ard M = Meán Í = Íseal	Rialúcháin (Nuair atá rialúcháin go léir i bhfeidhm laghdófar riosca)	An bhfuil an rialúcháin seo i bhfeidhm?	Gníomh/liosta nithe le déanamh/ rialúcháin le cur i gcrích go fóill  *Baineann an rátáil riosca le rialúcháin atá le cur i gcrích go fóill agus a bhfuil cur síos orthu sa cholún seo	Duine atá freagrach	Síniú agus an dáta a críochnaíodh an gníomh

Measúnú Riosca arna dhéanamh ag:

Dáta:

### Léaráid 1.

**Rialúcháin** Cuireann siad seo in iúl na cineálacha gníomh nach mór a chur i bhfeidhm chun an riosca a dhíchur nó a laghdú.

**An bhfuil an rialúcháin seo i bhfeidhm?** Cuir Tá nó Níl ar an bhfoirm

**Gníomhliosta nithe le déanamh/rialúcháin le cur i gcrích** Más é Tá an freagra a thug tú ar an gceist roimhe seo ansin ní aon gníomh breise ag teastáil. Más é Níl an freagra a thug tú ar an gceist roimhe seo, ansin ní mór duit an gníomh atá molta a scríobh isteach.

**Duine atá freagrach** Scríobh isteach ainmneacha na ndaoine atá freagrach as na gníomhartha a dhéanamh. (Má tá curtha in iúl agat cheana go bhfuil rialúcháin i bhfeidhm atá leanúnach i rith na scoilbhliana, b'fhéidir gur mian leat fós ainm an duine atá freagrach a scríobh anseo. Mar shampla, d'fhéadfadh an múinteoir a bheith ar an duine atá freagrach as beartas sábháilteachta, sláinte agus leasa ar leith a chur ar a súile do na daltaí go rialta mar chuid den rang.)

**Síniú agus an Dáta a Críochnaíodh an Gníomh:** Ní mór dátaí críochnúcháin a chur isteach agus iad sínithe ag an duine a rinne an measúnú riosca, chomh luath is atá an gníomh déanta agus an beart rialaithe i bhfeidhm.

### Céim 3.

- I gcás nach ndéileálann teimpléad measúnaithe riosca le guais/riosca atá sainaitheanta agat, ba chóir é seo a chur isteach i dTeimpléad Measúnaithe Riosca Bán Uimh. 55.
- Sa chás go bhfuil daltaí ann a bhfuil riachtanais speisialta orthu, daltaí nach é an Béarla an chéad teanga acu, nó daltaí a bhíonn á n-iompar féin go dúshlánach, d'fhéadfaí teimpléad breise measúnaithe riosca a chomhlánú.
- I gcás go bhfaightear amach nach bhfuil rialúchán i bhfeidhm, ní mór an colún "Gníomh/liosta nithe le déanamh" a chomhlánú, ag cur na gníomhartha riachtanacha atá ag teastáil chun an ghuais a rialú in iúl. Nuair a chuirtear an beart rialúcháin i bhfeidhm, fanann an rátáil riosca a bhaineann leis an nguais mar an gcéanna. I gcolún an "Duine Fhreagraigh", sanntar freagracht ar dhuine as a chinntiú go bhfuil an rialúchán i bhfeidhm.
- Nuair a chríochnaítear gníomhartha (rialúcháin), ní mór don duine a dhéanann an measúnú riosca nó an duine eile ainmnithe an colún "Síniú agus dáta a comhlánaíodh") a chomhlánú.
- Ní mór na gníomhartha go léir nach féidir leis an duine atá ag déanamh an mheasúnaithe riosca a dhúnadh a chur ar a shúile don duine nó do na daoine cuí, m.sh. príomhoide, airíoch, bord bainistíochta is araile, agus ba chóir plean a chur i bhfeidhm chun a leithéid de ghníomhartha a dhúnadh amach.
- D'fhéadfadh gníomhartha áirithe a bheith ar siúl go leanúnach, agus d'fhéadfaí seo a lua chomh maith sa cholún dar teideal "Síniú agus an dáta a críochnaíodh an gníomh" (féach samplaí de mheasúnuithe riosca críochnaithe ar leathanaigh 15 - 17).
- Má tá an príomhoide nó an coiste sábháilteachta sainithe ag an mbord bainistíochta le gníomhú ar a shon, ní mór don phríomhoide/coiste sábháilteachta athbhreithniú a dhéanamh, agus gníomh riachtanach agus dátaí críochnaithe a shannadh. Ar deireadh, cuireann an bord bainistíochta a n-ainmneacha leis na measúnuithe riosca go léir.
- Is dea-chleachtas é go gcuirtear an plean gníomhaíochta a eascraíonn as an bpróiseas measúnaithe riosca faoi bhráid an bhoird bhainistíochta mar eolas dóibh, agus le haghaidh faomhadh agus gníomhú, pé áit ar gá.

Sampla 1: Teimpléad Measúnaithe Riosca Críochnaithe Ginearálta Scoile. Uimh. 9 Nithe Daltaí

	Tá nó Níl	Má tá, cé na gníomhartha breise a d'fhéadfadh a bheith de dhíth	Duine atá freagrach	Síniú agus an dáta a críochnaíodh an gníomh
An bhfuil daltaí ann atá faoi mhíchumas, lena n-áirítear míchumas coirp, lagamharc, lagú éisteachta, míchumas intleachta nó riocht sláinte mheabhrach?	Y	Déantar measúnú riosca ar oiriúnacht an taisc Cinntigh go dtuigeann na daltaí treoir an mhúinteora Cinntigh nach bhfuil an bealach isteach/amach srianta	Jenny Jones (Múinteoir)	<i>Jenny Jones (05/09/13)</i> <i>(leanúinacht)</i>
An bhfuil daltaí ann nach é an Béarla an chéad teanga acu, agus go bhféadfadh fócas breise a bheith ag teastáil uathu maidir le sábháilteacht, sláinte agus leas?	Y	Cinntigh go dtuigeann na daltaí treoir an mhúinteora  Cuir comharthaíocht in ionaid chúí mar a ordóidh an múinteoir	Jenny Jones (Múinteoir)  Bob Burke (Feighlí) Jenny Jones (Múinteoir)	<i>Jenny Jones (05/09/13)</i> <i>(leanúinacht)</i>  <i>Bob Burke (05/09/13)</i> <i>Jenny Jones (04/09/13)</i>
An bhfuil daltaí ann a bhíonn á n-iompar féin go dúshlánach a d'fhéadfadh cur leis an bhféidearthacht go dtarlódh díobháil?	Y	Forbair beartas scoile chun iompar dúshlánach a láimhseáil agus cuir an beartas ar a súile do na fostaithe go léir.	Tom Tuohy (Príomhoide)	<i>Tom Tuohy (05/09/13)</i>

Measúnú Riosca arna dhéanamh ag: *Jenny Jones*

Dáta: *05 / 09 / 13*

© Gach ceart ar cosaint

## Sampla 2: Measúnú críochnaithe riosca don Scoil Ghinearálta - Uimh. 28 Láimhsíú

Guaiseacha	An bhfuil an ghuais i láthair?  T/N	Cén riosca atá i gceist?	Grádú riosca A = Ard M = Meán Í = Íseal	Rialúcháin (Nuair atá rialúcháin go léir i bhfeidhm laghdófar riosca)	An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm?	Gníomh/liosta nithe atá le déanamh/ rialúcháin atá le bheith curtha i gcrích go fóill  *Baineann an rátáil riosca le rialacháin atá le cur i gcrích go fóill agus a bhfuil cur síos orthu sa cholún seo	Duine atá freagrach	Síniú agus an dáta a críochnaíodh an gníomh
Iompar ualaí troma, m.sh. airíoch ag iompar ualach trom chuig stórtha  Mar shampla cuir an cheist seo:  An bhfuil an meáchan róthrom?  An bhfuil an t-ualach rómhór?  An bhfuil an cruth liobarnach nó do-láimhsithe?	Y	Gortú droma nó géige uachtaraí  Saothar coirp rómhinic nó rófhadtréimhseach a bhaineann go háirithe leis an dromlach	A	Nuair atá stoc á cheannach mar chomhábhair chré, tógtar na meáchain treoirilínte san áireamh agus ceannaigh earra níos lú nuair is féidir, m.sh.mála cré 5kg in ionad mála 12.5kg	√	Ní gá aon ní a dhéanamh	Tom Tuohy (Príomhoide)	
			A	Úsáidtear tralaí cuí chun ualaí troma a iompar	√	Ní gá aon ní a dhéanamh	Tom Tuohy (Príomhoide)	
			A	Tugtar treoir chuí don fhoireann ar an gcaoi le hualaí a ardú go sábháilte ar agus ón trucail	√	Ní gá aon ní a dhéanamh	Tom Tuohy (Príomhoide)	
Ualach trom a ardú os cionn na nguailí, m.sh. ardú trealamh taispeána	N	Gortú droma nó géige uachtaraí	A	Déantar stóráil trealamh a dtagann daoine air go minic a eagrú sa chaoi go stóráiltear na nithe is troime ar na seilfeanna láir seachas ar an urlár, nó os cionn airde guaillí.	√	Ní gá aon ní a dhéanamh	An fhoireann ar fad bainteach	
Gortú a tharla mar gheall ar easpa eolais, treorach nó oiliúna um thascanna láimhsithe a chríochnú mar is cuí	N	Gortú droma nó géige uachtaraí	A	Déan measúnú riosca ar thascanna roimh láimhsíú agus cinntigh go gcuireann teagascóir inniúil oiliúint ar an bhfoireann, pé áit ar gá	√	Ní gá aon ní a dhéanamh	Tom Tuohy (Príomhoide)	



## Sampla 2: Measúnú críochnaithe riosca don Scoil Ghinearálta ar leanúint - Uimh. 28 Láimhsiú

Guaiseacha	An bhfuil an ghuais i láthair? T/N	Cén riosca atá i gceist?	Grádú riosca A = Ard M = Meán Í = Íseal	Rialúcháin (Nuair atá rialúcháin go léir i bhfeidhm laghdófar riosca)	An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm?	Gníomh/liosta nithe atá le déanamh/ rialúcháin atá le bheith curtha i gcrích go fóill  *Baineann an rátáil riosca le rialacháin atá le cur i gcrích go fóill agus a bhfuil cur síos orthu sa cholún seo	Duine atá freagrach	Síniú agus an dáta a críochnaíodh an gníomh
Droch-bhainistí, m.sh. glantóir ag baint úsáide as trealamh glanta urláir	Y	Staidiúir lúbtha amscáí atriallach as a dtiocfaidh gortú	A	Tá píobán an fholúsghlantóra sínte go dtí an fad ceart ionas nach mbeidh gá le staidiúir lúbtha amscáí nach bhfuil riachtanach	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	An fhoireann ar fad bainteach	
		Droch-shúchán san fholúsghlantóir as a dtiocfaidh saothar coirp ró mhinic	A	Tá an trealamh glanta in ord maith oibre agus déantar é a dheisiú nó a athsholáthar nuair is gá	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	Tom Tuohy (Príomhoide)  Cuideachta Ghlanadh ar Conradh	
Ag iompar ualaí thar achar fada, m.sh. stóráil soláthair ranga amhail ábhair don seomra Ealaíne	Y	Straidhn droma, teasc sciortha, heirne	A	Atheagraigh an limistéar oibre chun a chinntiú go stóráiltear ábhair gar don áit ina n-úsáidtear iad nó faigh áis láimhsithe	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	Gach ball foirne	
Ag sá/tarraingt earraí troma nó amscáí	Y	Straidhn droma, teasc sciortha, heirne	A	Tra láí cuí curtha ar fáil chun earraí a aistriú	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	Tom Tuohy (Príomhoide)	
			A	Déantar earraí níos éadroime nó níos lú nuair is féidir	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	Gach ball foirne	
			A	Iarrann daoine cabhair agus iad ag aistriú earraí troma	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	Gach ball foirne	
			A	Tógtar aon rud a d'fhéadfadh bheith ina bhac as an mbealach	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	Gach ball foirne	
			A	Roghnaigh an bealach is fearr chun earraí a aistriú, go háirithe nuair a d'fhéadfadh leibhéal an urláir athrú ó áit go háit agus go gcaithfear an t-ualach a láimhsiú ar leibhéil éagsúla, m.sh. úsáid a bhaint as rampa	✓	Ní gá aon ní a dhéanamh	Gach ball foirne	

Má tá gá le gníomh **Ardriosca (A)** amháin nó níos mó, d'fhéadfadh an riosca díobhála a bheith go hard ansin agus ba chóir gníomh láithreach a dhéanamh. Ba chóir déileáil le gníomhartha **Meánriosca (M)** chomh luath agus is féidir. Ba chóir déileáil le gníomhartha **Riosca Ísil (I)** chomh luath is atá sé praiticiúil.

© Gach ceart ar cosaint

Measúnú Riosca arna dhéanamh ag: Jenny Jones

Dáta: 05 / 09 / 13

# Clár ábhar teimpléid Mheasúnaithe Riosca

	Leathanach	Teimpléad
<b>Seomra Ranga</b>		
Sleamhnú, Coir Choise agus Titim	20	1
Deochanna	24	2
Fearais Iniompartha Leictreacha	25	3
Sceana agus Gearrthóirí	27	4
Gnéithe Ginearálta	28	5
<b>Nithe Ginearálta Scoile</b>		
Sleamhnú, Tuislí agus Titim sa Chlós Súgartha	30	6
Teagmhas Tinnis/Gortaithe Thobainn sa Chlós Súgartha	31	7
Iompar Ionsaitheach nó Foréigneach sa Chlós Súgartha	32	8
Gnéithe na nDaltaí	33	9
Garchabhair	34	10
Riar Leigheasanna	36	11
Dóiteán – Seomra Ranga	37	12
Dóiteán – Ócáidí	39	13
Carrchlós	43	14
Teacht Isteach/Dul Amach Ginearálta	45	15
Loga Cuairteoirí	46	16
Fágáil agus Tógáil	47	17
Ríomhairí	48	18
Seomra Foirne	49	19
Bulaíocht	50	20
Strus	51	21
Iompar Ionsaitheach in aghaidh ball foirne	52	22
Cuairteanna Baile ag múinteoir Teagmhála Baile/Scoile nó duine eile	53	23
Fostaí torrach / iarbhreithe / ag tabhairt cíche dá leanbh	54	24
Múinteoir Amháin	55	25
Oibrí aonair	56	26
Torann	58	27
Láimhsiú	59	28
Ardáin, Ardaitheoirí	62	29
Radón	63	30
Múscán	64	31
Aispeist	66	32
Legionella	68	33

# Clár ábhar na dteimpléad measúnaithe riosca (ar leanúint)

	Leathanach	Teimpléad
<b>Seomra Ilfhóinteach</b>		
Aclaíocht	70	34
Cuailí	71	35
Ócáidí Speisialta	73	36
<b>Gníomhaíochtaí Eile</b>		
Turais Scoile	74	37
Gníomhaíocht eachtraíochta allamuigh	76	38
<b>Glantachán</b>		
Glanadh – Gnéithe Ginearálta	78	39
Substaintí Guaiseacha	80	40
Dlúthóir agus Burlaire Dramhaíola	82	41
Obair ar Airde – Dréimírí	83	42
Leithris agus Cithfholcadáin	85	43
<b>Cothabháil (airígh, conraitheoirí, srl.)</b>		
Cothabháil – Gnéithe Ginearálta	87	44
Conraitheoirí Foirgníochta	91	45
Cothabháil Tarracóirí	92	46
Teach Coire agus Tancanna Breosla	96	47
Gearradh Féir/Lomaire Marcaíochta	98	48
Leicneán Brú	100	49
Ciumhaisire	102	50
Dlúthóir agus/nó Burlaire Dramhaíola	104	51
Obair ar Airde – Dréimírí	106	52
<b>Ceaintín</b>		
Ceaintín – Gnéithe Ginearálta	108	53
Obair le Táirgí Ceimiceacha	110	54
<b>Teimpléid Bhána le haghaidh Úsáid Ghinearálta</b>	<b>111</b>	<b>55</b>

**Seomra Ranga - Uimh.1 Sleamhnú, Tuislí agus Titim (Liostaigh guaiseacha, rioscaí agus rialúcháin bhreise ar leith a bhaineann le do scoilse, le teimpléad bán uimh. 55)**

Guaiseacha	An bhfuil an ghuais i láthair? T/N	Cén riosca atá i gceist?	Grádú riosca A = Ard M = Meán Í = Íseal	Rialúcháin (Nuair atá rialúcháin go léir i bhfeidhm laghdófar riosca)	An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm?	Gníomh/liosta nithe le déanamh/rialúcháin le cur i gcrích go fóill *Baineann an rátáil riosca le rialacháin atá le cur i gcrích go fóill agus a bhfuil cur síos orthu sa cholún seo	Duine atá freagrach	Síniú agus an dáta a críochnaíodh an gníomh
Doirteadh, m.sh. Doirteadh leachtanna, deochanna, ábhair ealaíne/ cheardaíochta		Gortú mar gheall ar shleamhnú, tuisliú, titim	A	Déantar déileáil le doirteadh ar an bpointe boise				
			A	Úsáidtear éadach ionsúiteach chun an doirteadh a ionsú				
			A	Bíonn éadaí ionsúiteacha suite gar do limistéir ina bhfuil ardriosca doirte				
Limistéir ardriosca sciortha agus tuislithe		Gortú de bharr sleamhnú, tuisliú nó titim	A	Aithnítear agus déileáiltear le limistéir ardrioscaí sciortha, tuislithe agus titime				
Stóráil neamhleor trealamh scoile agus sealúcháis phearsanta		Gortú de bharr sleamhnú, tuisliú nó titim	A	Stóráiltear trealamh scoile go slachtmhar				
			A	Stóráiltear málaí scoile go slachtmhar				
			A	Cuirtear sealúchas na ndaltaí ar chrúcaí, cuirtear i dtaisceadáin é, nó faoi dheasca go sábháilte				
			A	Coinnítear urláir agus bealaí teachta glan				

**Seomra Ranga - Uimh.1 Sleamhnú, Tuislí agus Titim ar leanúint (Liostaigh guaiseacha, rioscaí agus rialúcháin bhreise ar leith a bhaineann le do scoilse, le teimpléad bán uimh. 55)**

Guaiseacha	An bhfuil an ghuais i láthair?	Cén riosca atá i gceist?	Grádú riosca A = Ard M = Meán Í = Íseal	Rialúcháin (Nuair atá rialúcháin go léir i bhfeidhm laghdófar riosca)	An bhfuil an rialúchán seo i bhfeidhm?	Gníomh/liosta nithe le déanamh/rialúcháin le cur i gcrích go fóill  *Baineann an rátáil riosca le rialacháin atá le cur i gcrích go fóill agus a bhfuil cur síos orthu sa cholún seo	Duine atá freagrach	Síniú agus an dáta a críochnaíodh an gníomh
T/N								
Mataí nó rugaí atá feistithe go neamhleor		Gortú de bharr sleamhnú, tuisliú agus titim	A	Deartar/suiteáiltear mataí agus rugaí i gceart				
			A	Úsáidtear mataí troma de réir mar is gá				
			A	Bíonn mataí cuasaithe san urlár pé áit ar féidir				
			A	Úsáidtear imill ualaithe pé áit ar féidir nó bíonn na himill feistithe san áit a bhfuil siad				
Limistéir a bhíonn fliuch go leanúnach go minic		Gortú de bharr sleamhnú, tuisliú agus titim	A	Aithnítear gach limistéir a bhíonn fliuch go leanúnach go minic				
			A	Tá draenáil áitiúil imleor ann				
Limistéir eatraimh (Is ionann limistéir eatraimh agus limistéir ina bhfuil athrú tobann ar leibhéal an ghreama)		Gortú de bharr sleamhnú, tuisliú agus titim	A	Aithnítear limistéir ina mbíonn coisithe ag bogadh idir dhromchlaí ar a bhfuil leibhéil ghreama atá an-difriúil, m.sh. ó dhromchla fliuch go dromchla tirim nó a mhalairt				
			A	Déantar réamhchúraimí chun róthaise a bhaint ó choisbheart				
			A	Deartar agus suiteáiltear mataí i gceart				

**Seomra Ranga - Uimh.1 Sleamhnú, Tuislí agus Titim ar leanúint (Liostaigh guaiseacha, rioscaí agus rialúcháin bhreise ar leith a bhaineann le do scoilse, le teimpléad bán uimh. 55)**

